# Tuarascáil Bhliantúil
## 2025

Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



*Na torthaí is fearr do chách a chumasú*



# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| **Réamhrá ón gCathaoirleach** | **2** |
| **Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach** | **4** |
| **Spléachadh ar 2025** | **8** |
| **Cé Sinne** | **10** |
| **Príomhthorthaí** | **14** |
| 1. Fócas ar Sheirbhís | 14 |
| 2. Éifeacht treoraithe ag an bhfianaise | 37 |
| 3. Rialachas agus Éifeachtacht Eagraíochta | 58 |
| 4. Daoine | 69 |
| **Ráitis Airgeadais** | **74** |
| **Aguisíní** | **76** |

# Réamhrá ón gCathaoirleach



**Martin O'Halloran**
*Cathaoirleach*

Leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo an obair a rinne HIQA in 2025 chun torthaí níos fearr a bhaint amach maidir le seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta do gach duine. Is í an tuarascáil seo ár gcéad cheann faoi Phlean Corparáideach 2025-2027. Tá struchtúr na Tuarascála Bliantúla bunaithe ar na ceithre Thoradh níos fadtéarmaí a leagtar amach inár bPlean Corparáideach agus deartar í chun béim a leagan ar a mbealach ina n-imríonn obair HIQA dea-thionchar intomhaiste ar mhuintir na hÉireann.

Leagtar amach inár bPlean Corparáideach nua treoir shoiléir agus uaillmhianach don eagraíocht sna trí bliana ag le teacht. Sa Phlean Corparáideach, táimid ag díriú níos mó ar na fíorthorthaí atáimid ag iarraidh a bhaint amach do mhuintir na hÉireann. Trí thacú le beartas fianaisebhunaithe, rialachán agus feabhsúchán leanúnach, cuirtear creat láidir ar fáil sa phlean chun ár gcuid oibre a stiúradh agus chun a chinntiú go leanann HIQA de bheith ag dul i ngleic le dúshláin a thagann chun cinn agus ag freastal go héifeachtach ar riachtanais shíorathraitheacha an phobail.

B'údar mór bróin orm gur cailleadh an duine a tháinig romham sa phost seo, an tOllamh Pat O'Mahony, gan choinne in 2025. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do cheannaireacht iontach Pat i bhfianaise gur thug sé treoir do HIQA le linn tréimhse athruithe suntasacha inar mhéadaigh an eagraíocht agus inar ghlac sí cúraimí nua uirthi féin.  Cara agus comhghleacaí iontaofa ab ea é i ndomhan an rialacháin.

Is onóir mhór dom a bheith i gceannas ar HIQA is mé mar an ceathrú Cathaoirleach air ag am cinniúnach don eagraíocht, agus sinne ag leanúint orainn ag glacadh feidhmeanna nua orainn féin, mar thoradh ar rialachán, beartas agus tosaíochtaí náisiúnta agus AE atá ag teacht chun cinn. Is iad na réimsí nua atá beartaithe a thiocfaidh faoinár gcúram ná rialáil soláthraithe tacaíochta baile, ceadúnú cúraim sláinte agus maoirseacht a dhéanamh ar ullmhacht an chórais sláinte do bhagairtí seachtracha ar sholáthar cúraim sláinte agus shóisialta chriticiúil.

Sa mhullach air sin, beidh tionchar mór ar ról HIQA ag an mBille um Fhaisnéis Sláinte lena mbeartaítear úsáid agus inrochtaineacht faisnéise sláinte a chur chun cinn agus riachtanais a mhéadú i dtaca le measúnú ar theicneolaíocht sláinte. Léiríonn an méadú ar ár ról sna réimsí seo an iontaoibh a chuirtear in HIQA mar rialaitheoir neamhspleách, ach chomh maith leis sinn an méadú atá ag teacht ar chastacht an chórais cúraim sláinte agus shóisialta. Ag an am céanna, mar thoradh ar an dul chun cinn sa ríomhshláinte, rialachas sonraí agus cibearshlándáil, tá an chaoi a bhfeidhmíonn seirbhísí agus a dtéann daoine i dteagmháil leis an gcóras sláinte á hathmhúnlú, rud a chruthaíonn deiseanna agus rioscaí nua araon. Le linn 2025, rinneamar obair ullmhúcháin i ngach aon cheann de na réimsí seo, lenar chinntíomar go bhfuil tacaíocht ag na nuálacha seo ó chórais láidre rialacháin.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl d'fhoireann thiomanta HIQA as a ngairmiúlacht, a dtiomantas, agus a n-athléimneacht i gcaitheamh na bliana. Lena gcuid oibre, leanann siad de shábháilteacht, cáilíocht agus iontaoibh a láidriú atá mar bhonn taca lenár gcórais cúraim sláinte agus shóisialta, agus is mór an phribhléid í tacú le bhur gcuid iarrachtaí. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird eile as ucht a dtreorach agus a dtacaíochta buaine le linn dom ról an Chathaoirligh a thógáil orm féin. Ní féidir luach a chur ar a saineolas coiteann ná ar a gcomhoibriú cabhrach, agus is mór agam an spiorad foirne atá mar dhlúthchuid dár mBord agus den eagraíocht trí chéile.

Tá muinín agam as an eagraíocht seo, as a foireann, a luachanna agus a misean agus as a cumas chun fíorthionchar dearfach a imirt orthu siúd a úsáideann seirbhísí sláinte agus sóisialta. Is pribhléid í an deis a bheith agam HIQA a stiúradh le linn na tréimhse seo, ina bhfuil athruithe agus fás suntasacha.



**Martin O'Halloran**
*Cathaoirleach*

# Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



**Angela Fitzgerald**
*Príomhfheidhmeannach*

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2025 HIQA.

Ba mhaith liom fáilte chroíúil a chur roimh cheapachán Martin O'Halloran mar chathaoirleach ar an mBord in 2025, agus gach rath a ghuí air agus é i mbun a róil. Tá saineolas domhain agus tiomantas láidir do sheirbhís phoiblí ag Martin, agus táim ag tnúth go mór le hobair leis agus sinn ag leanúint orainn HIQA a bhrú chun cinn chun a mhisean a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom chomh maith ómós a thabhairt don Ollamh Pat O'Mahony a d'imigh ar shlí na fírinne i mí Lúnasa 2025. Ina cháil mar Chathaoirleach ar HIQA, bhí ceannaireacht agus fócas straitéiseach Pat, chomh maith lena chur chuige socair, staidéarach, riachtanach do rath HIQA lena linn, ag am inar tháinig méadú leathan ar ár gcúraimí. Ba mhór ag an bhFeidhmeannas agus ag an mBord, a ghrinneas, a ghaois agus a thacaíocht gan staonadh do HIQA. Ar leibhéal pearsanta, cara iontaofa ab ea Pat, a bhí ina fhoinse láidreachta agus ina chomhairleoir luachmhar. Airíonn gach duine a raibh sé de phribhléid acu aithne a chur ar Pat agus bheith ag obair leis é go mór uathu.

Tá Tuarascáil Bhliantúil na bliana i gcomhréir le Plean Corparáideach 2025-2027 atá againn agus cuirtear é i láthair faoi na ceithre Thoradh atáimid ag iarraidh go mbainfear amach ar son mhuintir na hÉireann trí shocrú caighdeánach, rialáil agus fianaise chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht.

Chun cúram agus tacaíocht shábháilte agus chomhtháite a chumasú, úsáidimid ár lionsa rialála chun feabhsuithe a chur chun cinn i dtaca le cúram agus tacaíocht shábháilte agus éifeachtach. Príomhréimse fócais is ea rialú, bainistíocht, ceannaireacht agus cultúr, mar is iad seo bunchloch cúraim shábháilte agus éifeachtaigh. Inár n-athbhreithniú ar rialachas ionphlanduithe míochaine in Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ) rinneadh moltaí tábhachtacha le haghaidh SLÉ agus seirbhísí cúraim sláinte náisiúnta araon maidir le rialachas corparáideach agus cliniciúil laistigh d'ospidéil chun maoirseacht chliniciúil a chinntiú nuair a thugtar idirghabhálacha nua isteach agus go ndéantar maoirseacht shábháilte agus éifeachtach orthu. Bhí taithí dhíreach na dteaghlach a raibh tionchar ag spriongaí gan mharc CE i máinliacht orthu mar bhonn eolais faoin tuarascáil, agus táimid buíoch díobh as a bheith rannpháirteach inár n-athbhreithniú.

Le linn 2025, chuireamar tús le dianfhreagairt rialála ar an gclár RTÉ Investigates, inar léiríodh go raibh sraith de lochtanna ann i gcás dhá theach altranais a bhí faoi úinéireacht oibreora amháin. I gcroílár na ceiste seo tá an dualgas ar gach soláthraí cúraim na socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm le bheith cinnte faoi cháilíocht agus sábháilteacht cúraim agus go bhfuil cearta daonna á seasamh. D'iarr an tAire Stáit le freagracht as Daoine Scothaosta athbhreithniú neamhspleách ar éifeachtacht an chreata rialála agus reachtaíochta um thithe altranais a imscrúdú. Trí chomhaontú leis an Aire, cuireadh an t-athbhreithniú neamhspleách ar aghaidh chuig ár n-iniúchóirí seachtracha anuraidh agus táimid ag tnúth lena moltaí. Mar eagraíocht foghlama, táimid tiomanta chun breathnú de shíor ar an mbealach inar féidir linn ár bpróiseas agus cur chuige rialála a neartú chun a chinntiú go gcoinníonn soláthraithe na háitritheoirí sábháilte, go dtugann siad aire mhaith dóibh agus go bhfuil siad lánsásta agus iad faoi chúram cónaithe.

I mbliana, rinneadh céim shuntasach chun cinn i dtaca le trédhearcacht, cuntasacht agus sábháilteacht othar a neartú ar fud na hearnála cúraim sláinte nuair a foilsíodh ár gcéad tuarascálacha cigireachta ar cháilíocht is ar shábháilteacht ospidéal príobháideach. Tháinig sé seo sna sála ar leathnú ár gcumhachtaí rialála chuig seirbhísí sláinte príobháideacha faoin Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023.

Mar chuid de ról HIQA tacú le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, chuireamar comhairle ar an Rialtas i dtaobh na riachtanas a bhaineann le seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a chur ar fáil i réigiún FSS an Iarthair Láir ar bhonn inmharthana. Inár n-athbhreithniú, tarraingíodh aird ar an ngá a bhí le gníomhaíocht agus infheistíocht

láithreach chun dul i ngleic leis na rioscaí reatha atá ann do shábháilteacht othar san achar ama is giorra agus ar an mbealach is sábháilte, chomh maith le saincheisteanna níos fadtéarmaí don réigiún. Ghlac an Rialtas go hiomlán lenár gcomhairle agus tá plean cuimsitheach don réigiún á chur i bhfeidhm acu.

Léirítear inár measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus inár n-aschuir sintéisithe fianaise an tiomantas is againne chun a chinntiú go bhfuil beartais agus idirghabhálacha sláinte in Éirinn bunaithe ar anailís mhion neamhspleách ar an éifeachtacht chliniciúil agus na costais tairbhe ag leibhéal an daonra. Cinntítear leo freisin, go gcuirtear deischostais san áireamh i gcinntí infheistíochta i gcomhthéacs acmhainní freasúla do sheirbhísí criticiúla.

I mí an Mhárta 2025, chuireamar fáilte roimh an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) mar phríomhfheidhm de chuid HIQA. Aithnítear go forleathan saineolas NIAC chomh maith leis an obair atá déanta aige ar son sláinte phoiblí in Éirinn, agus leis an gcomhtháthú seo, neartaítear ár dtiomantas coiteann do threoir fhianaisebhunaithe i dtaca le himdhíonadh. Le linn 2025, rinneamar dul chun cinn suntasach freisin maidir leis an gcóras faisnéise sláinte in Éirinn a neartú trí oibriú go dlúth leis an Roinn agus le comhpháirtithe Eorpacha chun tacú le cur i bhfeidhm an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte in Éirinn. Céim thábhachtach is ea í seo chun a chinntiú go bhfuil Éire réidh chun an buntáiste is mó a bhaint as bonneagar sonraí Eorpach atá níos ceangailte, níos sláine agus níos otharláraithe.

Ar fud na tuarascála, feicfidh tú conas a fhéachaimid le teagmháil a dhéanamh le daoine a úsáideann seirbhísí agus tarraingt ar a dtuairimí chun bonn eolais a chur faoinár n-obair agus í a mhúnlú. San áireamh leis seo, tá eispéiris na mban sa Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas Máithreachais, rud a thug léargas soiléir dúinn ar na feabhsúcháin fhollasacha a cuireadh i bhfeidhm i gcúram máithreachais ó shuirbhé 2020, chomh maith le béim a chur ar na réimsí a bhfuil feabhsú de dhíth orthu. Tá struchtúir fhoirmiúla i bhfeidhm chun rannpháirtíocht éifeachtach ó othair agus ón bpobal trí chéile inár n-obair thaighde a chumasú, agus reáchtálamar comhdháil i mí na Samhna 2025 chun lucht ceaptha beartais, rialtóirí agus soláthraithe cúraim sláinte a thabhairt le chéile chun an rud is tábhachtaí d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí a phlé.

Tá sé mar aidhm againn a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta éifeachtach lena mbrúitear tionchair dhearfacha do gach duine chun cinn. Chun tacú leis seo, tá Straitéis Dhigiteach agus Bunathraithe Sonraí á cur chun cinn againn a bhfuil sé mar aidhm inti úsáid teicneolaíochta agus anailísíocht sonraí a bharrfheabhsú inár gcuid oibre. Le linn 2025, d'éirigh linn córas bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm agus chomh maith leis sin sheolamar an chéad chéim dár gcóras rialaithe nua.

An bhliain seo caite, sheolamar ár gcéad Straitéis Daoine agus Cultúir, lena dtreorófar conas a chumasóimid ár bhfoireann theoranta trí ionad oibre ionchuimsitheach, tacúil agus ardfheidhmíochta a chothú. Mar eagraíocht, táimid tiomanta go hiomlán chun timpeallacht oibre dhearfach a choinneáil a thacaíonn lenár ndaoine agus é d'aidhm againn leanúint ag obair chun fostóir den scoth a dhéanamh de HIQA. Táimid dírithe ar chultúr inbhuanaitheachta agus éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsithe a dhaingniú, agus ár spriocanna laghdaithe carbóin a chomhlíonadh agus a shárú.

Gabhaim buíochas ó chroí lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár soláthraithe seirbhíse, eagraíochtaí tathanta agus seirbhísí daoine a d'oibrigh agus a thacaigh linn ar fud 2025. Chomhoibríomar go láidir agus go héifeachtach leis an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, an Roinn Dlí agus Cirt agus ranna Rialtais eile, FSS, Tusla, agus gníomhaireachtaí Stáit eile. Bhí na teagmhálacha seo bunriachtanach chun ár bhfís chomhroinnte a chur chun cinn i dtaca leis na torthaí is fearr agus is féidir a chumasú do mhuintir na hÉireann.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord HIQA as a gceannaireacht, treoir agus tacaíocht agus lenár bhfoireann as a dtiomantas iontach agus a bpaisean i dtaca lenár misean a chur i gcrích.



**Angela Fitzgerald**
*Príomhfheidhmeannach*

# Aitheasc Ómóis don Ollamh Pat O'Mahony




Fuair ár gCathaoirleach uasal, an tOllamh Pat O'Mahony, bás go tobann i mí Lúnasa 2025. D'oibrigh Pat mar Chathaoirleach ar Bhord HIQA ó 2018. Faoina cheannaireacht, d'athraigh an eagraíocht go mór de réir mar a leathnaigh a raon feidhme agus ról dlíthiúil.

Bhí Pat go láidir den tuairim go raibh sé tábhachtach go bhfanfadh HIQA ábhartha, ach ag an am céanna, ní dhearna sé riamh dearmad ar chúis ár mbunaithe — chun cúram níos sábháilte, níos fearr a chinntiú do dhaoine. Tá tús áite do dhaoine inár gcuid oibre daingnithe sna luachanna a leagtar amach inár bPlean Corparáideach agus thacaigh Pat leis na luachanna sin le linn a thréimhse in HIQA.

Am dúshlánach ab ea paindéim COVID-19 don tír agus do HIQA. De réir mar a chuamar in oiriúint do na dúshláin sin, thacaigh Pat linn chun a chinntiú gur leanamar orainn ag daingniú agus ag cumasú cultúr eagraíochta a chuireann barr feabhais chun cinn.

Bhí Pat go láidir ar son comhoibriú dlúth agus rannpháirtíocht straitéiseach leis na príomhpháirtithe leasmhara, bídís ina ranna Rialtais, comhghleacaithe sna hearnálacha sláinte agus rialála nó úsáideoirí seirbhíse chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid oibre bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar thaithí saoil na ndaoine a úsáideann seirbhísí. Lárnach ina chur chuige ceannaireachta a bhí dúil Pat chun tús áite a thabhairt do dhaoine inár gcuid oibre, agus bhí sé fial flaithiúil i gcónaí ag roinnt a chuid ama, gaoise agus taithí. Aireoidh gach duine in HIQA é uathu.

# Spléachadh ar 2025

Seoladh **Phlean Corparáideach 2025-2027**

Seoladh **Straitéis Daoine agus Cultúir 2025-2027**

**2,116** cigireacht ar sheirbhísí sláinte, cúraim shóisialta agus cosanta idirnáisiúnta

D'fhreagair **3,354** bean an Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas Máithreachais

**56,908** píosa faisnéise a iarradh chomh maith le fógra faighte faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

**2,028** píosa aiseolais faighte faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ó chónaitheoirí, ó theaghlaigh, ó bhaill foirne agus ón bpobal

**144** teagmhas infhógartha faighte faoi Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha) 2023

**1,121** freagróir ar an gcomhairliúchán chun eolas a dhéanamh d'athbhreithniú neamhspleách maidir le ceapadh agus soláthar seirbhísí cúraim sláinte práinneacha agus éigeandála in FSS an Iarthair Láir

**19 moladh** chun feabhas a chur ar rialachas agus ar mhaoirseacht ar ionphlanduithe míochaine i ndiaidh athbhreithniú ar Shláinte Leanaí Éireann

**31 Márta 2025** feidhm de chuid HIQA déanta den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC)

**200**
duine i láthair ag comhdháil a d'óstáil CICER 'Ár gCóras Sláinte, Ár nGuthanna: Cur Chuige Fianaisebhunaithe don Chúram Sláinte'

**24**
measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus foilseachán sintéisithe fianaise

**1,300+**
duine i láthair ag imeachtaí ar fud na tíre do sholáthraithe tithe altranais agus seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas

**280+**
duine i láthair ag seimineár gréasáin 'Secondary use of data under the European Health Data Space Regulation' i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus an Roinn Sláinte

**90,465**
cur i gcrích de chúrsaí foghlama ar líne ar chaighdeáin agus treoir náisiúnta

**132**
ról earcaithe ar fud HIQA

**9**
gcomhairliúchán a tionóladh leis an bpobal chun eolas a dhéanamh dár gcuid oibre

**Coinníodh**
Creidiúnú Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) don chóras bainistíochta cáilíochta, ISO 9001:2015

**Coinníodh**
Creidiúnú Platanaim na scéime Sármhaitheasa Trí Dhaoine ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

# Cé Sinne

**Is é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) an comhlacht neamhspleách a chuireann sábháilteacht agus cáilíocht chun cinn i soláthar seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn.**

Le rialú, socrú caighdeán agus fianaise chun bonn eolais a chur faoi fheidhmeanna cinnteoireachta, tacaímid le seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta chun sárchaighdeáin chúraim a sholáthar go comhsheasmhach agus chun na torthaí cúraim sláinte agus shóisialta is fearr is féidir a chur ar fáil do chách.

## Ár bhFís, Misean agus Luachanna

### Fís

Soláthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta caighdeáin chúraim den chéad scoth agus na torthaí is fearr is féidir do mhuintir na hÉireann i gcónaí

### Misean

Chun na torthaí sláinte agus cúraim shóisialta is fearr do gach duine a chur ar chumas na seirbhísí, trí chinnteoireacht, socrú caighdeán agus rialacháin atá treoraithe ag an bhfianaise

Tá an eagraíocht treoraithe ag ár Luachanna, agus is ionann na luachanna sin agus féiniúlacht agus prionsabail HIQA. Téann siad i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanaimid gnó agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaímid le gach páirtí leasmhar inmheánach agus seachtrach.

## Luachanna HIQA




### Cearta Daonna

**Cuirimid cearta daonna chun cinn agus cosnaímid iad**

Creidimid gur ceart cearta agus dínit gach duine atá ag idirghníomhú le hearnálacha cúraim sláinte agus shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint. Ba cheart go dtacaíonn cleachtais le cearta daonna agus go gcruthaíonn siad timpeallacht ina mothaíonn gach duine go bhfuil ardmheas léirithe orthu. Déanann an gealltanas sin atreisiú ar ról HIQA i leith na cearta sin a chosaint i ngach gníomhaíocht atá déanta againn.

### Daoinedhírithe

**Is mór againn riachtanais na ndaoine lena n-oibrímid agus na ndaoine dá n-oibrímid**

Is mór againn riachtanais na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bhfoirne. Tacaímid le soláthar seirbhísí a chomhlíonann riachtanais na ndaoine atá á n-úsáid. Anuas air sin, cothaímid timpeallacht ionchuimsitheach thacúil lena n-áirithítear go dtugtar aird ar gach tuairim agus go ndéantar machnamh orthu.

### Cóir, Oibiachtúil agus Cothrom

**Táimid cóir, oibiachtúil agus cuí inár n-obair**

Tá ár n-imeachtaí oibre oibiachtúil, cóir agus cuí agus treoraithe ag an bhfianaise. Creidimid i gcóir chomhionann ar fud na n-earnálacha cúraim sláinte agus shóisialta agus in ionracas maidir le cleachtas rialála.



### Oscailte agus Freagrach

**Cuirimid an chaoi a n-oibrímid agus torthaí ár n-oibre in iúl**

Táimid trédhearcach inár n-obair agus cuirimid ár bpróisis, ár modheolaíochtaí agus ár dtorthaí in iúl. Trína bheith oscailte agus trédhearcach, cothaímid muinín an phobail agus spreagaimid rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus léirímid freagracht inár n-oibríochtaí.



### Barrfheabhas

**Déanaimid ár ndícheall bheith nuálach agus caighdeán ár gcuid oibre a fheabhsú**

Déanaimid ár ndícheall an caighdeán is airde a bhaint amach i ngach gníomhaíocht agus déanfaimid iarracht i gcónaí bheith nuálach agus ár gcuid oibre a fheabhsú. Creidimid go mbeidh, i ndeireadh na dála, leas na ndaoine a mbaineann úsáid as seirbhísí mar thoradh ar thacú le barrfheabhas inár gcuid oibre.



### Cáilíocht

**Tacaímid le feabhsú leanúnach cáilíochta le haghaidh daoine a úsáideann ár seirbhísí**

Táimid dírithe ar thionscnaimh a thacaíonn le feabhsú leanúnach cáilíochta, agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar sholáthar cúraim trí chultúr na foghlama agus na forbartha. Cinntíonn an gealltanas sin go bhforbraíonn seirbhísí chun riachtanais an duine aonair agus an phobail a chomhlíonadh.



### Comhoibríoch

**Oibrímid i gcomhar le gach comhghleacaí agus gach páirtí leasmhar**

Oibrímid i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse, comhlachtaí rialtais, daoine ag úsáid seirbhísí agus an pobal. Is mór againn saineolas agus comhpháirtithe comhroinnte. Cuireann an cur chuige comhoibríoch sin feabhas ar éifeachtacht tionscnamh agus cuireann sé smaoineamh comhtháite chun cinn ar fud an tírdhreacha cúraim sláinte agus shóisialta.



Leagtar amach sa Tuarascáil bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025, an chéad bhliain inar cuireadh ár bPlean Corparáideach 2025-2027 i bhfeidhm.

## Torthaí Phlean Corparáideach 2025–2027

Faoinár bPlean Corparáideach 2025–2027, leagamar amach sé sprioc inghnóthaithe shoiléire do na trí bliana atá ag teacht ach ag am céanna súil ghéar á coinneáil againn ar cheithre thoradh fhadtéarmacha. Trí thorthaí 2025–2027 chomh maith le torthaí níos fadtéarmaí a leagan amach, tá sé mar aidhm againn ár dtiomantas a léiriú do dhul chun cinn le himeacht ama, agus gach céim de ag cur leis an gcéim roimhe, i dtreo ár bhfís a bhaint amach.

Tá ár bPlean Corparáideach trí bliana á chur i bhfeidhm trínár bPleananna Gnó. Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta chun gach ceann de na sé Thoradh atá inár bPlean Corparáideach a bhaint amach. Is iad na Torthaí ná:




**Fócas ar Sheirbhís**

Tá torthaí feabhsaithe do mhuintir na hÉireann maidir le cáilíocht agus sábháilteacht mar thoradh ar shocrú caighdeáin, monatóireacht agus rialachán déanta ag HIQA

Tá HIQA ag dul i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse agus ag cur ar a gcumas eispéireas feabhsaithe agus torthaí níos fearr a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse

**Éifeacht treoraithe ag an bhfianaise**

Cuireann HIQA fianaise ar fáil chun cinntí beartais agus forbairtí cleachtais a threorú ar fud seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar leibhéal an phobail

**Rialachas agus Éifeachtúlacht Eagraíochtúil**

Tá luach agus tionchar á soláthar ag HIQA le haghaidh gach páirtí leasmhara trí bhealaí oibre sofhreagrúla agus comhoibríocha, córais éifeachtúla, struchtúir shainoiriúnaithe agus rialachas cuí

Is eagraíocht inbhuanaithe agus ionchuimsitheach é HIQA

**Daoine**

Is fostóir rogha é HIQA de bharr a thacaíochtaí foirne, a dheiseanna agus a chultúir dhearfaigh eagraíochta

# 1

# Fócas ar Sheirbhís



# Caibidil 1:
# **Fócas ar Sheirbhís**

Tá torthaí feabhsaithe do mhuintir na hÉireann maidir le cáilíocht agus sábháilteacht mar thoradh ar shocrú caighdeáin, monatóireacht agus rialachán déanta ag HIQA

**Tá obair HIQA dírithe ar thorthaí a fheabhsú do mhuintir na hÉireann. Trí chaighdeáin náisiúnta a shocrú agus seirbhísí a rialú, tacaímid le soláthraithe chun cúram sábháilte ardcháilíochta a chur ar fáil a chosnaíonn cearta daoine, a chuireann a gcuid folláine chun cinn, agus a chuireann ar a gcumas maireachtáil le dínit agus leis an oiread neamhspleáchais agus is féidir.**

## Socrú Caighdeán

Rud atá riachtanach chun an Toradh seo a bhaint amach is ea caighdeáin náisiúnta dhuineláraithe a fhorbairt le haghaidh seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn. In 2025, rinneadh dul chun cinn i dtaca le *Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile, Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Pháistí agus Daoine Fásta faoi Mhíchumas* agus dhá shraith caighdeán d'fhaisnéis sláinte.

### Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile

In 2025, d'fhorbraíomar na chéad *Chaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile* mar ullmhúchán do chreat rialála agus córas ceadúnaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh soláthraithe tacaíochta baile, rud atá á fhorbairt ag an Roinn Sláinte faoi láthair.

I ndiaidh cinneadh beartais chun an raon feidhme a leathnú chun leanaí a chlúdach, tá obair bhreise ar siúl chun caighdeáin a fhorbairt tuilleadh. Táimid ag obair freisin chun uirlisí tacaíochta cur chun feidhme a fhorbairt chun tacú leis an earnáil. Nuair a chuirfear i gcrích iad, rachaidh na caighdeáin seo, ach a nglactar leo agus a gcuirtear i bhfeidhm iad, chun tairbhe na soláthraithe trí threoir agus soiléire a chur ar fáil, chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí agus daoine fásta a bhfuil seirbhísí tacaíochta baile á bhfáil acu, cúram duineláraithe, ardcháilíochta.

Leis na caighdeáin seo, tacófar leis an earnáil cúraim baile, nach raibh rialaithe go dtí seo, chun cáilíocht a fheabhsú agus chun cúram sábháilte agus duineláraithe a chur ar fáil, rud a chinnteoidh torthaí níos fearr do dhaoine atá ag baint leas as tacaíocht bhaile.

### Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Pháistí agus Daoine Fásta faoi Mhíchumas

In 2025, rinneamar athbhreithniú fianaise chun bonn eolais a chur faoi nuashonrú ar na *Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaithe do Pháistí agus Daoine Fásta faoi Mhíchumas*. Foilsíodh na caighdeáin den chéad uair in 2013, agus tá sé mar aidhm san athbhreithniú a aithint cad atá athraithe sna seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus béim a leagan ar na réimsí is tábhachtaí le cur san áireamh in aon chaighdeáin nuashonraithe.

Leis an athbhreithniú fianaise seo, táthar ag cur le heolas na hearnála agus ag an am céanna tá bonn láidir fianaise á chruthú chun bonn eolais a chur faoi nuashonruithe ar na caighdeáin náisiúnta. Leis na caighdeáin nuashonruithe, tacófar le seirbhísí tacaíochta chun cúram sábháilte, ardcháilíochta duineláraithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Cinnteofar go seasfar cearta daoine faoi mhíchumas atá i seirbhísí cónaithe agus go bhfeabhsófar a sláinte agus a bhfolláine ach a gcuireann soláthraithe seirbhíse na caighdeáin seo i bhfeidhm.

### Caighdeáin Náisiúnta maidir le Faisnéis Sláinte a Shocrú

Sa Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) leagtar amach cur chuige céimnithe chun sé chatagóir thosaíochta de shonraí sláinte leictreonacha a chomhtháthú i gcórais sláinte náisiúnta faoin tréimhse idir 2029 agus 2031. Chun tacú leis seo, an bhliain seo caite chuireamar tús le hathbhreithniú ar dhá chaighdeán náisiúnta chun tacú le príomhthionscadail bonneagair dhigitigh náisiúnta i gcomhréir le riachtanais Rialachán EHDS.

- Tá sé mar aidhm ag an gCaighdeán Náisiúnta i gcomhair Tacar Sonraí Déimeagrafach le haghaidh Cúram Sláinte agus Sóisialta an príomhthacar gnéithe sonraí a shainiú a theastaíonn chun duine aonair a shainaithint go huathúil. Tá sé riachtanach príomhfhaisnéis faoi úsáideoirí seirbhíse a chur ar fáil chun críocha cúraim sláinte agus shóisialta (úsáid phríomha) agus sonraí a chur ar fáil ar mhaithe le pleanáil seirbhíse, ceapadh beartas, taighde agus anailís staitistiúil (úsáid thánaisteach). Beidh tacar sonraí déimeagrafach mar chuid de gach caighdeán faisnéise sláinte náisiúnta, agus mar gheall air sin is cuid thábhachtach é den chlár oibre seo.
- Sa Chaighdeán Náisiúnta d'Fhaisnéis Scaoilte amach Ospidéil, sainítear an príomhthacar gnéithe sonraí a theastaíonn nuair a scaoiltear othar amach ó ospidéal géarmhíochaine chuig cúram a ndochtúra ghinearálta agus cleachtóirí cúraim phríomha eile chun cúram sábháilte agus ardcháilíochta leanúnach a sholáthar.

Chun na caighdeáin sin a nuashonrú in 2025, thugamar faoi rannpháirtíocht fhorleathan páirtithe leasmhara le hothair agus úsáideoirí seirbhísí, gairmithe cúraim sláinte agus shóisialta, foireann riaracháin, pearsanra ag obair ar thionscadail TF le haghaidh cúram sláinte agus sóisialta, taighdeoirí, lucht ceaptha beartas, agus an pobal trí chéile trí ghrúpa oibre, agallaimh grúpaí fócais, agus comhairliúcháin phoiblí. Tá an dá chaighdeán á dtástáil anois sa chóras chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm go praiticiúil sula gcuirtear i gcrích iad.

Is iad na caighdeáin seo na chéad chinn ó shraith caighdeán chun tacú leis an gcóras chun a chinntiú go gcomhtháthaítear catagóirí tosaíochta sonraí i gcórais faisnéise sláinte náisiúnta chun riachtanais Rialachán EHDS a chomhlíonadh agus chun tacú le cúram agus tacaíocht dhuineláraithe, chomhtháite agus shábháilte.

## Rialú Seirbhísí Cúraim Shóisialta

Trí sheirbhísí cúraim shóisialta a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, cuirtear maoirseacht neamhspleách ar fáil chun cúram agus tacaíocht shábháilte agus ardcháilíochta a sholáthar do dhaoine atá ag brath ar na seirbhísí seo. Trí obair Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta, táimid ag díriú ar thorthaí a fheabhsú do dhaoine a chónaíonn i seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas, tithe altranais agus seirbhísí do leanaí.

Tá soláthraithe seirbhíse freagrach de réir an dlí as a gcuid ionad a oibriú agus as a chinntiú go bhfaigheann na háitritheoirí cúram sábháilte ardcháilíochta gach lá. Inár gcigireachtaí meastar an bhfuil na bearta seo i bhfeidhm, agus cabhraíonn siad lena chinntiú go ndéanann soláthraithe gníomh ceartaitheach i gcás nach gcomhlíonann an cúram na caighdeáin atá de dhíth.

Déanaimid amhlaidh trí:

- ionaid ainmnithe a chlárú
- cigireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí
- monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh sna seirbhísí
- bualadh agus teagmháil a dhéanamh le daoine a bhaineann leas as an tseirbhís agus a dteaghlaigh chun éisteacht lena dtaithí
- faisnéis a fháil, a anailísiú agus measúnú riosca a dhéanamh uirthi ó raon foinsí chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhaíocht rialála.

Má aimsímid rioscaí, déanaimid gníomhartha ceartaitheacha.

Le linn 2025, rinneamar 1,994 cigireacht ar thithe altranais, ar sheirbhísí do leanaí, agus ar ionaid mhíchumais chónaithe.

## Seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas a rialú

In 2025, lenár maoirseacht rialaithe, leanadh le tacaíocht a thabhairt d'fheabhsúcháin ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Leis na cigireachtaí agus monatóireacht, aimsíodh gur leanadh leis na feabhsúcháin ar chomhlíonadh a aithníodh in 2024 den chuid is mó ar fud seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2025. Tugann an méid seo le fios go bhfuil an-chuid soláthraithe ag cur cúram níos comhsheasmhaí ardcháilíochta ar fáil d'áitritheoirí, cúram a chomhlíonann na riachtanais rialaithe, agus go bhfuil líon méadaitheach soláthraithe ar a míle dícheall ag iarraidh na caighdeáin sin a shárú.

Do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sna seirbhísí sin, fágann sé seo gur dóchúla go bhfaighidh siad cúram agus tacaíocht ina léirítear meas ar a gcearta, ina gcuirtear a gcuid folláine chun cinn agus ina bhfreastalaítear ar a riachtanais indibhidiúla. D'aimsigh na cigirí go bhfuil cúram ardcháilíochta á fháil ag an gcuid is mó d'áitritheoirí agus go soláthraítear é ar bhealach atá bunaithe ar chearta daonna.

Le linn 2025, bhí breis is 9,480 áit chónaithe ar fáil do dhaoine fásta agus leanaí faoi mhíchumas ar fud 1,745 seirbhís chónaithe in Éirinn.

Chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sin, rinne cigirí 1,191 cigireacht le linn na bliana, agus b'ionann sin agus 1,598 lá cigireachta. Áirítear leis seo 196 cigireacht le béim ar leith ar chosaint daoine fásta. Féadtar cigireachtaí a bheith fógartha, a bheith gan fógra nó tarlú ar gearrfhógra, agus féadfar iad a dhéanamh ag am ar bith de lá nó d'oíche.

Tá ról tábhachtach ag ár gclár monatóireachta cigireachta chun feabhsúcháin leanúnacha ar sheirbhísí a chumasú, agus soláthraithe a choinneáil cuntasach as cúram sábháilte, le dínit atá duinedhírithe a chur ar fáil.

## An méid a dúirt áitritheoirí i seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas linn le linn cigireachtaí:

*"Is breá liom a bheith anseo... airím sábháilte anseo"*

*"Is maith liom a bheith amuigh sa phobal ag bualadh le daoine"*

*"Ní oireann an teach dom... bíonn sé róthorannach le linn na hoíche"*

*"Is féidir leis a bheith deacair labhairt le daoine nuair atá an iomarca daoine thart"*

*"Táim sásta a bheith ag cur fúm anseo, seo é ár mbaile"*

*"Bhí cónaí orm in an-chuid tithe thar na blianta agus is é seo an ceann is ansa liom"*

*"Táim an-sásta leis an áit a bhfuilim i mo chónaí inti agus leis an gcúram a fhaighim. Níor mhaith liom a bheith in áit ar bith eile"*

## An chaoi ina n-úsáidimid aiseolas ó áitritheoirí faoi mhíchumas chun ár gcuid oibre a fheabhsú

Tá aiseolas ó dhaoine a chónaíonn inár n-ionaid ainmnithe ar cheann de na bealaí is tábhachtaí atá againn chun cáilíocht agus tionchar na seirbhísí a thuiscint.

Cé go labhraímid le háitritheoirí mar chuid de gach cigireacht, in 2025, rinneamar teagmháil dhíreach le háitritheoirí freisin trí 11 fhóram duine le duine ar fud na tíre, ar ar fhreastail 115 áitritheoir ó ionaid atá á n-oibriú ag 12 soláthraí seirbhíse míchumais ar leith.

Leis na fóraim seo, tugadh an deis d'áitritheoirí a dtaithí ar a bheith ina gcónaí i seirbhísí cónaí do dhaoine faoi mhíchumas cónaithe a roinnt agus céard is tábhachtaí dóibhsean a thabhairt le fios

### Feabhsúcháin Chumarsáide agus Inrochtaineachta

Tríd an teagmháil seo, d'inis áitritheoirí dúinn go raibh dea-chumarsáid le linn cigireachtaí tábhachtach dóibh.

Mar shampla, dúirt siad go raibh sé tábhachtach go dtaispeánfadh cigirí a gcártaí aitheantais, go mbeannóidís do gach áitritheoir san ionad is go míneoidís próiseas na cigireachta, go háirithe le linn cuairteanna gan fógra.

Ghlacamar lena n-aiseolas agus mar thoradh, d'fheabhsaíomar ár n-acmhainní faisnéise agus cumarsáide le haghaidh áitritheoirí in 2025.

Áiríodh leis na feabhsúcháin:

- Achoimre Físeáin i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus treoir sholéite mar gheall ar ár dTuarascáil i dtaca le Fóram Áitritheoirí 2025.
- In 2025, sheolamar 'Do Threoir i dtaobh Cigireachtaí HIQA i Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas'. Leis an doiciméad seo, tá sé níos éasca a mhíniú d'áitritheoirí an aidhm atá ag cigireachtaí agus cad a tharlaíonn le linn cigireachta, agus dáiltear é ar gach ionad ainmnithe sula dtarlaíonn aon chigireacht fhógartha.
- Anuas air sin, in éineacht le 'Do Threoir i dtaobh Cigireachtaí HIQA i Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas' tá físeán Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus fotheidil laistigh de freisin.
- Chruthaíomar leagan Lámh (córas comharthaíochta láimhe) freisin.

Trí aiseolas na n-áitritheoirí a fhreagairt, táimid á dhéanamh níos éasca a chinntiú go ndéantar cigireachtaí ar bhealach ina léirítear meas ar thoil na n-áitritheoirí agus ina léirítear an t-aiseolas atá faighte againn. Leanfaimid orainn ag féachaint ar bhealaí inar féidir linn ár n-obair a fheabhsú chun a chinntiú go n-airíonn daoine a chónaíonn in ionaid ainmnithe curtha ar an eolas, go bhfuil éisteacht á tabhairt dá nguthanna agus dá dtuairimí agus, níos tábhachtaí ná rud ar bith eile, go bhfuil tábhacht leis na tuairimí sin.

### Aiseolas áitritheoirí a fhreagairt

Leis an aiseolas a fuarthas trí na fóraim áitritheoirí, cuireadh ar ár súile dúinn nach n-éiríonn le han-chuid áitritheoirí na tuarascálacha cigireachta a fheiceáil agus seans nach gcloisfidís faoi thorthaí na gcigireachtaí a tharlaíonn ina dtithe cónaithe nó sna seirbhísí a úsáideann siad. D'inis áitritheoirí dúinn freisin i gcásanna nuair a fhaigheann siad rochtain ar na tuarascálacha sin, go minic, bíonn siad i bhformáid nach n-oireann dá riachtanais chumarsáide nó litearthachta, rud a d'fhéadfadh mearbhall nó imní a chruthú i dtaobh cigireachtaí.

Mar fhreagra ar an aiseolas sin, agus chun cabhrú le heispéireas agus tuiscint na n-áitritheoirí i dtaca le cigireachtaí, chuireamar tús le tionscadal trialach ar thuarascálacha achoimre soléite le trí sholáthraí seirbhíse míchumais mhóra le linn 2025. Forbraíodh an tuarascáil achoimre sholéite chun achoimre ardleibhéil i bhformáid níos inrochtana a sholáthar d'áitritheoirí ar phríomhthorthaí cigireachta.











*Sa phictiúr a tógadh le linn Fhóraim Áitritheoirí 2025, tá foireann HIQA le háitritheoirí ó raon seirbhísí lena n-áirítear Seirbhísí Sunbeam House; Comhairle Úsáideoirí Seirbhíse Stewarts Care; agus áitritheoirí ó ionad FSS Shligigh agus Dhún na nGall.*

Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go gcuirtear áitritheoirí ar an eolas faoi thorthaí cigireachtaí ina dtithe cónaithe agus go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar an gcaoi a mbaineann na torthaí leis an gcúram agus an tacaíocht a thugtar dóibh.

Tá sé i gceist againn eisiúint tuarascálacha soléite a leathnú amach chuig an gcuid is mó de chigireachtaí le linn 2026. Cabhróidh sé seo lena chinntiú gur féidir le háitritheoirí foghlaim faoi na torthaí ó chigireachtaí ina dtithe cónaithe ar bhealach i bhfad níos inrochtana.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine de na háitritheoirí a ghlac páirt sna fóraim áitritheoirí le linn na bliana agus a roinn a n-aiseolas luachmhar linn.

## Beart a dhéanamh chun a chinntiú go gcosnaíonn soláthraithe áitritheoirí agus go bhfeabhsaíonn siad seirbhísí

Fuarthas leibhéil arda chomhlíontachta ar fud an-chuid seirbhísí in 2025. Bhí ar an bPríomh-Chigire gníomhartha géaraithe agus forfheidhmithe a ghlacadh le linn na bliana i gcás nach ndearna soláthraithe na feabhsúcháin riachtanacha ar cháilíocht agus ar shábháilteacht tacaíochta d'áitritheoirí. Is cuid thábhachtach na gníomhartha seo dár riachtanais rialála, agus úsáidtear iad chun a chinntiú go ndéanann soláthraithe gníomh tráthúil chun dul i ngleic le rioscaí agus chun an cúram agus an tacaíocht a fhaigheann daoine a chónaíonn in ionaid ainmnithe a fheabhsú.

I ndiaidh torthaí cigireachta in 2025, d'eisíomar 47 litir rabhaidh chuig soláthraithe inár leagadh amach na feabhsúcháin a bhí de dhíth. Leis na litreacha rabhaidh seo, cuireadh in iúl do na soláthraithe dá mba rud é go mainneoidís comhlíontacht agus athruithe dearfacha dá gcuid áitritheoirí a bhaint amach go bhféadfaí tuilleadh gníomhartha rialála a bheith ann mar thoradh, agus i measc na ngníomhartha sin, clárú a chur ar ceal nó coinníollacha breise a cheangal le clárú ionaid ainmnithe.

I gcás nach bhfuarthas aon fheabhsúcháin ar chomhlíontacht chun leasa na n-áitritheoirí, chuaigh an Príomh-Chigire i mbun gnímh. In 2025, d'eisigh an Príomh-Chigire 12 fhógra i dtaca le cinneadh beartaithe clárú ionad ainmnithe a chur ar ceal agus / nó diúltú d'athnuachan an chláraithe i gceist dá mba rud é nach mbainfí amach na feabhsúcháin a bhí á n-éileamh. In dhá cheann de na hionaid sin, níor chuir na soláthraithe feabhsúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le sábháilteacht agus folláine na n-áitritheoirí. Mar thoradh, rinne an Príomh-Chigire an cinneadh clárú na n-ionad seo a chur ar ceal. Ghlac FSS seilbh ar oibríochtaí ionaid amháin faoi Alt 64 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú), rud a chinntigh leanúnachas seirbhíse agus cúraim d'áitritheoirí. Sa dara cás, d'fheidhmigh an soláthraí a gceart achomhairc i gcoinne an chealaithe, rud a thionscain tuilleadh imeachtaí dlí.

I gcás go n-aithnítear rioscaí ar fud roinnt ionaid ainmnithe atá á n-oibriú ag soláthraí áirithe, tugann an Príomh-Chigire faoi chlár géaraithe rialála dírithe a bhfuil sé mar aidhm aige rialachas agus maoirseacht an tsoláthraí féin a neartú, agus mar thoradh, feabhsúcháin a spreagadh ar fud sheirbhís an tsoláthraí.

## Rialáil a úsáid chun cáilíocht cúraim cónaithe a fheabhsú

I mí Feabhra 2025, d'fhoilsíomar tuarascáil ar chlár rialála a bhí dírithe ar rialachas agus cumhdach in ionaid ainmnithe a bhí á n-oibriú ag Seirbhísí Sunbeam House CTR. Cuireadh tús leis an gclár seo i ndiaidh don soláthraí torthaí cigireachta a bhíodh go dona go seasta a fháil agus mar gheall ar rioscaí a bheith ann d'áitritheoirí mar thoradh ar ardleibhéil neamhchomhlíontachta i roinnt de na hionaid ainmnithe a bhí ag an soláthraí.

Mar chuid den chlár géaraithe rialála, bhí 34 cigireacht ar fud 28 ionad ainmnithe a bhí á n-oibriú ag an soláthraí. I ndiaidh an clár a chur i gcrích, chuir an Príomh-Chigire de cheanglas ar an soláthraí plean feabhsúcháin comhlíontachta a chur isteach ina leagfaí amach conas a neartóidh sé rialachas agus maoirseacht chun a chinntiú go bhfuil áitritheoirí sábháilte agus go bhfaigheann siad cúram agus tacaíocht a chomhlíonann a gcuid riachtanas agus, mar thoradh, a fheabhsaíonn a gcomhlíontacht i leith na rialachán.

Le linn 2025, thugamar faoi deara gur thosaigh an soláthraí ag cur tús le hathruithe suntasacha eagrúcháin agus rialachais a chur i bhfeidhm, agus go raibh feabhas tagtha ar chuid mhaith réimsí anuas ar na gníomhartha a leagadh amach ina bhfreagairt phlean feabhsúcháin comhlíontachta tosaigh. Lean an Príomh-Chigire air ag déanamh monatóireachta ar na hathruithe sin ar fud an chláir rialála, a tháinig chun deiridh i mí Feabhra 2026, chun a chinntiú go rabhthas ag leanúint leis na feabhsúcháin ar rialachas an tsoláthraí agus chun maoirseacht a chinntiú ar a n-ionaid ainmnithe.

### Tuarascáil Forbhreathnaithe ar Rialú na Seirbhísí do dhaoine faoi Mhíchumas in 2024

Anuraidh, d'fhoilsíomar forbhreathnú ar ár gcuid torthaí maidir le seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas in 2024. Leis na cigireachtaí, aimsíodh go raibh béim ag fás ar chur chuige bunaithe ar chearta daonna i dtaca le cúram. Fuair an chuid is mó den fhoireann oiliúint ar chearta daonna, agus bhí siad níos ábalta, de réir a chéile, a léiriú conas a bhí sé sin mar bhonn eolais lena gcleachtas laethúil agus conas a thacaigh sé le háitritheoirí a rogha, a neamhspleáchas agus a rannpháirtíocht a chur i bhfeidhm ina bpobail.

## Tithe altranais a rialú

In 2025, lenár maoirseacht rialála, leanadh orainn ag tabhairt tacaíochta do sholáthar cúraim shábháilte chuí le dínit dár n-áitritheoirí tithe altranais.

In 2025, rinneamar 757 cigireacht ar thithe altranais ar fud na tíre. B'ionann é seo agus 1,325 lá cigireachta, mar rinne níos mó ná cigire amháin roinnt cigireachtaí nó tharla siad thar roinnt laethanta. Bhí 95% de na cigireachtaí gan fógra, rud a d'fhág nach raibh áitritheoirí, baill foirne agus soláthraithe na dtithe altranais ar an eolas faoin dáta nó am a dtarlódh an chigireacht sin. Tugann cigireachtaí gan fógra deis iontach dúinn fíor-eispéireas laethúil na n-áitritheoirí agus cáilíocht an chúraim agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil a mheas.

Tá sé de fhreagracht ar gach soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil na háitritheoirí sábháilte is go bhfaigheann siad ardchaighdeán cúraim i gcónaí. In ainneoin go bhfuil ról tábhachtach ag cigireachtaí gan fógra maidir lena chinntiú go bhfuil áitritheoirí ag fáil cúram cuí, is é socruithe rialachais agus bainistíochta an tsoláthraí a chinntíonn go bhfaigheann áitritheoirí an caighdeán seo cúraim gach lá, agus ní hamháin nuair atá cigirí ar an láthair ina dteach.

Le linn gach cigireachta, labhraíonn cigirí le háitritheoirí, cuairteoirí, baill foirne agus an fhoireann bainistíochta chun tuiscint a fháil ar conas mar atá sé a bheith i do chónaí sa teach altranais. Féachann cigirí ar chleachtas agus déanann siad athbhreithniú ar cháipéisíocht chun a chinntiú go bhfuil na córais agus na próisis i bhfeidhm chun riachtanais na rialachán a chomhlíonadh agus go bhfuil siad éifeachtach chun a chinntiú go bhfuil cúram agus cáilíocht bheatha na n-áitritheoirí ar ardchaighdeán agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais gach áitritheora sa teach altranais.

Leis an gcur chuige seo, cinntítear go bhfuil béim shoiléir ar eispéiris na n-áitritheoirí a bhfuil cónaí orthu sa teach altranais, chomh maith le béim ar na socruithe rialachais, bainistíochta agus maoirseachta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfaigheann siad cúram sábháilte agus éifeachtach.

I gcás go n-aimsíonn na cigirí réimsí nach bhfuil cúram nó sábháilteacht na n-áitritheoirí chomh maith agus is cóir dó a bheith iontu, is féidir leis an bPríomh-Chigire leas a bhaint as raon gníomhartha rialála agus forfheidhmithe chun ceangal ar sholáthraithe dul i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh agus chun a chinntiú go bhfaigheann na háitritheoirí an cúram agus an tacaíocht atá de dhíth orthu.

# An méid a dúirt áitritheoirí i dtithe altranais linn le linn cigireachtaí:

*“Táim fíor fíorshásta anseo...is é mo bhaile é”*

*“Is é an áit seo mo bhaile”*

*“Bhí meon na mball foirne dearfach i gcónaí, agus níl rud ar bith nach ndéanfaidís duit anseo.”*

*“Bíonn siad i gcónaí ag rá linn nach fada eile a bheidh sé (go n-osclófar foirgneamh nua), ach táimid fós ag fanacht”*

*“Ní dhéanaim aon ghníomhaíochtaí mar ní oireann siad dom”*

## Áitritheoirí a chumhdach agus cumhdach a neartú

Freagracht bhunúsach soláthraithe a oibríonn tithe altranais is ea daoine scothaosta a chumhdach, go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí nó níos spleáiche ar dhaoine eile le haghaidh a gcúraim laethúil, agus tá sé riachtanach do sholáthar cúraim ardcháilíochta.

In 2025 cuireadh tús le cigireachtaí rialála comhlíontachta a dhírigh ar chumhdach. Ba é cuspóir na gcigireachtaí seo ná a mheas cé chomh héifeachtach is a bhí soláthraithe tithe altranais ag cumhdach áitritheoirí. Bhí sé mar aidhm ag an gcur chuige seo, ní hamháin samplaí dea-chleachtais a aithint, ach aird a tharraingt ar réimsí a bhí le feabhsú agus cultúr féinfheasachta a spreagadh i dtaca le tábhacht an chumhdaigh.

Le linn na gcigireachtaí seo, rinneadh measúnú ar gach rialachán a ndearnadh cigireacht orthu trí lionsa an chumhdaigh, le béim ar leith ar cé acu an raibh nó nach raibh beartais chumhdaigh chuí curtha i bhfeidhm ag soláthraithe agus ar cé acu an raibh nó nach raibh baill foirne oilte agus eolach i dtaca le conas na nósanna imeachta cumhdaigh seo a chur i bhfeidhm ina gcleachtas laethúil.

Leis na torthaí ó na cigireachtaí seo, tarraingíodh aird ar réimsí ina raibh tuilleadh oibre de dhíth, ina measc sin a chinntiú go bhfaigheann gach ball foirne oiliúint i leith cumhdaigh agus córais faireachais cumhdach na soláthraithe a neartú ina dtithe altranais chun teagmhais chumhdaigh a aithint agus freagairt dóibh ar bhealach comhsheasmhach dá dtarlóidís.

Tugtar le fios san aiseolas tosaigh gur spreag an cur chuige cigireachta spriocdhírithe seo an-chuid soláthraithe cláraithe chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais chumhdaigh agus tosú ag cur feabhsúcháin fhiúntacha i bhfeidhm, rud a fhágann sé é níos éasca a chinntiú go bhfuil áitritheoirí slán sábháilte, go bhfuil meas orthu, is go dtugtar tacaíocht dóibh ina saol laethúil.

## Beart a dhéanamh chun a chinntiú go gcosnaíonn soláthraithe áitritheoirí agus go bhfeabhsaíonn siad seirbhísí

I gcomhréir lenár gcur chuige sofhreagrach i dtaca le rialáil, bhí ról lárnach ag an obair forfheidhmithe a rinneadh in 2025 maidir le daoine i dtithe altranais a chumhdach. Faoi stiúir cur chuige géaraithe rioscabhunaithe, rinne an Príomhchigire idirghabháil i gcásanna go raibh rioscaí leanúnacha nó neamhchomhlíontacht sheasmhach ina bagairt ar shláinte, shábháilteacht agus caighdeán beatha áitritheoirí. Leis an gcur chuige seo, cinntíodh go raibh aon ghníomh rialála a rinneadh cuí, spriocdhírithe is gur dhírigh sé ar chearta, dínit agus folláine áitritheoirí a chosaint.

I gcásanna nuair a bhí sé riachtanach, cheangail an Príomhchigire coinníollacha sriantacha le clárúcháin tithe altranais, is níor cuireadh na bearta seo i bhfeidhm ach amháin i gcásanna nuair a léirigh fianaise nach bhféadfaí sábháilteacht áitritheoirí a chinntiú ar bhealach ar bith eile. Ag deireadh 2025, bhí 100 coinníoll dá leithéid curtha i bhfeidhm ar chlárú 85 teach altranais. Tá na coinníollacha seo i bhfeidhm le go ndéanfaidh na tithe altranais seo gníomh chun na caighdeáin chúraim atá ag teastáil a chomhlíonadh.

I gcás amháin, bhí an scéal chomh tromchúiseach sin go raibh leibhéal aird gnímh forfheidhmithe ag teastáil, agus rinne an Príomhchigire iarratas leis an gCúirt Dúiche chun clárú soláthraí a chur ar ceal. Is é seo an chumhacht is láidre atá ar fáil don Phríomhchigire agus ní úsáidtear é ach amháin i gcás go bhfuil riosca ann do bheatha nó riosca tromchúiseach ann do shláinte nó do leas na n-áitritheoirí a bhfuil cónaí orthu i dteach altranais.

Bhain soláthraithe úsáid as meicníochtaí rialála reatha chun coinníollacha cláraithe a dtithe altranais a mhodhnú, chun athruithe ar acmhainneacht, feabhsúcháin ar áitreabh nó dul chun cinn maidir le dul i ngleic le neamhchomhlíontacht a d'aithin an Príomhchigire le linn cigireachtaí a léiriú. Le linn 2025, faomhadh 217 iarratas chun coinníollacha a athrú nó a bhaint, ag an am céanna dhiúltaigh an Príomhchigire do 10 gcinn acu i gcás nár comhlíonadh caighdeáin sábháilteachta agus cúraim chriticiúla sna tithe altranais sin go fóill.

In 2025, bhain an Príomhchigire úsáid as forfheidhmiú ní hamháin chun tithe altranais a rialú ach chomh maith leis sin chun comhlíontacht a neartú iontu, caighdeáin chúraim a fheabhsú agus folláine, sábháilteacht agus caighdeán beatha na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i dtithe altranais a chumhdach.




*Sa phictiúr, tá Príomhfheidhmeannach HIQA Angela Fitzgerald, an tAire Stáit le Freagracht as Daoine Scothaosta Kieran O'Donnell TD agus POF Nursing Homes Ireland Tadhg Daly ag comhdháil bhliantúil Nursing Homes Ireland.*

## Rialáil a úsáid chun cáilíocht cúraim cónaithe a fheabhsú

Tá soláthraithe seirbhíse freagrach de réir an dlí as a gcuid ionad a oibriú agus as a chinntiú go bhfaigheann na háitritheoirí cúram sábháilte ardcháilíochta gach lá. Inár gcigireachtaí meastar an bhfuil na bearta seo i bhfeidhm, agus cabhraíonn siad lena chinntiú go ndéanann soláthraithe gníomh ceartaitheach i gcás nach gcomhlíonann an cúram na caighdeáin atá de dhíth.

In 2025, i ndiaidh faisnéis a fháil inar cuireadh imní in iúl faoi chúram áitritheoirí i dteach altranais, chuaigh cigirí i mbun cigireachta.

D'aimsigh na cigirí go raibh meath ar shocruithe rialachais agus bainistíochta i ndiaidh dul i bhfeidhm ar chúram na n-áitritheoirí, agus gur chuir sé sin le fadhbanna le soláthar foirne agus le bia, cothú agus glaineacht. B'ionann é seo agus meath ar cháilíocht na seirbhíse i gcomparáid le cigireacht a rinneadh roimhe seo ar an teach altranais in 2024.

I ndiaidh na cigireachta, bhuaileamar leis an soláthraí chun na torthaí agus an tionchar a bhí ag an meath ar shocruithe rialachais agus bainistíochta ar áitritheoirí a phlé. D'fhreagair an soláthraí sinn trí phlean cuimsitheach comhlíontachta a chur ar fáil a raibh plean gníomhaíochta faoi cheangal ama aige a bhí dírithe ar chúram a fheabhsú, socruithe rialachais a neartú, agus an t-ionad a dhéanamh comhlíontach ó thaobh rialachais de arís.

I gcigireacht leantach a rinneadh 12 sheachtain níos deireanaí, aimsíodh gur láidríodh na córais bhainistíochta, agus mar thoradh, gur tháinig feabhsúcháin intomhaiste ar chúram agus tacaíocht na n-áitritheoirí.

Sa tríú cigireacht, a rinneadh ceithre mhí níos deireanaí, léiríodh tuilleadh feabhsúchán ar rialachas agus bainistíocht, agus dá bharr sin, bhí tuilleadh torthaí feabhsuithe ann d'áitritheoirí agus bhí na rialacháin á gcomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Bhí leibhéal foirne leordhóthanach ag an ionad anois chun freastal ar riachtanais mheasta na n-áitritheoirí, bhí an phleanáil chúraim d'ardchaighdeán, bhí an t-áitreabh sábháilte agus glan, tháinig feabhas ar na beartais cosanta dóiteáin agus bhí an bia a cuireadh ar fáil d'áitritheoirí á ullmhú, á chócaráil, agus á riar go sábháilte.

Chuir na socruithe rialachais agus bainistíochta neartaithe go díreach le torthaí feabhsaithe i leith caighdeáin beatha d'áitritheoirí, agus a gcearta á seasamh agus córais éifeachtach curtha i bhfeidhm chun iad a chosaint ó dhochar agus drochíde.

Léiríonn sé sin an bealach inar féidir le maoirseacht spriocdhírithe rialála feabhsúcháin fhiúntacha a bhrú chun cinn i dtaca le cúram agus a chinntiú go bhfaigheann na háitritheoirí an tacaíocht agus an chosaint atá tuillte acu.

In 2025, sa chlár RTÉ Investigates ar thithe altranais, tarraingíodh aird ar chúram in dhá theach altranais, agus léiríodh ann gur caitheadh le háitritheoirí ar bhealach a bhí go hiomlán do-ghlactha rud a bhí ina shárú ar a gcearta agus ar a ndínit. Sa chlár freisin, bhí píosa scannánaíochta a bhí thar a bheith coscrach do dhaoine a bhí ag breathnú air, go háirithe d'áitritheoirí agus do bhaill chlainne na n-áitritheoirí.

I ndiaidh an chraolacháin, rinne an Príomhchigire teagmháil dhíreach leis na soláthraithe cláraithe atá freagrach as gach ceann de na tithe altranais, agus tionscnaíodh gníomhartha rialála géaraithe chun a chinntiú go raibh na háitritheoirí sábháilte agus go raibh cúram ardcháilíochta á fháil acu. I bhfianaise go raibh an dá theach altranais seo mar chuid de ghrúpa[1] tithe altranais níos leithne, thugamar faoi athbhreithniú iomlán ar gach teach altranais laistigh den ghrúpa céanna freisin, agus rinneamar cigireachtaí ar amanna éagsúla den lá agus den oíche.

Sna cigireachtaí seo, rinneadh measúnú ar cé acu an raibh nó nach raibh riachtanais chúraim agus tacaíochta na n-áitritheoirí seo á gcomhlíonadh go seasta, agus an raibh an soláthraí i mbun gníomh cuí mar fhreagairt ar na fadhbanna a aithníodh sa chraolachán teilifíse. Bhuail cigirí le háitritheoirí agus lena dteaghlaigh agus a gcairde chun a dtuairimí a chloisteáil, rud atá léirithe i ngach tuarascáil chigireachta.

I dtorthaí ó na cigireachtaí sin, léiríodh leibhéil mheasctha chomhlíontachta. I roinnt de na tithe altranais a bhí á n-oibriú ag an soláthraí, bhí cúram agus tacaíocht ardcháilíocht á gcur ar fáil, ach i gcinn eile bhí struchtúir rialachais agus bhainistíochta neamhéifeachtach i bhfeidhm. I roinnt tithe altranais, níor leor na leibhéil soláthair foirne chun freastal ar riachtanais mheasta na n-áitritheoirí nó ní raibh córais i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh cúram á sholáthar go seasta.

I gcás gur riachtanach chun áitritheoirí a chosaint, rinneadh sraith de ghníomhartha rialála, lena n-áirítear:

- Srian ar Ghlacadh Isteach Áitritheoirí: Cuireadh srian ar roinnt de na soláthraithe laistigh den ghrúpa áitritheoirí nua a ghlacadh isteach ina dteach/dtithe altranais. Mhair na srianta seo ar feadh tréimhsí éagsúla ama agus níor cuireadh tús le glacadh isteach arís go dtí go raibh an Príomhchigire cinnte go raibh an beart riachtanach déanta ag an soláthraí chun cúram na n-áitritheoirí sna tithe altranais sin a fheabhsú.
- Coinníollacha cláraithe éagsúla: Athraíodh coinníollacha cláraithe chun a chinntiú go n-ardófaí na leibhéil soláthair foirne agus, i gcás amháin, chun a chinntiú nach nglacfaí le háitritheoirí le riachtanais chúraim ar leith isteach sa teach altranais sin.
- Laghdú ar líon iomlán na n-áitritheoirí ar féidir lóistín a chur ar fáil dóibh. Laghdaíodh líon na n-áitritheoirí i roinnt tithe altranais chun a chinntiú go raibh socruithe soláthair foirne cuí i bhfeidhm chun freastal ar an líon áitritheoirí atá ag cur fúthu san ionad.

Bhíomar i dteagmháil go dlúth leis an Aire Stáit le freagracht as Daoine Scothaosta ar an ábhar seo, bhuaileamar leis go rialta agus chuireamar tuarascálacha ar fáil dó ar Mhaoirseacht Rialála an Phríomhchigire ar Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta Emeis Ireland.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht Rialála

I ndiaidh na n-ábhar imní tromchúiseach mar gheall ar an mbealadh do-ghlactha inar caitheadh le háitritheoirí a léiríodh ar chlár teilifíse RTÉ i mí an Mheithimh 2025, d'iarr an tAire Stáit le freagracht as Daoine Scothaosta go gcuirfí athbhreithniú neamhspleách chun cinn chun éifeachtacht an chreata rialála agus reachtaíochta i dtaca le cigireacht a dhéanamh ar thithe altranais a iniúchadh. D'iarr an tAire go ndéanfaidh iniúchóirí seachtracha agus neamhspleácha HIQA an t-athbhreithniú ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2025. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe, chomh maith le moltaí, faoi bhráid HIQA sa chéad ráithe den bhliain 2026, agus roinnfear iad leis an Aire. Le linn 2026, forbróidh HIQA pleananna gníomhaíochta mar fhreagra ar aon mholtaí a dhéanfaidh na hathbhreithnithe neamhspleácha agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad.

1 Tá 19 gcuideachta soláthraí cláraithe arb iad na heintitis dhlíthiúla atá freagrach as na 25 ionad ainmnithe (tithe altranais) a oibriú.

# Seirbhísí leanaí a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Déanaimid rialáil ar sheirbhísí sóisialta leanaí agus monatóireacht orthu chun a chinntiú go dtacaíonn siad le feabhsúcháin ar shábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sin. Déanaimid iniúchadh ar chúram cónaithe, sainchúram, cúram altrama agus seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a chuireann an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), soláthraithe seirbhísí cúraim altrama neamhreachtúla, agus Ionad Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus déanaimid monatóireacht orthu. Chomh maith leis sin, déanaimid gach aonad sainchúraim in Éirinn a rialú, rud a fhágann go bhfuil cumhachtaí dlí againn chun feabhsúcháin a bhrú chun cinn nuair is gá. Buailimid le leanaí agus le daoine óga sna seirbhísí sin le linn cigireachtaí chun éisteacht leo faoina n-eispéiris, rudaí a thaifeadtar inár dtuarascálacha cigireachta.

Le linn 2025, rinneamar 46 cigireacht, ina raibh 346 lá cigireachta, ar na cúig chineál seirbhísí leanaí atá faoinár sainchúram.

## Cigireachtaí ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus seirbhísí cúraim altrama in 2025

*"Tá ár Máthair Altrama ar fáil dúinn i gcónaí"*

*"Ba bhreá liom fanacht leis an oibrí sóisialta céanna, ach ní fhaighim an deis"*

Sa chuid is mó de na cigireachtaí ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus seirbhísí cúraim altrama in 2025 aimsíodh go raibh feabhsúcháin déanta maidir le maoirseacht ar liostaí feithimh agus go raibh méadú ann ar an líon leanaí a bhí sannta d'oibrí sóisialta nó gairmí eile. Tháinig sé seo sna sála ar chlár cigireachta spriocdhírithe in 2023 agus 2024.

Mar thoradh air sin, freagraíodh níos éifeachtaí d'atreoruithe a bhain le páistí faoi chúram, agus bhí tuilleadh feabhsúcháin ar sheirbhísí cúraim altrama á gcur i bhfeidhm le linn 2025. Is go tráthúil a tharla an scagadh tosaigh ar atreoruithe sa chuid is mó de na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí. Bhí níos lú leanaí ar liostaí feithimh agus bhí maoirseacht níos fearr ar leanaí a raibh seirbhísí á bhfáil acu.

Sampla de thoradh dearfach do leanaí i seirbhísí cosanta agus leasa leanaí amháin a ndearnadh cigireacht uirthi ná gur cuireadh plean sábháilteachta i bhfeidhm do leanaí, i gcás inar ghá, sular cuireadh iad ar liosta feithimh. D'fhág sé seo gur aontaigh siad siúd ba ghaire leis na leanaí, in éineacht le gairmithe, ar ghníomhartha chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht na leanaí sin agus chun tacú léi.

I dtaca le seirbhísí cúraim altrama reachtúla, neartaigh Tusla a rialachas tuilleadh trí rianú feabhsaithe a dhéanamh ar leanaí nár leithdháileadh agus lena gcúramóirí altrama. Mar thoradh air seo bhí maoirseacht níos fearr agus fágadh gur bhain na leanaí agus na cúramóirí altrama tairbhe as seirbhís a bhí i bhfad níos comhsheasmhaí.

## Cigireachtaí ar ionaid chónaithe do leanaí

*"Airím sábháilte san ionad"*

In 2025, chuireamar tús le clár nua cigireachtaí chun feabhsúcháin maidir le cumhdach in ionaid chónaithe do leanaí a chur chun cinn. Tá cumhdach riachtanach chun leanaí a chosaint ó dhochar, chun a gcearta a sheasamh agus chun a chinntiú go bhfásann siad aníos i dtimpeallachtaí sábháilte, tacúla agus cothaitheacha.

Le linn cigireachtaí ar ionaid chónaithe do leanaí aimsíodh nach raibh córas cinnteachta inmheánach Tusla i dtaca le grinnfhiosrúchán ar fhoireann ó ghníomhaireachtaí ag obair go héifeachtach. De thairbhe ár dtorthaí, chuir Tusla clár náisiúnta i bhfeidhm de gach ball foirne ó ghníomhaireachtaí a bhí ag obair i seirbhísí cónaithe do leanaí. Chuir Tusla córais bhreise i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar grinnfhiosrúchán cuí ar gach ball foirne ó ghníomhaireachtaí agus go seiceáiltear a gcuid teistiméireachtaí.

I gcigireachtaí a rinneadh ina dhiaidh seo, aimsíodh gur neartaigh na bearta seo an mhaoirseacht ar bhall foirne ó ghníomhaireachtaí agus gur chabhraigh sé sin le seirbhísí a dhéanamh níos sábháilte do leanaí. Léirigh sé seo an bealach ina dtacaíonn an clár cigireachta cumhdaigh le feabhsúcháin ar bhealach praiticiúil, agus comhroinneadh an méid a foghlaimíodh le daoine ar fud na hearnála. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil do bhaill foirne i réimsí amhail dúshaothrú, rud a thacaigh le bainistíocht fheabhsaithe agus freagairtí do theagmhais.

## Cigireachtaí ar aonaid sainchúraim

*“Airím go bhfuilim ag foghlaim don todhchaí anseo”*

In 2025, chuireamar tús le clár cigireachtaí spriocdhírithe inar díríodh ar chleachtais shriantacha a úsáid in aonaid sainchúraim. Rinneadh na cigireachtaí seo chun dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur chun cinn agus chun tacú le feabhsúcháin maidir le conas a úsáidtear cleachtais shriantacha, chun eispéiris leanaí i suíomhanna sainchúraim a fheabhsú. Rinneamar cigireachtaí in dhá aonad sainchúraim chun athbhreithniú a dhéanamh air seo.

San iomlán, sa dá sheirbhís léiríodh samplaí de dhea-chleachtas lenar tacaíodh le heispéiris dhearfacha do leanaí, rudaí ar nós cur ar chumas linbh bob nó bia a imirt lasmuigh den aonad. Bhí deis ann don soláthraí an cleachtas a neartú tuilleadh, tríd an mbealach inar roinneadh an méid a foghlaimíodh i dtaca le húsáid cleachtas sriantach le baill foirne in aonad amháin a mhacasamhlú ar fud na n-aonad eile.

### Cigireacht ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

*"Bímid gnóthach, tá an-chuid le déanamh anseo"*

*"Mhínigh an fhoireann é ar bhealach níos simplí, seachas ar bhealach níos deacra"*

Cuid lárnach dár gcur chuige is ea teagmháil a dhéanamh le leanaí óga le linn cigireachtaí agus cabhraíonn sé linn a n-eispéiris maidir lena saol i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh a thuiscint. Déanann an chuid is mó de dhaoine óga teagmháil le HIQA agus iad ar an láthair nó le linn cigireachtaí nó trí shuirbhé.

Ar an iomlán, dúirt daoine óga linn go raibh siad dearfach mar gheall ar an gcúram agus an tacaíocht a fuair siad. Dúirt an chuid is mó de dhaoine a ghlac páirt sa suirbhé gur tugadh tacaíocht dóibh nuair a tháinig siad go Baile an Oibricigh i dtosach, agus bhí rudaí dearfacha le rá acu faoin bhfoireann. Thug cigirí idirghabhálacha faoi deara idir baill foirne agus daoine óga, idirghabhálacha a bhí measúil agus tacúil. Cleachtóirí oilte agus eolacha ab ea na baill foirne, a stiúir na daoine óga agus a thacaigh leo, rud a léiríonn go raibh tuiscint láidir acu ar riachtanais indibhidiúla na leanaí, lena n-áirítear na rudaí a ghoillfeadh orthu agus a gcuid straitéisí chun déileáil le deacrachtaí.

Chuathas i gcomhairle le tuismitheoirí na ndaoine óga le linn cigireachta freisin agus labhair siad ar bhealach dearfach i dtaobh a dtaithí ar an tseirbhís, rud a léiríonn an mhuinín atá acu sa chúram agus tacaíocht atá á gcur ar fáil.

### Tuarascáil Forbhreathnaithe ar Rialú na Seirbhísí do Leanaí agus Monatóireacht orthu in 2024

In 2025, d'fhoilsíomar forbhreathnú ar ár dtorthaí ó sheirbhísí do leanaí a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu in 2024. D'aimsíomar, i gcásanna nuair a leithdháileadh oibrí sóisialta nó gairmí cúraim eile ar leanbh, go raibh cáilíocht na seirbhíse a cuireadh ar fáil dóibh ard. I measc na réimsí a bhfuil feabhas de dhíth orthu, tá an líon socrúchán oiriúnach atá ar fáil do leanaí faoi chúram agus an gá le hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do sheirbhísí chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí an tacaíocht a theastaíonn uathu ar bhonn seasta. D'fhoilsíomar freisin achoimre ar ár dtorthaí do leanaí le gur féidir le leanaí agus daoine óga faoi chúram léamh mar gheall ar ár dtorthaí.

## Rialú Seirbhísí Cúraim Sláinte agus Monatóireacht Orthu

Cuirimid sábháilteacht agus cáilíocht i dtaca le seirbhísí cúraim sláinte in Éirinn chun cinn. Déanaimid monatóireacht ar ospidéil phoiblí agus phríobháideacha agus seirbhísí athshlánaithe agus cúraim sláinte pobail chun tacú le sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'othair. Rialaímid freisin nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin chun a chinntiú go ndéantar gach gnáthamh raideolaíochta a fhaigheann daoine ar an mbealach is sábháilte agus is féidir.

Anuas ar mhonatóireacht ar bhonn gnáthrialta ar sheirbhísí cúraim sláinte, déanaimid athbhreithnithe agus cigireachtaí. In 2025, ina measc sin cuireadh an t-athbhreithniú reachtúil neamhspleách maidir le rialachas ionphlanduithe míochaine ag SLÉ, agus comhairle don Aire Sláinte maidir le cúram práinneach agus éigeandála a sholáthar i réigiúin FSS an Iarthair Láir i gcrích agus foilsíodh iad. Pléitear na rudaí sin níos faide anonn sa tuarascáil seo.

## Monatóireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte

In 2025, rinneamar monatóireacht ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí, rannóg éigeandála san áireamh, ar ospidéil phríobháideacha agus seirbhísí cúraim sláinte pobail ar fud na tíre de réir na *gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr.*

Cuireadh tús leis an Acht um Shábháilteacht Othar, 2023 i mí Mheán Fómhair 2024, rud a chuir ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar ospidéil phríobháideacha. Leathnaíodh caighdeáin HIQA chuig ospidéil phríobháideacha. Leis seo, cinntítear go bhfaigheann daoine, a bhfuil cúram sláinte príobháideach in úsáid acu, na cosaintí céanna ó mhonatóireacht agus maoirseacht neamhspleách, is a fhaigheann siad siúd a bhfuil seirbhísí cúraim sláinte poiblí in úsáid acu. Leis an ról nua seo, is féidir linn trédhearcacht níos mó a chur ar fáil ar fud earnáil an chúraim sláinte, rud a thagann lenár n-aidhm torthaí cúraim sláinte feabhsaithe a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Próiseas leanúnach is ea monatóireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte. Chomh maith le cigireachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí, baineann sé freisin le faisnéis mar gheall ar sheirbhís a fháil, agus anailísiú agus measúnú riosca a dhéanamh uirthi.

Le linn cigireachtaí, déanaimid athbhreithniú ar fhaisnéis atá againn mar gheall ar sheirbhís agus labhraímid le baill foirne agus le hothair chun foghlaim óna dtaithí saoil ar an tseirbhís cúraim sláinte. Ina dhiaidh sin, déanann cigirí measúnú ar shábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí. I gcás go bhfaighimid rioscaí agus fadhbanna a bhaineann le síor-neamhchomhlíontacht, géaróimid iad agus cuirfimid ar aghaidh iad chuig an mbainistíocht seirbhíse cúraim sláinte chuí.

I gcaitheamh 2025, rinneamar 60 cigireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte i gcoinne caighdeán náisiúnta. B'ionann é seo agus 360 lá cigireachta ar an láthair.

Le linn ár gcigireachtaí, aimsíodh dea-chleachtas ar fud an chuid is mó de na seirbhísí cúraim sláinte a ndearnadh cigireacht orthu. San iomlán, bhí dúshláin leanúnacha sna seirbhísí cúraim sláinte i dtaca le hacmhainneacht, soláthar foirne, agus fadhbanna bonneagair chun freastal ar riachtanais mhuintir na tíre faoi láthair agus amach anseo. Tá dúshláin fós ann i dtaca le róphlódú i rannóga éigeandála, cé gur aimsíomar nach mar sin a bhí sé i ngach seirbhís a ndearnadh cigireacht uirthi, agus go raibh líon áirithe seirbhísí ag déanamh go maith i dtaca le sruth na n-othar a bhainistiú don chuid is mó den bhliain.

I mí Mheán Fómhair 2025, d'fhoilsíomar na chéad tuarascálacha cigireachta ar na torthaí ó ospidéil phríobháideacha. Is dearbhú é don phobal i dtaca le cáilíocht agus sábháilteacht, go bhfuil sé de chumhacht againn monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhíse agus ár dtorthaí mar gheall uirthi a fhoilsiú. San iomlán, bhí na torthaí ó na cigireachtaí ar ospidéil phríobháideacha dearfach go ginearálta, ach cúpla eisceacht ann mar sin féin. I mionlach de na seirbhísí a measadh nach raibh ag déanamh chomh maith sin sa chéad mheasúnú, d'aithin na soláthraithe seirbhíse plean soiléir feabhsúcháin.

## Nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialú

Is é HIQA an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin. Tá ról fíorthábhachtach ag ár n-obair rialála sa réimse seo chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí raideolaíochta ar fáil a chuireann go díreach le torthaí a fheabhsú do dhaoine a úsáideann iad.

Amhail an 31 Nollaig 2025, táimid freagrach as rialú a dhéanamh ar 1,422 saoráid raideolaíoch leighis in Éirinn a dhéanann nochtadh míochaine don radaíocht ianúcháin. Úsáidimid cur chuige rioscabhunaithe i dtaca le rialáil, rud a fhágann go gcuirimid ár ngníomhaíochtaí in ord tosaíochta bunaithe ar mheasúnú ar leibhéal an riosca inár gcuid tascanna.

Mar chuid de mhórthionscadal in 2025, bhí ullmhúcháin do Mhisean na hÉireann de chuid Sheirbhís Athbhreithnithe Rialála Chomhtháite na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach in 2026, mar a leagadh amach i rannóg Rialachais agus Éifeachtachta Eagrúcháin na tuarascála seo. Mar thoradh ar an Misean seo a ullmhú, rinneamar 25 cigireacht in 2025, arbh ionann iad agus 50 lá cigireachta ar an láthair, rudaí ar tugadh tús áite dóibh mar chuid de chur chuige rioscabhunaithe i dtaca le rialáil.

Leis na gníomhartha le chéile, tacaíodh le saoráidí a chuir seirbhísí raideolaíochta míochaine ar fáil in Éirinn oibriú de réir na gcaighdeán is airde sábháilteachta agus cáilíochta agus léiríodh go raibh torthaí feabhsaithe do dhaoine ar fud na hÉireann mar thoradh ar nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialú.

### Tuarascáil Forbhreathnaithe ar Rialú na Seirbhísí Cúraim Sláinte agus ar Mhonatóireacht orthu in 2024

I mí na Samhna 2025, d'fhoilsíomar tuarascáil forbhreathnaithe ar Rialáil Seirbhísí Cúraim Sláinte agus ar Mhonatóireacht orthu ó 2024. Leagadh amach sa tuarascáil an chaoi ar spreagthóirí riachtanacha iad cigireachtaí HIQA chun feabhsú leanúnach a sholáthair i seirbhísí cúraim sláinte ar mhaithe leis na daoine a úsáideann seirbhísí.

Cé gur thug cigirí dea-chaighdeáin chúraim faoi deara, is timpeallacht dhúshlánach é cúram sláinte fós agus tá feabhsú leanúnach de dhíth i roinnt mór-réimsí. Aimsíodh sa tuarascáil forbhreathnaithe go bhfuil dúshláin ann fós roimh ospidéil i dtaca le bonneagar oiriúnach chun tacú le héileamh, acmhainneacht leapacha agus fórsa saothair leordhóthanach, i measc deacrachtaí eile.

Tá iarracht leanúnach feicthe againn ó an-chuid soláthraithe seirbhíse chun na torthaí ó chigireachtaí a úsáid chun feabhsúcháin agus torthaí dearfacha d'othair a bhrú chun cinn. D'fheabhsaigh breis is 86% de na caighdeáin náisiúnta a ndearnadh measúnú orthu in 2024 nó coinníodh leis na leibhéil chomhlíontachta i ndiaidh cigireacht a dhéanamh orthu in athuair. Ina theannta sin, i saoráidí ina gcuirtear nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin ar fáil, ba é líon na rialúchán a measadh gan a bheith comhlíontach ná 5%, rud atá i bhfad níos ísle ná an 12% a aithníodh idir 2021 agus 2023. Léiríonn sé seo an fiúntas a bhaineann le monatóireacht leanúnach ar sheirbhísí cúraim sláinte agus an tiomantas ó sheirbhísí chun seirbhísí a fheabhsú agus cúram ardcháilíochta a chur ar fáil a choinníonn othair sábháilte.

## Monatóireacht ar Ionaid Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta

Thosaigh HIQA ar mhonatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar ionaid chóiríochta do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn de réir na *gCaighdeán Náisiúnta maidir le cóiríocht a thairgtear do dhaoine sa phróiseas cosanta* (2019) i dtosach 2024.

I dtosach 2025, bhí freagracht orainn as cigireacht a dhéanamh ar 45 ionad seirbhíse cóiríochta um chosaint idirnáisiúnta (IPAS) ainmnithe. Roimh dheireadh 2025, laghdaigh líon na n-ionad ainmnithe faoinár sainchúram go 30 ionad.

Ba é 2025 an dara bliain dúinn monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar ionaid chóiríochta, agus dhíríomar ar fheabhsú a bhrú chun cinn i mór-réimsí inár gcigireachtaí in 2024.

## Torthaí ó Chigireachtaí in 2025

Tá ról lárnach ag ár gclár cigireachta le haghaidh ionaid chóiríochta chun a chinntiú don phobal go bhfuil an chóiríocht a chuirtear ar fáil do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn sábháilte, go bhfuil sé d'ardcháilíocht agus go bhfuil monatóireacht á déanamh uirthi. In 2025, rinneamar 37 cigireacht, ina raibh 172 lá cigireachta ar an láthair, ar 32 ionad cóiríochta ar fud na tíre chun iad a mheas i gcoinne na gcaighdeán náisiúnta. Inár dtorthaí, tarraingíodh aird arís ar na feabhsúcháin fhiúntacha ar fud na hearnála, lena n-áirítear dul chun cinn suntasach maidir le grinnfhiosrúchán ar bhaill foirne, rialachas, bainistíocht riosca agus cleachtais chumhdaigh. Leis na torthaí seo, léirítear go bhfuil sé inghnóthaithe na caighdeáin náisiúnta a chomhlíonadh agus go spreagann monatóireacht neamhspleách athrú dearfach, rud a thugann seirbhísí níos fearr do dhaoine a bhfuil siad de dhíth orthu, cuntasacht níos mó do sholáthraithe agus coinníollacha maireachtála níos sábháilte d'áitritheoirí - go háirithe dóibh siúd atá níos leochailí. In ainneoin gurb ann fós do dhúshláin amhail éileamh comhsheasmhach, róphlódú agus úsáid leanúnach á baint as cóiríocht phubaill, ar fud ár gcuid oibre bhí sé soiléir go raibh soláthraithe seirbhíse tiomanta chun caighdeán beatha na n-áitritheoirí a fheabhsú.

Bhí feabhsúcháin le feiceáil i roinnt mhaith réimsí i gcigireachtaí 2025 i gcomparáid le cigireachtaí 2024. Rud tábhachtach ná gur bhain soláthraithe seirbhíse tairbhe as an gcéad bhliain dóibh monatóireacht agus cigireacht neamhspleách a fháil agus go ndearna siad an-chuid athruithe dearfacha bliain ina dhiaidh sin.

## Tuarascáil Forbhreathnaithe ar Mhonatóireacht ar na hIonaid Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta in 2024

An bhliain seo caite, d'fhoilsíomar tuarascáil ar na príomhthorthaí ón gcéad bhliain dúinn monatóireacht a dhéanamh ar ionaid ainmnithe IPAS.

Den chuid is mó, thuairiscigh áitritheoirí IPAS go raibh eispéiris dhearfacha acu óna bheith ina gcónaí in ionaid chóiríochta. Is iad na réimsí ar aithníodh go raibh feabhas de dhíth orthu ná rialachas agus bainistíocht, bainistíocht riosca agus cumhdach agus cosaint.

## Ag Labhairt Amach: Conas a Chuireann HIQA le Guthanna Áitritheoirí na nIonad Cóiríochta

Ó ghlacamar freagracht as monatóireacht ar ionaid IPAS, tá tús áite tugtha againn d'áitritheoirí inár gcuid oibre. Chun tacú leis seo, tá straitéis teagmhála againn ina leagtar amach conas agus cén fáth a ndéanaimid teagmháil le háitritheoirí. Leagtar amach inti na grúpaí éagsúla áitritheoirí a bhfuilimid ag iarraidh bualadh agus labhairt leo le linn cigireachtaí, amhail daoine fásta, leanaí, an t-aos óg agus áitritheoirí leochaileacha.

Déanaimid teagmháil le háitritheoirí trí bhualadh leo ina n-aonar nó i ngrúpaí, trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe áitritheoirí, nó trí cheistneoirí.

### Bualadh le háitritheoirí

Bhuaileamar le 725 áitritheoir i gcaitheamh na gcigireachtaí a rinneamar in 2025 ar ionaid chóiríochta: 487 duine fásta 238 leanbh agus duine óg. Bhuaileamar le háitritheoirí nuair a bhí siad i mbun a ngnáthghníomhaíochtaí ina dtithe agus le daoine eile ina n-aonar. Ina theannta sin, eagraíodh trí chaint grúpa fócais le linn cigireachta ar ionad cóiríochta mór.

### Teagmháil trí cheistneoirí

Chun cur leis an bhfaisnéis a fuarthas ó bhualadh le háitritheoirí ar an láthair, dháileamar ceistneoirí i seacht dteanga éagsúla agus bhailíomar iad sular críochnaíodh na cigireachtaí. Bhí an rogha ag áitritheoirí an ceistneoir a chomhlánú go leictreonach dá mba mhian leo. Tugadh cuireadh do dhaoine fásta aiseolas a sholáthar i dtaobh roinnt réimsí, amhail cumhdach agus cosaint; aiseolas agus gearáin; conas a bhainistítear an t-ionad; bia, lónadóireacht agus áiseanna cócaireachta; cearta cónaitheoirí; tacaíocht foirne; agus cóiríocht. Iarradh aiseolas ó leanaí agus daoine óga ar chearta leanaí; oideachas agus súgradh; gearán a dhéanamh agus aiseolas a chur ar fáil; cóiríocht; bia agus lónadóireacht; agus cumhdach agus cosaint. San iomlán, thug áitritheoirí 289 ceistneoir ar ais agus chomhlánaigh daoine fásta 254 acu agus leanaí 35 acu.

***“I bhfad níos fearr ná an áit ina rabhamar cheana”***

***“Tá na seomraí plódaithe agus níl áit ar bith agam chun staidéar a dhéanamh nó chun obair choláiste a chríochnú”***

***“Airím go bhfuil mé sa bhaile”***

***“Roimhe seo bhí sé thar a bheith fuadrach, áiríonn sé suaimhneach anois”***

### An méid a d'fhoghlaimíomar

Fadhbanna suntasacha ab ea róphlódú agus easpa spáis go fóill do leanaí agus do dhaoine óga. Mhínigh roinnt acu go raibh orthu seomra leapa a roinnt agus i gcásanna áirithe leaba a roinnt le siblíní agus ní raibh siad sásta leis sin.

Bhí raon d'eispéiris éagsúla agus áitritheoirí lánfhásta mar gheall ar a dtaithí in ionaid chóiríochta. Ar an iomlán, dúirt siad gur airigh siad sábháilte, gur thug foireann an ionaid tacaíocht dóibh agus d'airigh siad go raibh ceangal acu lena bpobail áitiúla. Ba mhór ag cuid mhaith acu an tslándáil, an leanúnachas agus an tseasmhacht a chuir na hionaid chóiríochta ar fáil, go háirithe do theaghlaigh. Cé gur luaigh an-chuid acu go raibh siad sásta leis an tacaíocht a fuair siad is gur airigh siad gur léiríodh meas orthu, tharraing daoine eile aird ar réimsí ar mhaith leo go bhfeabhsófaí, go háirithe i dtaca lena bpríobháideacht, soláthar bia, an chaoi a ndéileáiltear le gearáin, comhairliúchán, áiseanna cócaireachta, socruithe leapa agus feasacht ar chumhdach.

### Tionchar

Mar gheall ar an gcur chuige atá againn i dtaca le teagmháil le háitritheoirí tá cuireadh faighte againn chuig na mílte teach de chuid áitritheoirí agus chonaiceamar féin cáilíocht a gcuid cóiríochta. Bhí sé de phribhléid againn éisteacht go díreach leo agus le conas mar atá sé cónaí a bheith ort in ionad cóiríochta. Mar fhreagra air sin, tá sé socraithe againn go mbeidh rannóg mhór dár dtuarascálacha ag tarraingt aird ar an méid a insíonn na háitritheoirí dúinne, rud a chinntíonn go dtugtar cluas éisteachta dá nguthanna inár bpróisis mhonatóireachta.

**Tá HIQA ag dul i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse agus ag cur ar a gcumas eispéireas feabhsaithe agus torthaí níos fearr a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse**

# Foghlaim chomhroinnte chun torthaí a fheabhsú do dhaoine

Trínár bpróisis chlárúcháin, treoir, sonraí eispéiris úsáideoirí seirbhíse agus tacaíocht leanúnach, cuirimid ar chumas soláthraithe seirbhíse a gcleachtais a fheabhsú agus eispéiris agus torthaí a fheabhsú do mhuintir na hÉireann.

## Athbhreithniú neamhspleách ar rialachas ag Sláinte Leanaí Éireann

I ndiaidh iarratas ón Aire Sláinte, rinneamar athbhreithniú reachtúil neamhspleách ar rialachas maidir le hionphlanduithe míochaine in SLÉ, lena n-áirítear úsáid spriongaí gan mharc CE orthu i máinliacht ag SLÉ ar Shráid an Teampaill. San athbhreithniú, clúdaíodh an tréimhse idir mí na Samhna 2018, nuair a rinneadh machnamh ar spriongaí a úsáid mar rogha cóireála do chohórt beag leanaí a bhí ag freastal ar SLÉ ar Shráid an Teampaill, go dtí mí Iúil 2023, nuair a dearbhaíodh go hinmheánach nach raibh marc CE ar na spriongaí a ionphlandaíodh i roinnt leanaí le linn máinliacht dromlaigh, idir 2020 agus 2022.



*Stiúrthóir Rialála Cúraim Sláinte Sean Egan á chur faoi agallamh mar gheall ar ár n-athbhreithniú reachtúil neamhspleách ar rialachas agus maoirseacht úsáide ionphlanduithe máinliachta agus ionphlanduithe míochaine i Sláinte Leanaí Éireann.*

I mí Aibreáin 2025, i ndiaidh an t-athbhreithniú a chur i gcrích agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear teaghlaigh na bpáistí ar ionphlandaíodh spriongaí iontu, d'fhoilsíomar ár dtorthaí agus moltaí.

D'aithníomar nár chuir na rialuithe a bhí i bhfeidhm laistigh de SLÉ chun próisis ceann go ceann a bhainistiú na cosaintí leordhóthanacha riachtanacha ar fáil ag gach céim den phróiseas, lena n-áirítear na céimeanna le haghaidh na spriongaí a fháil, iad a thabhairt isteach, iad a dhí-éilliú agus iad a úsáid in obráidí. Mar thoradh, níor cosnaíodh leanaí ó riosca dochair. Bhí eispéireas na leanaí agus a dteaghlach i gcroílár an athbhreithnithe seo, agus gabhaimid buíochas le teaghlaigh a rinne teagmháil linn agus a thug léargas iontach dúinn ar a dtaithí ar an tseirbhís.

Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe seo, rinneamar naoi moladh go sonrach le cur i bhfeidhm ag SLÉ, naoi moladh le cur i bhfeidhm i ngach seirbhís cúraim sláinte a gcuireann FSS ar fáil iad nó a maoiníonn FSS iad, agus moladh amháin le haghaidh seirbhísí sláinte agus ospidéil phríobháideacha curtha ar fáil nó maoinithe ag FSS. Sna moltaí seo, díríodh ar fheabhas a chur ar na socruithe chun tacú le ceannaireacht agus bainistíocht laistigh de na gairmeacha míochaine in ospidéil agus rialachas maidir le feistí leighis a thabhairt isteach agus a úsáid ag an leibhéal indibhidiúil agus náisiúnta laistigh de FSS.

Táimid fós i mbun obair leantach ar na moltaí le haghaidh SLÉ, FSS, agus na hospidéil phríobháideach agus na struchtúir chinnteachta a cuireadh i bhfeidhm, chomh maith le nuashonruithe stádais leanúnacha i ndiaidh na moltaí a chur i bhfeidhm.

Tá sé soiléir ón obair atá déanta againn sa réimse tábhachtach seo go bhfuil feabhsúcháin fhollasacha bainte amach againn le haghaidh leanaí a úsáideann na seirbhísí agus a dteaghlaigh araon, agus beidh na moltaí a rinneadh ábhartha freisin do sholáthar seirbhíse sláinte go náisiúnta.

# Uirlisí treorach agus cur chun feidhme

Tacaíonn uirlisí treorach agus cur chun feidhme le soláthraithe cúraim sláinte agus shóisialta na caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm agus eispéireas úsáideoirí seirbhíse feabhsaithe agus torthaí níos fearr a chur ar fáil.

## Cur chuige maidir le caighdeáin a shocrú

Forbraímid caighdeáin duineláraithe atá dírithe ar thorthaí a fheabhsú. Scríobhtar caighdeáin ó pheirspictíocht an duine a fhaigheann an cúram, trí úsáid a bhaint as ráitis 'mé', agus leagtar amach iontu cad leis ar chóir do dhuine a bheith ag dréim nuair a fhaigheann siad cúram agus tacaíocht.

I mí Eanáir 2025, chuireamar cur chuige na hÉireann maidir le caighdeáin náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i láthair d'fhóram Comhairliúchán na hEagraíochta Sláinte Domhanda (ESD) chun bonn eolas a chur faoi Chaighdeáin Dhomhanda maidir le Cúram Fadtéarmach agus, ina dhiaidh sin, do Ghníomhaireacht Íoslannach um Cháilíocht agus Maoirseacht Leasa.

Bhí an-tionchar ag ár gcuid oibre maidir leis an *gCreat Eorpach um Cháilíocht i Seirbhísí Sóisialta* a fhorbairt. Sheol an Líonra Sóisialta Eorpach an Creat Eorpach i bParlaimint na hEorpa i mí na Samhna.

Sna cuirí idirnáisiúnta seo chun dea-chleachtas a chomhroinnt, léiríodh tionchar na samhla fianaisebhunaithe agus toradhbhunaithe atá in Éirinn agus ról na hÉireann mar cheannródaí i dtaca le caighdeáin cúraim sláinte agus shóisialta.




*An Dr Niamh O'Rourke, Leas-Stiúrthóir um Chaighdeáin Sláinte agus Cúraim Shóisialta, ag labhairt ag Comhchomhairle Pharlaimint na hEorpa ar Cháilíocht i Seirbhísí Sóisialta, sa Bhruiséil.*

## Tacú le soláthraithe agus baill foirne chun caighdeáin a chur i bhfeidhm ina gcleachtas laethúil

Tá cúig chúrsa ar líne againn chun tacú le baill foirne cúraim sláinte agus shóisialta chun caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm ar an Mol Foghlama ar ár suíomh idirlín nó trí HSELanD, tairseach foghlama ar líne FSS. Sna cúrsaí, pléitear topaicí maidir le hionfhabhtú agus rialú, cumhdach daoine fásta, cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm maidir le cúram, buneilimintí na habhcóideachta agus conas cáilíocht sonraí a fheabhsú do sheirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Uirlisí riachtanacha is ea iad maidir le cleachtas feabhsaithe a éascú agus tacú le caighdeáin náisiúnta agus treoir maidir le seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a chur i bhfeidhm, rud a rachaidh chun tairbhe, ar deireadh thiar, d'othair agus do dhaoine a úsáideann seirbhísí trasna na tíre.

In 2025, chríochnaigh 90,465 duine ceann amháin as cúig cinn dár gcúrsaí foghlama ar líne, rud a fhágann gurb é an líon iomlán cúrsaí a cuireadh i gcrích ó 2020 ná 453,393.

## Treoir Náisiúnta maidir le Dea-Chumarsáid i gCúram Sláinte agus Sóisialta: Teanga Shoiléir a Úsáid




Tá staidéir ann ina léirítear go bhfuil leibhéal íseal litearthachta ag duine as cúigear aosach in Éirinn agus go bhfuil inniúlacht íseal sláinte ag duine as ceathrar. In ainneoin gur aimsíodh i dtaighde a rinne HIQA trína *Rannpháirtíocht Náisiúnta ar Chúram Sláinte agus Sóisialta Digiteach* go ndúirt 75% de dhaoine go bhfaighidís a gcuid faisnéise sláinte ar líne, bhí 50% de dhaoine fós ag streachailt le bunlitearthacht dhigiteach.

Mar fhreagra ar na deacrachtaí sin, d'fhorbraíomar *Treoir Náisiúnta maidir le Dea-Chumarsáid i gCúram Sláinte agus Sóisialta: Teanga Shoiléir a Úsáid*. Bhí athbhreithniú ar bhreis is 70 treoir cumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta, uirlis agus acmhainn rannpháirtíocht ó shaineolaithe ar theanga shoiléir san Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ANLA) agus SOLAS (an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as Breisoideachas agus Oiliúna), an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Tusla, FSS agus ionadaithe úsáideoirí seirbhíse mar bhonn eolais leis an treoir seo.

Leis an treoir, tacaítear le baill foirne cúraim sláinte agus shóisialta dul i ngleic le riachtanais agus roghanna cumarsáide éagsúla, agus aithnítear inti gur féidir deacrachtaí a bheith ag daoine ar bith faisnéis a thuiscint i suíomh cúraim sláinte nó shóisialta, is cuma cén aois, cumas, oideachas nó céad teanga atá acu. Tagraítear inti freisin do gach céim chumarsáide le linn turas duine trí chúram sláinte agus sóisialta, ón uair sula n-úsáideann siad an tseirbhís, go dtí an tréimhse ina n-úsáideann siad í go gníomhach, go dtí an uair a fhágann siad an tseirbhís.

Cabhraíonn an treoir náisiúnta seo le caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm, agus tá sé mar aidhm aici an chaoi a roinntear agus a dtuigtear faisnéis i ngach suíomh cúraim sláinte agus shóisialta a fheabhsú. Trí thacú le baill foirne teanga shimplí a úsáid go seasta, cabhraíonn sé lena chinntiú gur féidir le gach duine, is cuma cén cúlra, leibhéal litearthachta nó riachtanas cumarsáide atá acu, faisnéis shoiléir, chruinn agus fhiúntach a fháil i dtaca lena gcúram.

# Teagmháil le soláthraithe seirbhíse

Le linn 2025, reáchtálaimid roinnt imeacht foghlama ar fud na tíre le haghaidh soláthraithe agus daoine i mbun údaráis ar thithe altranais agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhreastail breis is 1,300 toscaire ar na himeachtaí i bhfómhar 2025. Leis na himeachtaí seo, tá deis ann nithe a foghlaimíodh ó chigireachtaí a roinnt, béim a chur ar réimsí atá le feabhsú, agus tacú le soláthraithe rialachas, cumhdach agus an caighdeán cúraim a chuirtear ar fáil d'áitritheoirí agus daoine a úsáideann seirbhísí a neartú.

Ba mhaith linn buíochas ghabháil le gach duine a chaith a gcuid ama ag freastal ar chainteanna cabhracha, agus ag cur leo, a bhí dírithe ar sheirbhísí a fheabhsú agus torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá faoi chúram na hearnála cúraim shóisialta trí chéile.











*Pictiúir ó imeachtaí le haghaidh soláthraithe tithe altranais agus seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas.*

# 2
# Éifeacht treoraithe ag an bhfianaise



# Caibidil 2:
# **Éifeacht treoraithe ag an bhfi-**

Cuireann HIQA fianaise ar fáil chun cinntí beartais agus forbairtí cleachtais a threorú ar fud seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar leibhéal an phobail

**Tá sé de chumhacht ag fianaise bonn eolais a chur faoi bheartas. Nuair atá faisnéis mhaith agat, is féidir leat cinntí maithe a dhéanamh, go háirithe i gcóras nuair atá an oiread sin éileamh comhsháraitheach ann. Má thacaítear le cur chuige fianaisebhunaithe, is féidir a chinntiú go bhfuil cinntí a dhéanamh ar fud cúram sláinte agus sóisialta bunaithe ar an bhfianaise is fearr agus ar dhea-chleachtas. Leis seo, tacaítear le hidirghabhálacha níos éifeachtaí a ghlacadh, seirbhísí a phleanáil níos fearr agus, ar deireadh thiar, torthaí agus eispéiris a fheabhsú do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta.**

## I dTreo Cúram Níos Sábháilte: Ár n-athbhreithniú ar chúram práinneach agus éigeandála san Iarthar Láir

I mí na Bealtaine 2024, d'iarr an tAire Sláinte ar HIQA athbhreithniú reachtúil neamhspleách a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht mar gheall ar dhearadh agus soláthar seirbhísí cúraim sláinte éigeandála i réigiún FSS an Iarthair Láir. Mar chuid den iarratas seo, iarradh orainn an argóint le haghaidh an dara roinn éigeandála sa réigiún a mheá. D'fhoilsíomar na téarmaí tagartha le haghaidh an athbhreithnithe i mí Lúnasa 2024, agus foilsíodh an t-athbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2025.

Bhaineamar úsáid as ár dtaithí ar shintéisiú fianaise chun an fhianaise is fearr a bhí ar fáil a iniúchadh maidir le dul i ngleic le fadhbanna sábháilteachta agus acmhainneachta. Lenár lionsa rialacháin, fágadh gur féidir linn tuairim neamhspleách agus oibiachtúil a thabhairt ar an gcomhairle, toisc go dtuigimid cad atá ag teastáil chun a chinntiú go soláthraíonn seirbhísí go seasta ardchaighdeáin chúraim agus na torthaí is fearr is féidir don phobal san Iarthar Láir.

San áireamh san athbhreithniú:

- athbhreithnithe fianaise idirnáisiúnta chun bearta a aithint chun róphlódú i rannóga éigeandála a laghdú agus riachtanais a aithint le haghaidh seirbhís rannóige éigeandála
- athbhreithniú ar fhorbairtí beartais idir 2000 agus 2024 a d'imir tionchar ar leagan amach, dearadh agus soláthar na seirbhíse reatha san Iarthar Láir
- cigireacht rialála ar na seirbhísí cúraim sláinte san Iarthar Láir, a chuirfidh leis an gclár leanúnach i dtaca le monatóireacht ar sheirbhísí sa réigiún i gcoinne na *gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr* (2012)
- athbhreithniú ar shonraí a bhaineann le hacmhainneacht agus feidhmíocht gníomhaíochta seirbhísí chun tuiscint a fháil ar an suíomh san Iarthar Láir agus ar an gcaoi a dtéann sé i gcomparáid le réigiúin sláinte eile
- gníomh rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí, chun tuairimí daoine san Iarthar Láir, agus páirtithe leasmhara eile, a lorg ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta. Mar thoradh ar an teagmháil seo, tháinig 1,121 aighneacht isteach i suirbhé ar líne agus 17 gcruinniú ar an láthair

D'oibríomar leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) chun athruithe réamh-mheasta ar an éileamh ar chúram práinneach agus éigeandála agus acmhainneacht othar cónaitheach a thuiscint sa réigiún go dtí 2040. Bunaíodh sainghrúpa comhairleach chun tacú lenár gcuid oibre.

Inár gcomhairle, tarraingíodh aird ar an gá práinneach atá le gníomh agus infheistíocht chun dul i ngleic le rioscaí reatha ar shábháilteacht othar sa tréimhse ama is giorra agus ar an mbealach is sábháilte agus is féidir agus dúradh gurb é an t-easnamh in acmhainneacht othar cónaitheach an phríomhdheacracht i dtaca le soláthar cúraim phráinnigh agus éigeandála i réigiún FSS an Iarthair Láir. Leagadh amach sa chomhairle cad atá ag teastáil chun dul i ngleic leis na rioscaí reatha ar shábháilteacht othar agus na trí rogha fhéideartha don bhealach inar féidir é seo a bhaint amach sa ghearrthéarma agus laistigh de thréimhse níos faide.

**Conas is féidir linn cúram sláinte níos sábháilte a bhaint amach i Réigiún an Iarthair Láir?**

**Chuireamar trí rogha fhéideartha i láthair an Aire Sláinte maidir le conas é sin a bhaint amach sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.**

**Rogha A:**

**Leathnaigh**

Leathnú ar an acmhainn in Ospidéal Ollscoile Luimnigh (UHL) ar shuíomh Thuar an Daill.

**Rogha B:**

**Sínigh**

Síniú ar champas ospidéil UHL chun an dara suíomh nua a chuimsiú i ngar-aice, faoi mhúnla comhroinnte rialachais agus acmhainní.

**Rogha C:**

**Forbair**

Ospidéal Mhúnla 3 a fhorbairt in FSS an Iarthair Láir a sholáthróidh an dara rannóg éigeandála (RE) don réigiún.

I mí na Nollag 2025, d'fhógair an tAire Sláinte gur gheall an rialtas go raibh sé chun meascán de na trí rogha a cuireadh i láthair inár dtuairisc a chur i bhfeidhm, rud a léirigh conas a éascaíodh cinneadh beartais chun torthaí a fheabhsú ar fud seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn mar gheall ar obair HIQA i dtaca le fianaise a chur ar fáil trí anailís chríochnúil neamhchlaonta.

# Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Sintéisiú Fianaise

Bonn téagartha le haghaidh ceapadh beartais agus trédhearcacht don phobal i dtaca leis an bhfianaise atá mar bhonn eolais le cinntí is ea measúnú ar theicneolaíocht sláinte (HTA), sintéisiú fianaise agus comhairle fianaisebhunaithe. Déanaimid meastóireacht ar éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht na dteicneolaíochtaí sláinte chun bonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta náisiúnta agus déanaimid sintéisiú fianaise chun tacú le feabhsú beartais agus seirbhíse in Éirinn. Le HTA agus sintéisiú fianaise, cuirtear anailís chríochnúil neamhspleách ar fáil a chinntíonn go bhfuil cinntí beartais agus cleachtais éifeachtach, sábháilte agus luachmhar. Cuirimid fianaise ardcháilíochta ar fáil a thacaíonn le feabhsú ar leibhéal an daonra ar réimsí amhail:

**Cinnteoireacht sláinte náisiúnta, imdhíonadh, clár scagthástála agus comhairle sláinte poiblí**



## Cinnteoireacht náisiúnta

Cuirimid bonn eolais faoi chinntí infheistíochta náisiúnta de chuid an Aire Sláinte agus FSS ar raon leathan teicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal an daonra. Tá na teicneolaíochtaí seo fadréimseach agus áirítear leo feistí leighis, teicneolaíochtaí sláinte digiteacha, tástálacha diagnóiseacha agus athchumrú seirbhíse sláinte, i measc idirghabhálacha eile.

Áirítear leis an gcomhairle a d'eisíomar in 2025:

- **Seirbhís teileafóin a chur ar fáil do riachtanais ghéarchúraim leighis neamhphráinneacha sa suíomh réamhospidéil:** D'fhiosraíomar samhlacha idirnáisiúnta agus rinneamar meastóireacht ar thionchar buiséid agus impleachtaí eagrúcháin samhlacha éagsúla, go dtí gur chuireamar ár gcomhairle i gcrích chun bonn eolais a chur faoi chinneadh ar cé acu ar chóir nó nár chóir seirbhís nua teileafóin a thabhairt isteach in Éirinn.

D'oibríomar ar roinnt tionscadal eile le linn 2025 a chuirfidh comhairle ar fáil nuair a fhoilseofar iad. Ina measc bhí:

- **Teileadeirmeolaíocht chun tacú le hatreoruithe cúraim phríomha a bhainistiú:** Tá iniúchadh á dhéanamh againn ar éifeachtacht chliniciúil, sábháilteacht, impleachtaí eacnamaíochta, agus aon saincheisteanna eagrúcháin maidir le teileadeirmeolaíocht a úsáid chun othair a atreoraíonn Dochtúirí Ginearálta chuig sainseirbhísí deirmeolaíochta a thriáiseáil. Foilseofar ár gcomhairle in 2026.
- **Aistriú daoine aonair le tromlágú néareolaíochta chuig seirbhísí cúraim sláinte do dhaoine fásta, agus eagrú na seirbhísí sin:** Tá tús curtha againn le hobair chun éifeachtacht chliniciúil agus impleachtaí eacnamaíochta a iniúchadh sa réimse seo agus nuair a fhoilseofar ár gcomhairle cuirfidh sé bonn eolais faoi chinnteoireacht a dhéanfaidh an tAire agus FSS.
- **Ionphlanduithe cochla do dhaoine fásta a bhfuil ionphlandú aontaobhach de dhíth orthu:** Nuair a fhoilseofar ár gcomhairle, úsáidfear í chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht a dhéanfaidh an tAire agus FSS agus is féidir go bhfeabhsófar éisteacht daoine mar thoradh uirthi.
- **Cnaipí veiseacastóime i leanaí:** Chuireamar tús leis seo ar an mear-HTA (Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte) go deireanach in 2025, agus cuirfear ár gcomhairle faoi bhráid an Aire Sláinte i ndiaidh ár dtaighde a chur i gcrích.

## Imdhíonadh

Déanaimid HTAnna agus sintéisithe fianaise chun eolas a dhéanamh do bheartais imdhíonta ar thug Príomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte tosaíocht dóibh. In 2025, tá dhá thionscadal i gceist leis an obair seo:

- **Imdhíonadh i gcoinne víreas sincítiach riospráide (VSR) in Éirinn:** Chun tacú le cinneadh beartais maidir le himdhíonadh naíonán agus daoine scothaosta (in aois 65 nó níos sine) i gcoinne VSR do shéasúr VSR 2026-2027, tá iniúchadh á dhéanamh againn ar éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht, sábháilteacht agus tionchar buiséid straitéisí imdhíonta malartacha, chomh maith leis na himpleachtaí eagrúcháin, acmhainní, eiticiúla, othar agus sóisialta a bhaineann le himdhíonadh. I mí na Nollag, sheolamar comhairliúchán poiblí chun aiseolas a iarraidh ar ár ndréacht-tuairisc.
- **Imdhíonadh COVID-19 in Éirinn:** I ndiaidh iarratas ón bPríomhoifigeach Leighis, chuireamar tús le measúnú ar straitéisí imdhíonta éagsúla COVID-19 chun comhairle a chur ar an Aire chun bonn eolais a chur faoi bheartas imdhíonta COVID-19 in Éirinn.

## Cláir scagthástála

Is coiste comhairleach neamhspleách é an Coiste Comhairleach Náisiúnta um an Scagadh (NSAC) a thugann comhairle don Aire Sláinte agus don Roinn Sláinte ar gach togra clár scagthástála daonrabhunaithe nua agus ar athbhreithnithe ar chláir reatha. Lenár bhfeidhm HTA Scagthástála, cuirtear comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil chun bonn eolais a chur faoi obair NSAC. Is éard a bhí i gceist leis an tacaíocht seo go dtí seo ná measúnuithe ar chláir scagthástála dhaonrabhunaithe nua agus athbhreithnithe ar phróisis (cosúil le cur chuige tosaíochta agus cinnteoireachta, nó forbairt creata eitice) a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais maidir le scagthástáil.

Chuireamar an chomhairle seo a leanas ar fáil do NSAC in 2025:

- **Scagthástáil daonrabhunaithe le haghaidh ainéaras aorta an bhoilg i bhfir:** Is éard atá i gceist le hainéaras aorta an bhoilg (AAB) ná at san aorta agus is féidir le réabadh anéarais mhóir a bheith ina chúis le fuiliú mór inmheánach, rud a bhíonn marfach de ghnáth. Níl aon chlár scagthástála in Éirinn faoi láthair le haghaidh AAB. Bhí an chomhairle a chuireamar ar NSAC mar bhonn eolais faoina mholadh don Aire Sláinte ar cé acu ar chóir nó nár chóir scagthástáil daonrabhunaithe le haghaidh AAB a thabhairt isteach go hÉirinn, agus ghlac an tAire leis an moladh.
- **BowelScreen a leathnú amach chucu siúd atá in aois 50 go 54 bliain:** Tá sé mar aidhm ag scagthástáil ailse putóige (ar a dtugtar ailse cholaireicteach freisin) comharthaí ailse a bhrath go luath nuair nach mbíonn aon airí ann. Cuireadh obair ar HTA chun machnamh a dhéanamh ar an gclár a leathnú chucu siúd atá in aois 50 go 54 i gcrích in 2025, agus cuireadh ár HTA ar fáil mar chomhairle do NSAC.

D'oibríomar ar roinnt HTA scagthástála eile le linn 2025 ar iarratas ó NSAC. A luaithe is a chuirtear na tionscadail seo i gcrích, cuirfear iad ar fáil mar chomhairle do NSAC chun bonn eolais a chur faoina moltaí don Aire Sláinte:

- **Scagthástáil le haghaidh hipearcolaistéaróiléime dhúchais (HD) i leanaí:** Chuireamar tús le hobair ar HTA chun tacú le cinnteoireacht i dtaca le scagthástáil le haghaidh hipearcolaistéaróiléime dhúchais (HD), rud a dhéanfar trí chur chuige dhá chéim a úsáid.
- **Scagthástáil le haghaidh hipearpláise aidréineach ó bhroinn a chur leis an gClár Scagthástála Fuilspota Naíonna Náisiúnta:** Thosaíomar ag obair ar an tionscadal le linn 2025 agus tá iniúchadh á dhéanamh againn ar éifeachtacht chliniciúil agus éifeachtúlacht costais a bhaineann le naíonna a scagthástáil le haghaidh hipearpláise aidréineach ó bhroinn chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige ar an mbuiséad, impleachtaí eagrúcháin agus saincheisteanna eiticiúla a bhaineann lena chur leis an gClár Scagthástála Fuilspota Naíonna Náisiúnta.
- **Athruithe ar an gclár BreastCheck:** Chuireamar tús le HTA ar an aois incháilitheachta a leathnú chucu siúd atá in aois 45 go 49 agus 70 go 74, agus rinneadh scagthástáil dlúis cíche a mheá.

### Beartas sláinte poiblí

Cuirimid comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil chun bonn eolais a chur faoi bheartas sláinte náisiúnta i réimsí a dtugann Príomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte tús áite dóibh. In 2025, san áireamh san obair seo tá dhá thionscadal a d'iarr an Príomhoifigeach Leighis:

- **Nuashonrú mar le treoirlínte alcóil ísealriosca na hÉireann:** Táimid ag obair chun bonn eolais a chur faoin nuashonrú atá beartaithe ag an Roinn Sláinte ar threoirlínte alcóil ísealriosca, a ndearnadh athbhreithniú orthu an uair dheireanach in 2015. San áireamh leis seo, tá samhaltú ar an riosca a bhaineann le bás agus daoine a bheith curtha san ospidéal mar gheall ar alcól in Éirinn agus tabhairt faoi athbhreithniú córasach ar an gceangal idir tomhaltas alcóil agus torthaí meabhairshláinte. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh ár n-obair mar bhonn eolais faoi chinnteoireacht sláinte poiblí de chuid an Aire Sláinte.
- **Achoimre ar sheirbhísí atá maoinithe go poiblí le haghaidh atáirgeadh daonna deontóirchuidithe i dtíortha áirithe:** Tá obair ar siúl againn chun tacú leis an Roinn Sláinte maidir le beartas a mheá agus a fhorbairt i dtaca le seirbhísí a mhaoineofar go poiblí sa todhchaí le haghaidh atáirgeadh daonna deontóirchuidithe in Éirinn.

## An Lárionad in Éirinn um Thacaíocht do Threoirlíne Chliniciúil agus Athbhreithnithe Fianaise (CICER)

Tá an Lárionad in Éirinn um Thacaíocht do Threoirlíne Chliniciúil agus Athbhreithnithe Fianaise (CICER) maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte (BTS) chun fianaise ardcháilíochta a chur ar fáil chun tacú le Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta a fhorbairt. Deimhníonn an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (CNEC) na Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta agus sainordaíonn an tAire Sláinte iad lena gcur i bhfeidhm in Éirinn.

Tá CICER comhdhéanta d'fhoireann taighde ildisciplíneach le tacaíocht ó fhoireann ó HIQA, agus an Disciplín Sláinte Poiblí agus Cúraim Phríomha i Scoil an Leighis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

In 2025, áiríodh leis an obair sin na nithe seo a leanas:

- Tacú le Nuashonrú ar an Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta chun tacú le géarthaomanna asma ar dhaoine fásta a bhainistiú (16 bliana d'aois agus níos sine).
- Tacú le Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta a fhorbairt a thacóidh le hotracht ar dhaoine fásta a bhainistiú.
- Tacú le Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta a fhorbairt maidir le Córas Réamhrabhaidh le haghaidh Leigheas Éigeandála do Leanaí.
- Tacú leis an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Sláinte Amháin ar chur i bhfeidhm ar chuspóir straitéiseach 5-07 um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach trí uirlis chostála a fhorbairt agus a thriail le haghaidh ráigeanna de ghalair thógálacha i ngéarospidéil phoiblí.
- Ag obair ar chur síos a dhéanamh ar chritéir agus próisis go hidirnáisiúnta chun treoirlínte criticiúla a chur as feidhm chun bonn eolais a chur faoi nuashonruithe ar an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (CNEC).

National Immunisation Advisory Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh

# An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh

Is é an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) Grúpa Comhairleach Teicniúil Náisiúnta na hÉireann um Imdhíonadh, a chuireann comhairle agus moltaí neamhspleácha fianaisebhunaithe ar fáil don Aire Sláinte ar imdhíonadh agus ábhair sláinte a bhaineann leis agus ar Threoirlínte Imdhíonta a fhorbairt d'Éirinn. Bunaíodh NIAC i dtosach in 1998, agus aistríodh é ansin ó Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann go HIQA ar an 31 Márta 2025.

Cuireann Ardrúnaíocht NIAC laistigh de HIQA sintéisiú fianaise agus tacaíocht riaracháin ar fáil do NIAC.

Le linn 2025, d'eisigh NIAC roinnt moltaí agus d'fhorbair NIAC cuid de na moltaí seo nuair a bhí sé faoi rialachas Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.

**Dhá mholadh do Phríomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte**

- **Litir maidir le réasúnaíocht d'íoseatramh 4 in 1.** Tá na moltaí seo curtha i bhfeidhm agus corpraithe sna treoirlínte.
- **Moltaí nuashonraithe maidir le vacsaíniú i gcoinne COVID-19.** Tá na moltaí nuashonraithe seo curtha i bhfeidhm agus corpraithe sna treoirlínte.

**Trí mholadh don Aire Sláinte**

- **Moltaí maidir le húsáid seachlipéid vacsaín mheiningeacocúil B (4CMenB) chun gónairith a chosc.** Glacadh leis na moltaí gan an vacsaín a chur i bhfeidhm.
- **Moltaí nuashonraithe maidir le vacsaíniú i gcoinne VSR i ndaoine scothaosta.** Tá siad seo arna chorprú i dtreoirlínte NIAC. Beidh an HTA leanúnach ar an topaic seo mar bhonn eolais do chinneadh an Aire Sláinte ar VSR do dhaoine scothaosta.
- **Moltaí nuashonraithe maidir le próifiolacsas iarnochta i gcoinne confaidh.** Ghlac an tAire Sláinte le moltaí NIAC agus cuireadh i bhfeidhm iad.

**Nuashonraithe ar Threoirlínte Imdhíonta d'Éirinn**

In 2025, nuashonraigh NIAC sé chaibidil de na treoirlínte Imdhíonta d'Éirinn:

- Caibidil 11 (Fliú)
- Caibidil 18 (Confadh)
- Caibidil 5a (COVID-19)
- Caibidil 2 (Gnáthaimh Imdhíonta Ghinearálta)
- Caibidil 18a (VSR) – 2 nuashonrú
- Caibidil 23 (Varicella-Zoster)

# Eolas Sláinte

Oibrímid chun cur chuige comhsheasmhach agus caighdeánaithe a fhorbairt maidir le faisnéis cúraim sláinte agus shóisialta a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt ar fud seirbhísí. Cabhraíonn sé seo le feabhsúcháin ar cháilíocht na faisnéise sláinte agus na sláinte digití a bhrú chun cinn in Éirinn. Déanaimid é seo trí chaighdeáin náisiúnta a fhorbairt le haghaidh faisnéis sláinte agus sláinte dhigiteach agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht i gcoinne na gcaighdeán sin. Forbraímid treoir agus uirlisí chomh maith chun bainistíocht faisnéise agus cáilíocht sonraí a fheabhsú. Chun tacú le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, déanaimid anailís freisin ar shonraí náisiúnta cúraim sláinte agus shóisialta, cuirimid comhairle ar an Rialtas i dtaca le beartas, agus oibrímid le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go dtacaíonn faisnéis fhianaisebhunaithe ardcháilíochta le cúram níos sábháilte agus níos fearr. Tá an obair seo riachtanach chun dea-thorthaí a chinntiú do dhaoine a úsáideann seirbhísí i bhfianaise an aistrithe chuig Spás Eorpach Sonraí Sláinte, agus dul chun cinn An Bhille um Fhaisnéis Sláinte, 2024.

Mar gheall air sin, príomhfhócas a bhí againn in 2025 ab ea tacú leis an earnáil sláinte agus cúraim ullmhú don Spás Eorpach Sonraí Sláinte.

## Conas atá HIQA ag tacú le hullmhacht don Spás Eorpach Sonraí Sláinte in Éirinn




Dlí Aontais Eorpaigh is ea an Rialachán um an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chruthaíonn creat i dtaca le sonraí sláinte a rochtain, a úsáid agus a chomhroinnt ar fud Bhallstáit AE. Tá sé mar aidhm aige smacht níos mó a thabhairt do dhaoine aonair ar a sonraí sláinte féin, cúram sláinte trasteorann a chumasú, agus tacú le hathúsáid sonraí sláinte le haghaidh taighde, ceapadh beartais agus cuspóirí rialála.

Le cur chun feidhme EHDS in Éirinn, cuirfear ar chumas daoine aonair smacht a fháil ar a sonraí sláinte féin, agus éascóidh sé sonraí sláinte a rochtain agus a mhalartú ar fud Bhallstáit AE, chun tacú le soláthar cúraim sláinte agus chun úsáid thánaisteach na sonraí a éascú, lena n-áirítear taighde agus ceapadh beartais.

Táimid ag comhoibriú leis an Roinn Sláinte agus an Bord Taighde Sláinte ar thionscadal HealthData@IE chun cabhrú le EHDS a chur i bhfeidhm. Is é ár ról ná tacú le hullmhacht do EHDS, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus oideachas, cáilíocht sonraí a fheabhsú agus catalóg tacair sonraí sláinte náisiúnta a chur ar bun. In 2025, bhain an obair sin leis na nithe seo a leanas:

### Tacú le hullmhacht earnála

In 2025, mar chuid de thionscadal HealthData@IE, rinneamar measúnú ullmhachta chun leibhéil ullmhachta shealbhóirí sonraí sláinte na hÉirinn a iniúchadh maidir le cur chun feidhme EHDS.

Sa mheasúnú, fuarthas go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh shealbhóirí sonraí agus go bhfuil treochlár soiléir chun dul chun cinn a threorú trí thionscadal HealthData@IE agus ar aghaidh de dhíth, go háirithe i bhfianaise an chur chuige straitéisigh i dtaca le húsáid thánaisteach faisnéise in Éirinn.

In 2026, leanfaimid orainn ag obair chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin agus chun tacú le sealbhóirí sonraí ullmhú do EHDS.

## Catalóg Tacair Sonraí Sláinte Náisiúnta a Ullmhú d'Éirinn

Tá sé mar aidhm in EHDS úsáid sonraí sláinte anaithnidithe nó le hainmneacha bréige a éascú chun cabhrú le córas sláinte éifeachtach, nuálach agus freagrach a chruthú a théann chun sochair do gach duine.

Chun tacú leis seo, tá riachtanais agus sonraíochtaí forbartha againn le haghaidh Catalóg Tacair Sonraí Sláinte Náisiúnta d'Éirinn. Clár digiteach láraithe is ea Catalóg Tacair Sonraí Sláinte Náisiúnta, a cheaptar chun tacú le tacair sláinte agus ghaolmhara a aimsiú atá á gcoinneáil ag eagraíochtaí atá laistigh de Bhallstáit AE. Beidh an chatalóg ar cheann de na chéad mhórchumais gnó dhigitigh a fhorbrófar mar chuid de bhonneagar náisiúnta EHDS in Éirinn, agus triailfear í ar bhonn píolótach in 2026.

Beidh ról lárnach aige maidir le cur ar chumas úsáideoirí sonraí páirt a ghlacadh i dtimpeallacht meiteashonraí aontaithe, thrédhearcach agus chaighdeánaithe. Déanfaidh sé tacair sonraí inaimsithe agus intuigthe, agus tacóidh sé le húsáid sonraí le haghaidh cuspóirí tánaisteacha ar nós taighde, nuálaíochta, pleanáil seirbhís, agus forbairt beartais.

## Teagmháil le páirtithe leasmhara agus comhroinnt eolais

Trí 2025, chuamar i dteagmháil go réamhghníomhach le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár bpainéal Rannpháirtíochta Poiblí agus Othar (RPO) ar EHDS. Díríonn ár bPunann Acmhainní Oiliúna agus Oideachais HealthData@IE daoine ar ábhair faisnéise agus oiliúna ar féidir iad a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi EHDS agus chun cabhrú leis an earnáil ullmhú chun é a chur i bhfeidhm.

I mí na Samhna 2025, reáchtálamar seimineár gréasáin le cainteoirí ó Choimisiún na hEorpa agus ón Roinn Sláinte chun tacú le sealbhóirí sláinte na ceanglais nua a bhí orthu a thuiscint agus chun na bearta atá orthu a dhéanamh chun ullmhú a aithint. Cabhraíonn na gníomhaíochtaí teagmhála agus comhroinnte eolais sin bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre agus í a neartú, agus tacaíonn siad freisin le hullmhacht do chur chun feidhme éifeachtach agus rathúil EHDS.




*Comhaltaí ó Phobal Cleachtais um Úsáid Thánaisteach Údaráis Inniúla EHDS ó fud fad na hEorpa ag comhoibriú chun tacú le EHDS a chur i bhfeidhm.*

# Mórthionscadail faisnéise sláinte eile

## Fianaise le haghaidh beartais ar chlárlanna i gcúram sláinte agus sóisialta

In 2025, leanamar orainn le clár oibre chun bonn eolais a chur faoin mbeartas náisiúnta ar chlárlanna i gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn. I ndiaidh iarratas ón Roinn Sláinte, rinneamar agus d'fhoilsíomar *Athbhreithniú idirnáisiúnta ar chur chuige a bhaineann le clárlanna i gcúram sláinte agus sóisialta i sé thír i gcomhthéacs an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte.* Fiosraítear ann an chaoi a ndéileáiltear le clárlanna i gcúram sláinte agus sóisialta i dtíortha eile, le béim ar leith ar shocruithe rialachais, aibíocht córas, cur chuige i leith beartú tosaíochta, agus pleananna don todhchaí.

Rinneamar teagmháil fhorleathan le páirtithe leasmhara náisiúnta chun cur síos a dhéanamh ar an tírdhreach reatha clárlainne in Éirinn. Foilseofar na torthaí ón teagmháil seo in 2026 agus cuirfidh siad bonn eolais faoi threochlár agus critéir beartaithe thosaíochta a fhorbairt le haghaidh lucht ceaptha beartais agus cinnteoirí agus tacóidh sé le forbairt agus infheistíocht sna foinsí riachtanacha sonraí cúraim sláinte agus shóisialta sin in Éirinn.

## Treoir Náisiúnta maidir le hÚsáid Fhreagrach agus Shábháilte Intleachta Saorga sna Seirbhísí Cúraim Sláinte agus Shóisialta

Tá Intleacht Shaorga (IS) in úsáid cheana féin ar fud cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn, agus tá sé de chumas aici tionchar dearfach a imirt ar sholáthar cúraim, lena n-áirítear tascanna riaracháin a chuíchóiriú agus tacú le diagnóisic, ach tá cosaintí cuí de dhíth. Ní mór d'úsáid uirlisí IS a bheith faoi stiúir cosaintí cuí agus a bheith i gcomhréir le dualgais dhlíthiúla, lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach i nGníomh um an Intleacht Shaorga 2024 AE.

Arna choimisiúnú ag an Roinn Sláinte, in 2025 thosaíomar ag forbairt *Treoir Náisiúnta maidir le hÚsáid Fhreagrach agus Shábháilte Intleachta Saorga sna Seirbhísí Cúraim Sláinte agus Shóisialta*. Le linn na bliana, chuireamar athbhreithniú fianaise idirnáisiúnta i gcrích agus rinneamar teagmháil fhairsing le páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoin Treoir.

Leis an treoir, cuirfear feasacht chun cinn agus cothófar dea-chleachtas i measc seirbhísí agus baill foirne maidir le húsáid fhreagrach agus shábháilte IS ina gcuid seirbhísí, agus cabhrófar leis an earnáil chun ullmhú do na hathruithe suntasacha a bheidh ag teacht sa réimse sin. Leis an Treoir chomh maith, cuirfear oideachas ar dhaoine a úsáideann IS agus cumasófar iad maidir le conas IS a úsáid go freagrach le linn a gcúraim. Foilsíodh an Dréacht-Treoir go luath in 2026 le haghaidh comhairliúchán poiblí.

# Úsáid Faisnéise le haghaidh Monatóireachta agus Rialála

Déanaimid ár ndícheall cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn. Mar rialtóir, faighimid cineálacha éagsúla faisnéise ó raon leathan foinsí a úsáidimid chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre.

Faighimid aiseolas ó dhaoine a úsáideann seirbhísí, a ngaolta, cairde agus fostaithe, chomh maith leis an bpobal trí chéile, maidir leis an taithí atá acu ar sheirbhísí a úsáid agus idirghníomhú leo. Faighimid faisnéis freisin ó sholáthraithe seirbhísí a bhfuil ceangal dlí orthu faisnéis a chur faoinár mbráid.

Déanaimid teagmháil ghníomhach le gach páirtí leasmhar trí athbhreithniú a dhéanamh ar gach píosa faisnéise agus aiseolas a fhaightear agus measúnú a dhéanamh ar cé acu an dtugann nó nach dtugann sé baol ar shábháilteacht, cáilíocht, nó comhlíontacht rialála le fios agus admhaítear gach píosa faisnéise.

Más dóigh linn go bhfuil gníomh de dhíth mar gheall ar an bhfaisnéis, is féidir linn roinnt beart a dhéanamh, lena n-áirítear: tuilleadh sonraí a lorg ó sholáthraithe; pleananna ceartaitheacha a iarraidh; an fhaisnéis a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár gcigireachtaí nó chun cigireachtaí gan fógra a dhéanamh. I gcás go dtugtar riosca láithreach ann do shábháilteacht daoine a úsáideann seirbhís le fios, úsáidimid na lánchumhachtaí dlí atá againn agus tuairiscímid, más cuí, é d'údaráis ábhartha ar nós an Gharda Síochána, Tusla, nó Fhoireann Cumhdaigh Aosach FSS.

Tá miondealú ar gach píosa faisnéise a fuarthas le linn 2025 san áireamh in Aguisín B.

## Aiseolas ó dhaoine maidir le seirbhísí

Idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2025, fuaireamar

**2,028** píosa aiseolais ó dhaoine a úsáideann seirbhísí, a dteaghlaigh nó baill den phobal



Admhaíodh an t-eolas seo ar fad, taifeadadh é agus cuireadh ar aghaidh é le haghaidh measúnaithe, rátáil riosca agus obair leantach chuí.

Nuair a chuireann daoine aiseolas ar fáil dúinn mar gheall ar na seirbhísí faoinár sainchúram, cuireann sé ar ár gcumas:

- Ceangal ar sholáthraithe a chinntiú go leanann seirbhísí orthu ag comhlíonadh na gcaighdeán is airde ó thaobh cúram othar agus áitritheoirí de
- A mheá cé chomh maith is a láimhseálann soláthraithe gearáin agus cé chomh maith is a bhaineann siad úsáid astu mar dheiseanna chun cúram a fheabhsú d'othair agus áitritheoirí
- Aon treochtaí nó patrúin a aithint a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil rud éigin do-ghlactha ag tarlú i seirbhís
- Cinntí a dhéanamh nuair atá clárú ionad ainmnithe á chlárú nó á athnuachan.

Cabhraíonn aiseolas le bonn eolais a chur faoin gcaoi inar rialálamar seirbhísí le linn na bliana agus faoin gcaoi a ndearnamar monatóireacht orthu, agus chuir sé ar ár gcumas fíorthaithí saoil na ndaoine atá ag úsáid na seirbhísí a thuiscint.

### Conas d'aiseolas ar sheirbhís a chur isteach

Dá mba mhaith leat aiseolas a chur isteach faoi sheirbhís is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag:

**Fón:** 021 240 9646

**Ríomhphost:** concerns@hiqa.ie

**Post:** Ionad Láimhseála Faisnéise, HIQA, Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, Éire

Aimsigh tuilleadh eolais ar ár suíomh idirlín: https://www.hiqa.ie/get-touch/report-concern-or-give-feedback

## Faisnéis a chuireann seirbhísí isteach

Idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig, fuaireamar

**56,908**

píosa faisnéise san iomlán ó sholáthraithe seirbhísí nó ó dhaoine i mbun údaráis



Tá ceangal dlí ar sholáthraithe an fhaisnéis seo a chur faoinár mbráid, rudaí ar nós fógraí mar gheall ar theagmhais ar leith.

Úsáideadh an fhaisnéis seo ar fad chun bonn eolais níos láidre a chur faoinár monatóireacht, cigireacht agus gníomhaíochtaí rialála le linn 2025 agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh.

I ndiaidh an fhaisnéis seo a fháil, más dóigh linn go bhfuil seans ann nach bhfuil an soláthraí seirbhíse ag comhlíonadh na rialachán nó na gcaighdeán náisiúnta, is féidir linn é a fhreagairt trí:

- Iarraidh ar an soláthraí seirbhísí tuilleadh faisnéise ar an ábhar a chur faoinár mbráid
- Plean a iarraidh ón soláthraí seirbhíse ina leagtar amach conas a fhiosrófar an t-ábhar agus a rachfar i ngleic leis
- An fhaisnéis a úsáid le linn cigireachta
- Cigireacht gan fógra a dhéanamh chun cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim atá á chur ar fáil sa tseirbhís a mheas.

# Fianaise ón bpobal agus ó dhaoine a úsáideann seirbhísí a úsáid

Tá aiseolas ó othair, daoine a úsáideann seirbhísí agus ón bpobal an-luachmhar dúinn chun ár bhfianaise a mhúnlú chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht.

## An chaoi ina bhfuil HIQA ag spreagadh othar agus cliniceoirí bheith rannpháirteach i bhforbairt na dTreoirlínte Cliniciúla Náisiúnta

In 2024, bronnadh an Gradam Aistrithe Eolais ar CICER as "Oiliúint agus Comhroinnt Eolais Inscálaithe ar fhorbairt treoirlínte d'othair, don phobal, agus do ghairmithe cúraim sláinte: Tionscadal STAKEholder", arna mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal:

- Feasacht agus trédhearcacht a mhéadú maidir le cad is Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta ann agus conas a fhorbraítear iad
- Othair, an pobal agus gairmithe cúraim sláinte a ullmhú chun róil ghníomhacha a ghlacadh i ngrúpaí forbartha na dTreoirlínte Cliniciúla Náisiúnta
- Tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí othar agus gairmithe sláinte maidir leis an mbealach ina bhforbraítear agus ina gcuirtear i bhfeidhm na Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta

### Comhdháil

Bunsprioc inghnóthaithe de chuid an tionscadail seo ab ea comhdháil ar an láthair a reáchtáil a díríodh ar thimpeallacht na cinnteoireachta sláinte in Éirinn agus ról na bpáirtithe leasmhara, le béim speisialta ar othair, an pobal agus gairmithe cúraim sláinte.

Eagraíodh agus pleanáladh an chomhdháil le hionchur ó chomhaltaí grúpaí comhairleacha agus ó phainéil páirtithe leasmhara. Leis an gcur chuige seo, cinntíodh gur mhúnlaigh na hothair, an pobal, agus gairmithe sláinte, agus saineolaithe i gcinnteoireacht sláinte ábhar agus seoladh na comhdhála.

Reáchtáladh comhdháil "Ár gCóras Sláinte, Ár nGuthanna: Cur Chuige Fianaisebhunaithe maidir le Cúram Sláinte" i mí Dheireadh Fómhair 2025 i mBaile Átha Cliath i gcomhar le hOllscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (CRMÉ). Don chomhdháil, tháinig othair, daoine den phobal, cliniceoirí, taighdeoirí agus lucht ceaptha beartais le chéile ar líne agus ar an láthair araon, chun a fhiosrú conas is féidir rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a láidriú maidir le treoirlínte cliniciúla agus measúnuithe ar theicneolaíochtaí sláinte a fhorbairt. Imeacht lae iomláin a bhí ann ina raibh sraith d'eochairóráidí, cainteanna painéil agus comhchruinnithe, a tharraing ar théamaí an oideachais, na rannpháirtíochta agus an ionchuimsithe.

Is é ár Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Measúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte an Dr Máirín Ryan a d'oscail an ócáid. I measc na bpríomhchainteoirí ag an ócáid bhí an tOllamh Mary Horgan, Príomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte, agus an Dr Colm Henry, Príomhoifigeach Cliniciúil in FSS. Phléigh siad raon leathan topaicí a bhí ábhartha dóibh siúd a bhí i láthair, lena n-áirítear: dialóg oscailte a chothú maidir le comhoibriú othar; rannpháirtíocht othar agus phobail (ROP) a dhaingniú i mbeartas náisiúnta; comhpháirtíochtaí othar a neartú; coincheap "treoirlínte beo" a chur chun cinn chun inoiriúnaitheacht agus ábharthacht le himeacht ama a chinntiú; agus tacú le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe a bhfuil taithí saoil agus taighde eolaíochta mar bhonn eolais fúithi. Rinne ár bPríomhfheidhmeannach Angela Fitzgerald achoimre ar an lá is thug sí an ráiteas clabhsúir.









*Sa phictiúr ó Chlé go Deas: An Dr Colm Henry agus POF HIQA Angela Fitzgerald; Angela Fitzgerald, An tOllamh Mary Horgan agus an Dr Máirín Ryan; agus foireann comhdhála CICER.*

Bhí an t-aiseolas ó na 200 duine a d'fhreastail ar an láthair nó ar líne ar an ócáid fíordhearfach agus dúirt 89% de fhreagróirí san iomlán go raibh siad 'sásta' nó 'fíorshásta' leis an imeacht.

***"Tuiscint ar an gcaoi ionchur othar a chur san áireamh ag céim an cheaptha agus ról an taighde maidir le cleachtas a mhúnlú"***

***"Raon iontach éagsúil ó thaobh cainteoirí agus topaicí"***

***"Straitéisí a fhoghlaim chun rannpháirtíocht othar a úsáid i bhfíorshuíomhanna cúraim sláinte"***



*Leis na seisiúin grúpa chomhchruinnithe, spreagadh comhoibriú agus malartú eolais i measc rannpháirtithe le linn na comhdhála.*

## Tionchar

Mar gheall ar an gcomhdháil, bhíomar in ann líonraí a neartú, feasacht a ardú ar acmhainní foghlama an tionscadail atá ar na bacáin, agus tiomantas roinnte a athneartú i dtaca le cinnteoireacht thrédhearcach agus ionchuimsitheach. Léirigh sé go bhfuil rannpháirtíocht páirtithe leasmhara riachtanach chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht sláinte iontaofa agus daoineláraithe. Tá an chomhdháil seo mar chuid lárnach de chlár oibre chun bonn eolais a chur faoinár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, agus cuirfidh sé bonn eolais faoi na Treoirlínte Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara in HTA.

# An Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim

Comhthionscnamh is ea an Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim de chuid HIQA, FSS agus na Roinne Sláinte. Leis an gClár, reáchtáiltear sraith de shuirbhéanna ina gcuirtear ceist ar dhaoine mar gheall ar a dtaithí ar chúram chun cáilíocht na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a fheabhsú in Éirinn.

In 2025, leanamar orainn ag forbairt na samhla agus na modheolaíochta le haghaidh Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas ar Chúram Ailse, lena n-áirítear teagmháil le páirtithe leasmhara, amhail othair ailse, chun ceistneoir an tsuirbhé a fhorbairt.

Rinneadh asbhaint sonraí i dtrí ospidéal chun bonn eolais a chur faoi chur chun feidhme an tsuirbhé amach anseo.

Táimid ag forbairt Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas ar Mheabhairshláinte freisin i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus le daoine a bhfuil taithí saoil acu ar chúram meabhairshláinte othar cónaitheach.

Trínár sraith suirbhéanna taithí úsáideora seirbhísí a leathnú, tá an clár ag cinntiú go bhfuil guthanna na ndaoine lárnach maidir le tionscnaimh feabhsaithe cháilíochta ar fud comhthéacsanna cúraim iomadúla agus éagsúla in Éirinn.

## Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas Máithreachais

In 2025, reáchtáladh an dara Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas Máithreachais, rud a thaifead eispéiris mhná ar chúram máithreachais in ospidéil agus aonaid mháithreachais, agus i mbreitheanna sa bhaile ar fud na hÉireann. Tríd an suirbhé, tharraing mná aird ar réimsí ina raibh eispéiris mhaithe acu, agus réimsí ar fud na seirbhísí ina bhfuil feabhsú de dhíth.

Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas Máithreschais | National Maternity Experience Survey

**19** seirbhís máithreachais

**3,354** rannpháirtí suirbhé

**83%** a rátáil an cúram mar 'maith' nó 'an-mhaith'

### Réimsí eispéiris mhaith

Thuairiscigh an chuid is mó de rannpháirtithe an tsuirbhé:

- gur caitheadh leo le meas agus dínit le linn a dtoircheas
- go raibh muinín agus iontaoibh acu as na gairmithe sláinte a bhí ag tabhairt cúraim dóibh le linn a dtinnis clainne agus na breithe
- go raibh meas ag na baill foirne cúraim sláinte ar a gcinntí maidir lena gcúram máithreachais.

### Réimsí le feabhsú

Ó dhaoine atá ag úsáid seirbhísí máithreachais, teastaíonn:

- cumarsáid níos fearr idir an tseirbhís máithreachais agus a ndochtúir ginearálta (DG)
- deiseanna chun ceisteanna a chur ar ghairmithe cúraim sláinte faoina dtinneas clainne agus an bhreith
- gairmí cúraim sláinte chun labhairt faoi ábhair imní agus eagla i ndiaidh na breithe.

Bhí torthaí níos dearfaí i dtaca le ceithre réimse a sainaithníodh mar thosaíochtaí le feabhsú in 2020 – cinnteoireacht i ndiaidh breithe, deiseanna chun ceisteanna a chur i ndiaidh breithe, tacaíocht mhothúchánach in aonaid leanaí nuabheirthe, agus tacaíocht chothaithe in ospidéal. Léiríonn sé seo gur éist seirbhísí máithreachais le haiseolas ban agus gur chuir siad athruithe spriocdhírithe éifeachtacha i bhfeidhm chun cúram a fheabhsú.

I measc réimsí le feabhsú ar tarraingíodh aird orthu bhí a ndóthain ama a bheith ag gairmithe chun ábhair imní nó ceisteanna ban a phlé agus comhroinnt chuí faisnéise othar a chumasú laistigh de shuíomhanna cúraim sláinte agus thar shuíomhanna cúraim sláinte. Sprioc thábhachtach is ea é sin laistigh den Bhille um Fhaisnéis Sláinte, atá beagnach i gcrích. I measc réimsí ar tháinig meath orthu ó shuirbhé 2020 i leith, bhí cúram iarbhreithe, amhail tacú cothaithe sa bhaile, agus teagmháil le DGanna agus altraí sláinte poiblí.

Foilsíodh na torthaí seo i mí na Nollag 2025 ar fud tuarascáil náisiúnta, 19 dtuarascáil déag agus tuarascáil ar eispéiris ar bhreith sa bhaile.

Mar fhreagra ar thorthaí an tsuirbhé, d'fhoilsigh FSS tuarascáil 'Éisteacht, Freagairt agus Feabhsú' ina gcuirtear béim ar thionscnaimh atá á ndéanamh aige a fheabhsú chun dul i ngleic le haiseolas ban, cuid mhaith acu atá ar siúl cheana féin. Chomh maith leis sin, táimid ag úsáid na dtorthaí chun bonn eolais a chur faoinár monatóireacht agus ár gcigireachtaí ar sheirbhísí máithreachais na hÉireann.

## An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach a Leathnú chuig ospidéil phríobháideacha

I ndiaidh rannpháirtíocht fhairsing agus dhearfach le soláthraithe príobháideacha, forbraíodh moltaí maidir leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach a leathnú chuig ospidéil phríobháideacha in 2025, i gcomhréir le leathnú shainchúram HIQA chuig ospidéil phríobháideacha faoin Acht um Shábháilteacht Othar, 2023. Leanfar leis an obair seo in 2026 chun a chinntiú go dtaifeadfar guthanna agus eispéiris daoine a úsáideann ospidéil phríobháideacha in éineacht leo siúd a úsáideann ospidéil phoiblí. Ar deireadh thiar, rachaidh sé seo chun sochair dóibh siúd a úsáideann cúram sláinte príobháideach trí shonraí a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí ar féidir iad a úsáid chun cláir um fheabhsú cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn thar imeacht ama.

## Athfhorbairt ar dheaiseanna torthaí ar líne

In 2025, d'athdhearamar deaiseanna chun na torthaí suirbhé a thaispeáint ar eispéireas cúraim othar cónaitheach agus máithreachais ar www.yourexperience.ie. Leis na deaiseanna seo, tugtar rochtain don phobal agus do bhreis is 260 úsáideoir a oibríonn i soláthar cúraim, ceapadh beartais agus forbairt caighdeán. Leis na deaiseanna seo, éascaítear rochtain níos éasca agus is príomhacmhainn iad maidir lena chinntiú go bhfuil na sonraí ag páirtithe leasmhara a theastaíonn uathu chun freagairt do thorthaí an tsuirbhé.

## Painéal Rannpháirtíochta Othar agus Pobail

Tá guth na ndaoine a úsáideann seirbhísí agus a bhfuil taithí acu orthu riachtanach chun a chinntiú go bhfuil ár n-obair bunaithe ar thionchar fíorshaoil.

Le linn na bliana, bhunaíomar painéal rannpháirtíochta othar agus pobail (ROP) mar chuid de CICER chun a chinntiú go n-éistfear lena nguthanna inár gcuid oibre. Roghnaíodh dáréag comhaltaí painéil ó bhreis is 110 iarrthóir, agus tháinig an painéal le chéile ceithre huaire le linn 2025 i ndiaidh gur bunaíodh é. Le linn na bliana, chuir an painéal 58 moladh ar fáil maidir le conas rannpháirt níos fiúntaí a thabhairt d'othair agus an pobal i gcoitinne i bpróiseas forbartha Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta an Choiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil. Tá tús áite á thabhairt do na moltaí seo sula mbogfar ar aghaidh chun iad a chur i bhfeidhm.

Leanamar orainn teagmháil a dhéanamh le painéal ROP HealthData@IE de réir mar a oibrímid chun tacú le hullmhacht do EHDS. Bunaíodh é sin in 2024 chun a chinntiú go bhfuil peirspictíochtaí an phobail agus na n-othar lárnach don tionscadal seo. Leanann siad orthu ag tacú leis an tionscadal trí pheirspictíocht an phobail a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus scaipeadh acmhainní faisnéise atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne.



*Baill de phainéal ROP HealthData@IE ag ceardlann i bpearsa, Meán Fómhair 2025.*

# Taighde rialála agus feabhsú cáilíochta

Tá ról tábhachtach ag an taighde rialála i neartú cháilíocht agus shábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Trí fhianaise a ghiniúint agus a chomhroinnt, tacaímid le feabhsuithe sa chleachtas, neartaímid cur chuige rialála, agus cuirimid le torthaí níos fearr do dhaoine a úsáideann na seirbhísí.

In 2025, neartaíomar an fhoghlaim agus an comhoibriú ar fud na hearnála trí raon gníomhaíochtaí taighde agus comhroinnte eolais. Áiríodh orthu sin páipéir acadúla a fhoilsiú in irisleabhair phiarmheasúnaithe, páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta chun torthaí a scaipeadh agus chun dul i ngleic le páirtithe leasmhara, agus comhoibriú le piar-rialtóirí go hidirnáisiúnta. Thugamar cur i láthair ag Comhdháil SINC (An Líonra Idirnáisiúnta um Nuálaíocht do Rialtóirí Sláinte agus Cúraim) in Porto, agus d'óstálamar cuairt comhroinnte eolais ón nGníomhaireacht Íoslannach um Cháilíocht agus Maoirseacht Leasa.

I rith na bliana, chuamar i gcomhar le heagraíochtaí eile freisin chun úsáid a bhaint as bunachar sonraí na bhfógraí reachtúla sa chúram sóisialta, rud a thacaíonn le taighdeoirí staidéir a dhéanamh a chuireann foghlaim ar fud na hearnála chun cinn. Sampla amháin den obair sin ab ea comhoibriú taighde le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ar thionscadal ina bhfuil úsáid cleachtas sriantach i seirbhísí á fiosrú. Sa tionscadal sin, úsáidtear ár gcuid sonraí maidir le fógraí a fhaightear ó sheirbhísí faoi úsáid cleachtas sriantach chun fianaise a ghiniúint lena féidir tacú le hiarrachtaí chun a n-úsáid a laghdú agus a chinntiú nach gcuirtear i bhfeidhm iad ach amháin nuair is gá.

Déantar eolas d'fhorbairt na modheolaíochtaí cigireachta a úsáideann an Príomhchigire freisin lenár dtaighde. Áiríodh leis sin rannchuidithe le forbairt cláir théamaigh cigireachta do shuíomhanna sainchúraim agus cur chuige a neartú chun rannpháirtíocht a dhéanamh le páistí le linn cigireachtaí. Cuidíonn sé le maoirseacht rialála a neartú agus le feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht an chúraim nuair a chinntítear go bhfuil modheolaíochtaí cigireachta bunaithe ar fhianaise reatha.

# Bonn Cirt Cineálach le Cleachtais na Radaíochta Ianúcháin

Ó 2023 i leith, tá sé de dhualgas orainn údar a thabhairt le cleachtais ina nochtar othair do radaíocht ianúcháin. D'oibríomar ar dhá thionscadal sa réimse sin le linn 2025:

- **Treoirlínte chun gnáthaimh raideolaíocha leighis ar dhaoine aonair aisiomptómacha a fhírinniú:** D'fhorbraíomar treoirlínte maidir le húsáid gnáthamh raideolaíoch leighis i ndaoine aonair aisiomptómacha chun galar a aimsiú go luath lasmuigh de chlár scagthástála. Foilsíodh na treoirlínte i mí na Samhna 2025, agus tá feidhm acu maidir le haon duine nó eagraíocht a dhéanann gnáthaimh raideolaíocha leighis.
- **Sintéis fianaise maidir le radaiteiripe faoi threoir athshondas maighnéadach (MRgRT) chun tacú le cinneadh i leith fírinniú cineálach:** Chríochnaíomar athbhreithniú fianaise sa réimse sin, agus d'fhoilsíomar cinneadh i leith fírinniú cineálach maidir le húsáid MRgRT i Meitheamh 2025. Bhíomar sásta gur cheart fírinniú cineálach a thabhairt don chleachtas sin, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir na tairbhí agus na díobhálacha.



*Sa phictiúr thuas, tá an Príomhchigire Ainmnithe Finbarr Colfer, an Príomhfheidhmeannach Angela Fitzgerald agus Ceannasaí an Chláir um Fhorbairt Cleachtas Rialála Aileen Keane le POF na Gníomhaireachta Íoslannaí um Cháilíocht agus Maoirseacht Leasa (Gæða - og eftirlitsstofnun velferðarmála) inár n-oifig i mBaile Átha Cliath mar chuid dá gcuairt comhroinnte eolais ar Éirinn.*




*Sa phictiúr, tá baill d'fhoireann an Chláir Náisiúnta um Eispéireas Cúraim ag Comhdháil Bhliantúil 2025 de chuid na hOifige Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil.*



*Sa phictiúr, tá an Leas-Stiúrthóir um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte, an Dr Kieran Walsh, agus an Stiúrthóir um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, an Dr Máirín Ryan, ag cruinniú ag an nGrúpa Ceannairí Gníomhaireachtaí HTA (GCG) i gCóbanhávan, an Danmhairg, in éineacht le hiar-Chathaoirleach CCG, an Dr Rui Santos Ivo, ag cruinniú GCG i gCóbanhávan i mí na Samhna 2025.*




*Sa phictiúr, tá an Leas-Stiúrthóir um Chaighdeáin Cúraim Sláinte agus Shóisialta, an Dr Niamh O'Rourke, ag imeacht de chuid an Líonra Shóisialta Eorpaigh ar Thodhchaí an Chúraim Fhadtéarmaigh.*




*Sa phictiúr, tá Judy Gannon, an Ceannasaí um Fhorbairt Caighdeán, agus cur i láthair á dhéanamh aici ag Comhdháil Sheirbhísí Sóisialta na hEorpa, 2025.*




*Thuas, tá an Bainisteoir Réigiúnach, an Dr Agnella Craig, agus cathaoirleacht á déanamh aici ar sheisiún maidir le hoideachas, oiliúint agus forbairt inniúlachtaí mar shaineolaí idirnáisiúnta i réimsí an ardoideachais agus rialáil na radaíochta ianúcháin ag comhdháil na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach i Vín.*




*Sa phictiúr, tá anailísí HTA Barrie Tyner, an tAnailísí Sinsearach HTA agus Bainisteoir Chlár CICER an Dr Celine Larkin, an Comhpháirtí Othar leis an Ionad um Thaighde ar Airtríteas in COBÁC Stacey Grealis, Leas-Stiúrthóir HTA Shelley O'Neill agus Marion Cullinane ón Aonad um Éifeachtúlacht Chliniciúil sa Roinn Sláinte ag Comhdháil Bhliantúil Guidelines International Network (GIN) 2025 i nGinéiv na hEilvéise.*



*Sa phictiúr thuas, tá an Stiúrthóir um Rialáil Cúraim Sláinte, Sean Egan, le feiceáil ag labhairt ag Comhdháil 2025 an Líonra Idirnáisiúnta um Nuálaíocht do Rialtóirí Sláinte agus Cúraim (SINC) sa Phortaingéil.*



*Sa phictiúr, tá ár bPríomheolaí, an Dr Conor Teljeur, an Comhalta Iardhochtúireachta, an Dr Rasha Alshaikh, an Taighdeoir ar Sheirbhísí Sláinte, Laura Rouncivell, agus an tEacnamaí Sinsearach Sláinte, an Dr Susan Ahern, ag comhdháil ISPOR (An Cumann Gairmiúil um Eacnamaíocht Sláinte agus Taighde ar Thorthaí) i nGlaschú, Albain.*



*Sa phictiúr, tá an Stiúrthóir HTA, an Dr Máirín Ryan, agus Ceannasaí an Mheasúnaithe, Joan Quigley, ag Cruinniú Bliantúil HTA in 2025 in Buenos Aires, an Airgintín.*

# 3

# Rialachas agus Éifeachtacht Eagraíochta



# Caibidil 3: **Rialachas agus Éifeachtacht Eagraíochta**

**Tá luach agus tionchar á soláthar ag HIQA le haghaidh gach páirtí leasmhara trí bhealaí oibre sofhreagrúla agus comhoibríocha, córais éifeachtúla, struchtúir shainoiriúnaithe agus rialachas cuí**

**Trí oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar an gcumarsáid, ar an muinín agus ar éifeachtacht ár ngníomhaíochtaí. Cinntíonn neartú an rialachais agus na héifeachtúlachta eagraíochtúla go bhféadfaidh earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta luach agus tionchar suntasach, seachadadh seirbhísí feabhsaithe agus torthaí níos fearr a sholáthar do na daoine a úsáideann na seirbhísí.**

## Ullmhúcháin d'fheidhmeanna nua

Mar an rialtóir iontaofa don earnáil, bíonn an sainchúram atá againn á fhorleathnú chuig réimsí breise. Le linn 2025, d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le ranna eile de chuid an Rialtais chun a chinntiú go gcuirtear na feidhmeanna nua sin i bhfeidhm ar bhealach a thacaíonn le soláthraithe seirbhíse, a neartaíonn an mhaoirseacht rialála agus a chuireann cúram sábháilte ardchaighdeáin ar fáil d'áitritheoirí.

I measc na reachtaíochta agus na rialachán a ndearnamar rannpháirtíocht fúthu in 2025, bhí:

- **An Bille um Shábháilteacht Othar (Ceadúnú)**

  Tá tograí reachtacha ullmhaithe ag an Roinn Sláinte do chóras ceadúnaithe éigeantaigh d'ospidéil phoiblí agus phríobháideacha agus do sholáthraithe eile gníomhaíochtaí cúraim sláinte ardriosca. Beimid inár n-údarás ceadúnaithe, agus iarratais ar cheadúnais á bpróiseáil againn, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht sealbhóirí ceadúnais.

- **An Bille Sláinte (Leasú) (Soláthraithe Tacaíochta Baile), 2025**

  Tá sé beartaithe leis an mBille Sláinte (Leasú) (Soláthraithe Tacaíochta Baile), 2025, rialáil a thabhairt isteach do sholáthraithe tacaíochta baile, faoinár bPríomhchigire. Cuirfear monatóireacht agus cigireachtaí neamhspleácha ar fáil dá bharr, agus áiritheofar cáilíocht agus sábháilteacht na tacaíochta baile don phobal den chéad uair.

- **An Bille um Fhaisnéis Sláinte 2024**

  Leis an mBille um Fhaisnéis Sláinte, cuirtear bonn dlíthiúil soiléir ar fáil chun taifid sláinte leictreonacha a bhunú ar fud suíomhanna poiblí, príobháideacha agus deonacha chun rochtain othar ar a gcuid sonraí, agus an smacht atá acu orthu a fheabhsú, agus chun léargas níos iomlánaíche agus níos iomláine a sholáthar do ghairmithe sláinte ar na hothair atá á gcóireáil acu. Tá foráil sa Bhille go ndéanfaidh FSS comhairliúchán le HIQA maidir le treoirlínte a ullmhú i dtaca leis an bhfaisnéis sláinte a bhfuil tagairt di sa Bhille. Tá aitheantas tugtha mar sin don ról lárnach atá againn i bhforbairt caighdeán faisnéise sláinte i suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta, chomh maith leis an tábhacht agus leis an riachtanas a bhaineann le leas a bhaint as saineolas náisiúnta, agus cur leis, chun a chinntiú go gcuirfear an reachtaíocht i bhfeidhm go héifeachtach.

- **An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil**

  Is Údarás Inniúil muid i leith gnéithe den tseirbhís sláinte, mar a éilítear le Treoir an AE maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil. Tá sé mar aidhm ag an Treoir sin athléimneacht agus dea-chleachtas leanúnachais gnó a chur chun cinn i roinnt príomhréimsí de gheilleagar agus de shochaí na hEorpa chun a chinntiú go mbeidh gach Ballstát AE ullmhaithe go maith chun aon chur isteach nó bagairtí seachtracha féideartha a bhainistiú.

- **An Rialachán maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte**

  Táimid ag obair leis an Roinn Sláinte chun tacú le Rialachán an AE maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (Rialachán maidir le HTA), atá infheidhme ón 12 Eanáir 2025, a chur i bhfeidhm in Éirinn. Déanaimid ionadaíocht d'Éirinn ar an nGrúpa Comhordaithe agus do na Foghrúpaí Comhpháirteacha um Measúnú Cliniciúil agus Modheolaíocht a bhaineann leis.

- **An Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS), 2025**

  Táimid ag obair leis an gCoimisiún Eorpach, leis an Roinn Sláinte, leis an mBord Taighde Sláinte, le FSS agus le páirtithe leasmhara eile chun tacú le cur i bhfeidhm Rialachán an EHDS. Faoin Rialachán, beidh sé de cheangal ar gach Ballstát Comhlacht Rochtana ar Shonraí Sláinte a bhunú chun tacú le rochtain ar shonraí sláinte tánaisteacha. Táimid ag obair chun tacú le gnéithe lárnacha an tionscadail Healthdata@IE, atá maoinithe le deontas, chun na seirbhísí sin a bhunú in Éirinn faoi 2027.

- **An Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS-2)**

  Nuair a bheidh an treoir AE sin curtha i bhfeidhm go hiomlán, tabharfaidh sí ról do HIQA maidir le tacú le cibearshlándáil, agus í a fheabhsú, ar fud earnáil na sláinte, i gcomhréir leis an mBille um Chibearshlándáil Náisiúnta 2024.

- **Leasuithe ar Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2013**

  Le linn na bliana, tháinig leasuithe suntasacha ar an Acht Sláinte 2007 i bhfeidhm, i ndiaidh moltaí ó Phainéal Saineolaithe na dTithe Altranais maidir le COVID-19 chun an creat reachtúil do thithe altranais a nuachóiriú agus a fheabhsú. Threisigh na hathruithe na ceanglais do sholáthraithe, agus tugadh cumhachtaí nua don Phríomhchigire, rud lena gcuireadh feabhas ar an maoirseacht agus lean gcinntíodh go bhfaigheann cónaitheoirí cúram atá sábháilte, measúil agus d'ardchaighdeán. Ón 31 Márta 2025, thosaíomar ag déanamh monatóireachta ar an gcomhlíonadh leis na bearta sin chun a chinntiú gur fhág na hathruithe sa reachtaíocht go raibh eispéiris agus torthaí feabhsaithe ann do chónaitheoirí i ndáiríre.

- **An tAcht um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Scrúdú Iarbháis, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeáint Phoiblí) 2024**

  Táimid ag fanacht le forbairt rialachán faoin Acht sin a thabharfaidh cumhachtaí rialála agus forfheidhmithe dúinn i gcás gnéithe áirithe de ghníomhaíochtaí iarbháis.

# Claochlú Digiteach agus Sonraí

Príomhéachtaí 2025:

- An Straitéis um Chlaochlú Digiteach agus Sonraí curtha i bhfeidhm:
  - Seachadadh cloch mhíle shuntasach nuair a cuireadh ár gcóras rialála nua TF i bhfeidhm
  - Seachadadh córas nua bainistíochta airgeadais
  - Rinneadh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh a aistriú go rathúil chuig HIQA
  - Seachadadh bonneagar cibearshlándála feabhsaithe.
- Forbraíodh Straitéis nua um Chlaochlú Digiteach agus Sonraí cúig bliana 2026-2030
  - A sholáthróidh faoi na colúin dar dteideal Sonraí agus IS, Claochlú Digiteach agus Cumasú Teicneolaíocht.

I gcomhréir le beartas an rialtais, tá gealltanas tugtha againn bogadh chuig ardáin dhigiteacha chun tacú le bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach ar phríomhphróisis ghnó agus chun luach agus tionchar a spreagadh do na páirtithe leasmhara uile. I bhfianaise ár sainchúraim, tá sé riachtanach go mbeadh na cumais dhigiteacha agus sonraí againn a chuirfeadh ar ár gcumas feidhmeanna nua a ghlacadh chugainn féin, ár gcumas taighde a bharrfheabhsú agus rochtain fíor-ama a bheith againn ar shonraí agus ar anailísíocht chun eolas a dhéanamh dár gcur chuige rialála agus lenár bhfreagairt. Mar shampla, áirítear leis sin comhthiomsú agus léirshamhlú sonraí a uathoibriú chun tacú leis an bhfoireann chun saincheisteanna a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhíse sláinte a aithint ar bhealach níos réamhghníomhaí le haghaidh tuilleadh fiosrúcháin. Leis an gcur chuige i leith an uathoibrithe sin, cuirfear le táirgiúlacht na gcigirí chun go bhféadfar obair rialála eile a dhéanamh.

Mar rialtóir, is tosaíocht ríthábhachtach é a chinntiú go bhfuil ár gcuid sonraí agus córas slán agus go bhfuil cosaintí leordhóthanacha acu ar chibearbhagairtí seachtracha, agus tá sé sin riachtanach chun muinín inár ról a chothú. Dá bhrí sin, leanaimid de bheith ag infheistiú inár Straitéis um Chlaochlú Digiteach agus Sonraí chun tacú le córais faisnéise a fhorbairt atá oiriúnach don fheidhm, sofhreagrúil agus slán chun tacú leis na feidhmeanna rialála agus gnó atá againn cheana agus leis na cinn atá ag méadú. Chun an Straitéis sin a chur i gcrích, chinntíomar go mbeadh struchtúir agus próisis rialachais láidre i bhfeidhm chun maoirseacht ábhartha a sholáthar agus chun tionscnaimh ríthábhachtacha a stiúradh.

Le linn 2025, chuireamar 24 príomhthionscadal i gcrích, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt tionscadail eile chun na córais TF a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Chríochnaíomar roinnt tionscadal chun ár gcórais ríthábhachtacha a fheabhsú agus a chothabháil.

Tionscadal lárnach amháin ab ea an chloch mhíle shuntasach maidir le cur i bhfeidhm ár gcórais TF rialála i mí na Samhna 2025. Ó shin i leith, bímid ag rianú an aiseolais nó na n-ábhar imní a fhaighimid faoi sheirbhísí cúraim sláinte lenár gcóras rialála nua. Is cuid riachtanach den fheidhm faireachais rialála atá againn é faisnéis ó dhaoine a úsáideann seirbhísí, ó theaghlaigh, ó phearsanra, agus ó fhoinsí eile a fháil agus a thriantánú. Déanann sé eolas freisin dár bpróiseas agus fócas cigireachta. Leanfaidh an córas d'fhorleathnú chuig gach réimse dár bhfeidhmeanna rialála sna blianta amach romhainn.

I measc na bhfeabhsuithe eile ar bhainistíocht faisnéise, bhí dul chun cinn ar aistriú na foirne go léir go SharePoint Online, agus forbairt ar acmhainní breise dár ndeasc freastail TF agus dár gcóras logála. Chríochnaíomar freisin an phleanáil TFC a bhain le haistriú an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh go HIQA, agus thugamar tacaíocht d'fhorbairt córas ar fud na heagraíochta. Leanamar orainn ár mbonneagar cibearshlándála a neartú chun cur leis an gcumas atá againn, agus obair á déanamh ar leasúchán de bharr bréagionsaí tástála, feabhsuithe ar rialuithe rochtana bunaithe ar róil, agus tacú le comhlíonadh na gceanglas reachtúil atá le teacht agus an chaighdeáin idirnáisiúnta do chórais bainistíochta slándála faisnéise.

Tá ár Rannóg Faisnéise ailínithe go dlúth leis an ngnó chun tacaíocht réamhghníomhach a chur ar fáil d'fhás na heagraíochta. Tacaíodh a thuilleadh le héifeachtúlacht oibríochtúil, le hathléimneacht agus le leanúnachas gnó trí chúltaca sonraí néil a leathadh amach, tríd an gclár athnuachana ríomhairí glúine a thionscnamh, trí bhainistíocht gléasanna soghluaiste a aistriú, agus trí sholáthar do sheirbhísí bainistithe nua-aimseartha le haghaidh teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC). Rinneadh dul chun cinn freisin ar an gCreat Bainistíochta Leanúnachais Gnó agus ar chur i bhfeidhm seirbhíse priontála bainistithe.

Leis na hiarrachtaí comhcheangailte sin, cinntíodh próisis níos éifeachtaí, slándáil níos láidre, agus ullmhacht eagraíochtúil fheabhsaithe, rud a chuir ar ár gcumas luach agus tionchar níos mó a sheachadadh inár gcuid oibre.

# An Straitéis Chumarsáide agus Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara

Tacaíonn Straitéis Chumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara 2025-2027 le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i rith shaolré an Phlean Chorparáidigh. Táimid tiomanta d'fheasacht agus tacaíocht a mhéadú do ról agus do chlár oibre HIQA i measc a pháirtithe leasmhara, deiseanna do rannpháirtíocht agus páirtíocht páirtithe leasmhara inár gcuid oibre a fheabhsú, inrochtaineacht na faisnéise a chuirimid in iúl a mhéadú, agus uirlisí agus cainéil inbhuanaithe a sheasfaidh an todhchaí a fhorbairt chun ár rannpháirtíocht a fheabhsú. Leis an straitéis sin, tacaítear lenár bhfeidhmeanna gnóthaí poiblí, caidrimh phoiblí, foilseachán, meán digiteach agus cumarsáide inmheánaí.

Le linn na bliana, thugamar tacaíocht d'fhoilsiú agus do scaipeadh na dtuarascálacha agus na bhfoilseachán uile, lena n-áirítear: moltaí agus comhairle uainn don Aire maidir le hathbhreithnithe reachtúla agus measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte; idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin, le polaiteoirí agus le grúpaí tábhachtacha leasmhara eile maidir lenár gcuid oibre; grafaicí faisnéise, físeán agus feachtas meán sóisialta a fhorbairt chun aird a tharraingt ar ár gcuid oibre; tacú le cumarsáid inmheánach éifeachtach agus spreagúil laistigh den eagraíocht; agus imeachtaí inmheánacha agus seachtracha a chomhordú agus tacú leo.

Chuidíomar freisin leis na hullmhúcháin chun freastal ar thrí Choiste Oireachtais. In 2025, d'fhreastalaíomar ar Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte faoi dhó chun ár n-athbhreithniú agus ár gcomhairle ar sheirbhísí cúraim sláinte práinneacha agus éigeandála i gceantar FSS an Iarthair Láir a phlé, chomh maith lenár gcumhachtaí rialála agus an ghníomhaíocht rialála a rinneamar i leith roinnt tithe altranais. D'fhreastalaíomar freisin ar Choiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais chun ár ráitis airgeadais don bhliain 2023 a phlé agus chun ceisteanna a fhreagairt maidir lenár ról agus lenár réimse feidhme.




*Sa phictiúr thuas: Angela Fitzgerald le baill dár bhfoireann shinsearach ceannaireachta ag freagairt ceisteanna ó Choiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais.*

In 2025, áiríodh leis sin:

**30**
preaseisiúint eisithe chun ár gcuid oibre a chur chun cinn

**89**
ráiteas foilseacháin eisithe in éineacht le foilsiú tuarascálacha cigireachta

**3**
Choiste Oireachtais arna fhreastail

**193**
iarratas meán freagartha

**6**
eagrán den nuachtlitir sheachtrach, HIQA News, eisithe chuig os cionn 4,000 liostálaí

**75**
ceist pharlaiminteach faighte le hionchur

**20**
comhairliúchán poiblí seachtrach ar glacadh páirt iontu

**2,526,076**
amharc leathanaigh ar www.hiqa.ie

**7,600+**
ríomhphost a fuarthas ag info@hiqa.ie

Leanaimid orainn de bheith ag déanamh athbhreithnithe ar ár gcur chuige i leith cumarsáide agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais na ndaoine a mbímid i dteagmháil leo.

## Cumarsáid Inmheánach

Tá cumarsáid éifeachtach inmheánach lárnach maidir lenár dtiomantas a chomhlíonadh a bheith inár bhfostóir rogha, agus ba é an sprioc a bhí againn i rith na bliana cultúr dearfach foirne a chothú agus ceangal agus rannpháirtíocht a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Le linn 2025, chuidigh réimse tionscnamh cumarsáide agus rannpháirtíochta inmheánacha leis an gcultúr ionchuimsitheach sin a chothú agus le tacú le folláine na foirne agus a gceangal leis an eagraíocht.

Le rannpháirtíocht a dhéanamh leis an bhfoireann i rith na bliana, d'eagraíomar roinnt imeachtaí fíorúla, hibrideacha agus i láthair go pearsanta.

Mar chuid dár dtiomantas cultúr eagraíochtúil dearfach a chinntiú agus tacú lenár bhfoireann, reáchtálaimid sraith ar a dtugtar Cainteanna HIQA. Is seisiúin ar líne iad sin ar féidir leis an bhfoireann freastal orthu chun foghlaim faoi eagraíocht sheachtrach ar leith nó ábhar ábhartha. In 2025, tionóladh ceithre sheisiún de Chainteanna HIQA, agus d'fhreastail 427 ball foirne ar na ceithre imeacht sin.

Chuir na cainteanna sin, a chuimsigh ábhair ó sheisiún ar an ról atá againn i seirbhísí leanaí chun Lá Domhanda na Leanaí a chomóradh go caint ar an néara-éagsúlacht san ionad oibre, foghlaim chomhroinnte agus méadú eolais don fhoireann chun cinn.

Phleanálamar, d'eagraíomar agus d'óstálamar trí imeacht Athbhreithniú na Bliana, ceann i ngach ceann dár dtrí oifig, ag deireadh 2025. Thug na himeachtaí sin an fhoireann le chéile, agus cruthaíodh deis dá mbarr le haghaidh rannpháirtíocht bhríoch leis an gceannaireacht shinsearach maidir le gnóthachtálacha na bliana agus pleananna don todhchaí, agus chuir siad leis an gcultúr oscailteachta agus cuimsitheachta freisin. Dá réir sin, d'eagraíomar imeachtaí foirne freisin do sheoltaí Thuarascáil Bhliantúil 2024, an Phlean Chorparáidigh agus na Straitéise Daoine agus Cultúir chun a chinntiú go mbeadh ár ndaoine ar an eolas faoi threoir straitéiseach na heagraíochta agus go mbeidís rannpháirteach léi agus an eagraíocht ag leanúint de bheith ag fás agus ag leathnú.

Le linn na bliana, reáchtálamar imeachtaí agus gníomhaíochtaí freisin, mar shampla Comórtas Bácála Bróid i Mí an Mheithimh, maidin chaife i mí Feabhra chun an 10ú Lá Cúraim Idirnáisiúnta a chomóradh, Seachtain na Gaeilge, agus Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas.

Tá sé ríthábhachtach dúinn a chinntiú go mbíonn an fhoireann ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag an eagraíocht, go hinmheánach agus go seachtrach araon, agus muid ag oibriú i láithreacha éagsúla. Chun é sin a dhéanamh, seolaimid ríomhphoist agus meamraim 'Chuig an bhFoireann Go Léir' go rialta, nuashonraímid ár nInlíon, agus seolaimid ríomhiris inmheánach chuig an bhfoireann. D'fhoilsíomar 11 eagrán dár ríomhiris foirne ina leagadh béim ar éachtaí na foirne, ar nuashonruithe eagraíochtúla agus a chuidigh le gach comhghleacaí fanacht suas chun dáta, ceangailte agus aitheanta as a gcuid oibre.

Is cuid lárnach dár gcultúr eagraíochtúil oscailteachta agus trédhearcachta é infheictheacht ár n-gceannaireachta sinsearaí agus rochtain orthu. D'fhoilsíomar físeáin ó bhaill dár bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus iad ag labhairt faoina réimsí oibre agus faoin gcaoi a n-oibríonn na foirne go léir laistigh de HIQA i dtreo na comhsprice chéanna, is é sin feabhas a chur ar na torthaí do dhaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Chuidigh na físeáin sin le trédhearcacht agus muinín a neartú trína chinntiú go gcloiseann comhghleacaithe go díreach ón bhfoireann ceannaireachta ar bhealach soiléir agus inrochtana.

Tá rannpháirtíocht na foirne ríthábhachtach dár gcultúr, agus tá ról suntasach ag an gcumarsáid inmheánach sa mhéid sin. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí ceangal chun cinn i measc comhghleacaithe le Misean, Fís agus Luachanna na heagraíochta chun go mbeimid in ann ár gcuspóirí a bhaint amach mar eagraíocht. Cheapamar, choimisiúnaíomar agus d'eagraíomar leathadh amach saothar ealaíne i ngach ceann dár dtrí oifig, ina bhfuil ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna léirithe, rud a chuireann leis an timpeallacht faoi stiúir luachanna atá againn ina mothaíonn daoine go bhfuil meas orthu agus go bhfuil cuspóir aontaithe acu.



*Angela Fitzgerald ag labhairt ag imeacht foirne inár n-oifig i gCorcaigh.*



*Saothar ealaíne luachanna ar taispeáint inár n-oifig i nGaillimh.*

# Éifeachtúlacht oibríochtúil a chothú

Ag HIQA, táimid tiomanta do chinntiú go bhfanfaimid sofhreagrúil agus feiliúnach don fheidhm. Agus é sin curtha san áireamh, déanaimid iniúchtaí agus athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha go rialta ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre.

## Sármhaitheas Trí Dhaoine

Is é an Deimhniúchán Sármhaitheasa Trí Dhaoine an caighdeán náisiúnta de chuid na hÉireann d'fhorbairt acmhainní daonna. I ndiaidh iniúchadh a rinne Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i Mí na Samhna 2025, choimeádamar an creidiúnú Platanaim faoin Scéim Sármhaitheasa Trí Dhaoine. Bhí an leanúint den chreidiúnú sin ina fíorú neamhspleách ar eispéireas na bhfostaithe san eagraíocht le linn tréimhse fáis leanúnaigh, agus is léiriú é ar chultúr ina mothaíonn daoine go bhfuil siad ar an eolas, páirteach agus go bhfuil tacaíocht acu.

## Córas bainistíochta cáilíochta

Le linn na bliana, leanamar orainn lenár Straitéis Cháilíochta agus Riosca a chur i bhfeidhm, agus thosaíomar ar fhorbairt ár gcéad Straitéise eile. Rinneamar athbhreithniú ar Chairt Seirbhíse Cáilíochta nuashonraithe, agus d'fhorbraíomar í, agus is foinse eolais í do dhaoine faoin leibhéal seirbhíse ar féidir leo a bheith ag súil leis ó HIQA. Tá ár dtiomantas d'oibriú i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara i gcomhréir leis na Prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na Seirbhíse Poiblí leagtha amach sa Chairt. Foilseofar í in 2026.

Tar éis iniúchadh rathúil dhá lá, choinníomar creidiúnú na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) dár gcóras bainistíochta cáilíochta, ISO 9001:2015. Aithnítear leis sin an tábhacht a bhaineann le cinntiú go mbunaítear córas bainistíochta cáilíochta, go gcuirtear i bhfeidhm é, go ndéantar cothabháil air, agus go ndéantar feabhas leanúnach air ar mhaithe le héifeachtacht eagraíochtúil.

## Misean na Seirbhíse Comhtháite um Athbhreithniú Rialála

In 2026, cuirfimid fáilte roimh an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach ina Misean de chuid na Seirbhíse Comhtháite um Athbhreithniú Rialála chun na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú cabhrú le tíortha a gcórais sábháilteachta radaíochta agus rialála a fheabhsú. Le linn 2025, rinneadh obair shuntasach chun ullmhú don athbhreithniú, lena n-áirítear roinnt féinmheasúnuithe a chur i gcrích. Tá an t-athbhreithniú á chomhordú ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, agus scrúdófar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar chuid de freisin, ár ngníomhaireacht chomhpháirtíochta i gcúrsaí cosanta radaíochta. Bhí an t-aiseolas tosaigh a fuarthas ón athbhreithniú an-dearfach, agus táimid ag tnúth leis an tuarascáil deiridh.

# Comhoibrithe acadúla agus idirnáisiúnta

## Forbairt comhpháirtíochtaí taighde don Chlár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim

I mí an Mhárta 2025, d'óstálamar glao idirnáisiúnta agus 15 dhuine i láthair ó 10 n-eagraíocht a bhí páirteach i suirbhéanna ar eispéireas cúraim ar fud an domhain, rud a dhaingnigh an caidreamh reatha agus a chothaigh naisc nua. Bhí béim sa phlé ar conas ár gcláir shuirbhéireachta a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir do dhaoine ó ghrúpaí imeallaithe. I measc na n-eagraíochtaí a bhí ionadaithe ar an nglao, bhí Aireacht Sláinte na hAlban, Údarás Sláinte na Fraince, Aireacht Chónaidhme na hOstaire um Ghnóthaí Sóisialta, agus eagraíochtaí eile a reáchtálann cláir náisiúnta shuirbhéireachta. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hobair le hInstitiúid Picker chun grúpáil idirnáisiúnta a bhunú d'eagraíochtaí a bhí bainteach le suirbhéanna ar eispéireas cúraim. Is é cuspóir na grúpála sin ná smaointe agus dea-chleachtas a roinnt maidir le forbairt agus anailís suirbhéanna.

Leanadh leis an obair le hOllscoil na Gaillimhe ar thionscadal a mhaoinigh an Bord Taighde Sláinte (BTS) ina fiosraíodh conas is féidir an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach a fheabhsú chun a chinntiú go gcuimsíonn sé dearcthaí daoine ó phobail imeallaithe go leordhóthanach. Príomhthoradh ón tionscadal sin ab ea páipéar dar teideal 'Exploring how health inequalities are conceptualised and measured in patient experience surveys in acute care: a protocol for a scoping review', foilsithe in 2025 in HRB Open.

Chríochnaíomar freisin tionscadal ar leith, arna mhaoiniú ag an BTS, le hOllscoil Mhaigh Nuad inar baineadh úsáid as modhanna ardleibhéil anailísíochta téacs chun léargais inghníomhaithe a aithint ó na nótaí tráchta saorthéacs mar fhreagraí ar shuirbhéanna d'othair chónaitheacha agus do mháithreacha. Forbraíodh dhá dheais idirghníomhacha chun go mbeadh páirtithe leasmhara in ann idirghníomhú le torthaí an tionscadail. Ina theannta sin, foilsíodh tuarascáil ar na torthaí ar www.yourexperience.ie.

Leanamar orainn rochtain a sholáthar ar shonraí suirbhé agus a n-úsáid chun léargais bhreise a fháil a spreagadh, agus fuaireamar 23 iarratas ar rochtain sonraí ó thaighdeoirí, ó sholáthraithe cúraim agus ó mhic léinn. Ina theannta sin, uaslódáladh sonraí suirbhé chuig Cartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann, taisclann sonraí ar líne a óstálann Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuirfidh sé seo rochtain luachmhar ar shonraí ar fáil do thionscnaimh taighde agus feabhsúcháin cáilíochta i gcomhréir le prionsabail FAIR (In-aimsithe, Inrochtana, Idir-inoibritheach, agus In-athúsáidte).

## Is eagraíocht inbhuanaithe agus ionchuimsitheach é HIQA

Ligeann ár bhfócas ar inbhuanaitheacht agus ar chuimsitheacht dúinn freastal ar riachtanais éagsúla na bpobal a bhfreastalaímid orthu, rud a chinntíonn go bhfanfaimid éifeachtach sa chaoi a n-oibrímid.

### Comhshaol agus inbhuanaitheacht

- Tá feabhas 74.4% tagtha ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh ó 2009.
- Tá astaíochtaí iomlána $CO_2$ laghdaithe againn faoi 48% i gcomparáid le 2016-2018.
- Tá astaíochtaí iomlána $CO_2$ a bhaineann le breosla iontaise laghdaithe againn faoi 30.2% i gcomparáid le 2016-2018.

D’oibríomar chun a chinntiú go gcomhlíonaimid Sainordú an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí. Thuairiscíomar ar chur chun feidhme a rinneamar i leith na gceanglas sainordaithe d’Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). D'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 ina bhfuil ár gcuspóirí foriomlána leagtha amach agus ár dtiomantas athdhearbhaithe chun na spriocanna go léir atá leagtha síos ag an Rialtas a bhaint amach nó a shárú.

Tríd an treochlár sin, déanfaimid feabhas leanúnach ar ár n-áiseanna, ár seirbhísí agus ár n-oibríochtaí bainistíochta acmhainní ó thaobh na spriocanna atá againn a bhaineann leis an aeráid agus le coigilt fuinnimh, agus ag an am céanna, beimid ag plé le hathruithe iompraíochta i measc ár bhfoirne agus páirtithe leasmhara eile.

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí díreacha $CO_2$ a bhaineann le breoslaí iontaise, chomh maith le hastaíochtaí iomlána $CO_2$. Ní thagann ár n-astaíochtaí díreacha breosla iontaise ach ó úsáid an gháis nádúrtha inár n-oifig i mBaile Átha Cliath. Tá laghdú 30.2% déanta againn ar astaíochtaí díreacha $CO_2$ a bhaineann le breoslaí iontaise, i gcomparáid lenár n-astaíochtaí bonnlíne, arb iad na meánsonraí ó 2016 go 2018 mar a d'aithin SEAI iad. Tá laghdú 48% déanta againn freisin ar na hastaíochtaí iomlána $CO_2$ i gcomparáid lenár mbonnlíne sonraí úsáide ó 2016 go 2018. Tá na laghduithe sin ar chonair chun na spriocanna sainordaithe don bhliain 2030 a bhaint amach.

Tá próisis i bhfeidhm againn chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh. Le linn na bliana, íocadh íocaíochtaí chun na hastaíochtaí sin a fhritháireamh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Táimid tiomanta d'inbhuanaitheacht a chinntiú i ngach gné dár gcuid oibríochtaí agus, chun tacú leis sin, bunaíodh Foireann Ghlas, is é sin grúpa ball foirne atá tiomanta don inbhuanaitheacht a thugann comhairle faoi thionscnaimh chomhshaoil, a thacaíonn leo agus a chuireann chun cinn iad ar fud na heagraíochta.

### Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú

Táimid bródúil as an lucht saothair éagsúil atá againn, a sheachadann obair ardcháilíochta ar fud na heagraíochta. Leanfaimid orainn ag obair chun eagraíocht chuimsitheach, éagsúil agus chothrom a chruthú trí aiseolas leanúnach a shainaithint agus gníomhú air agus leas a bhaint as deiseanna lena n-éascaítear athrú bríoch. Fanaimid tiomanta d'éagsúlacht chultúrtha agus ionchuimsiú a spreagadh ar fud na heagraíochta, agus tacú leo, trí ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú atá faoi stiúir na foirne. Le linn 2025, ghlac an fhoireann páirt i dtrí mhórshiúl Bróid ar fud na tíre. Reáchtálamar freisin an chéad imeacht 'Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sa Chleachtas' don fhoireann, inar léirigh baill foirne tionscadail a raibh siad ag obair orthu a bhain le héagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú.

I mí na Nollag 2025, bhuaigh an Grúpa Oibre um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú an gradam Comhghuaillí den Scoth sa chatagóir do Ghníomhaireacht Phoiblí nó Stáit ag Gradaim Out and Outstanding i gCorcaigh. Ainmníodh muid freisin do Ghradaim Grúpa Acmhainní Fostaithe den Scoth mar chuid de Ghradaim Náisiúnta na hÉagsúlachta agus an Ionchuimsithe 2026.

Ag teacht lena Straitéis Daoine agus Chultúir, tá HIQA ag forbairt Treochláir um Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú (ÉC&I) lena leabófar ÉC&I sa chaoi a n-oibrímid, a stiúraimid, agus a dtugaimid tacaíocht dá chéile — rud a fhágfaidh gur cuid dár gcultúr laethúil é.

# 4

# Daoine



# Caibidil 4:
# **Daoine**

**Is fostóir rogha é HIQA de bharr a thacaíochtaí foirne, a dheiseanna agus a chultúir dhearfaigh eagraíochta**

**I bPlean Corparáideach 2025-2027, leagaimid amach ár dtiomantas d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt foirne, timpeallacht oibre thacúil a chruthú agus lucht oibre spreagtha a chothú a chuireann lenár misean agus le feabhas foriomlán an chúraim sláinte agus shóisialta. Ba mhaith linn go mbeadh HIQA ina fhostóir rogha.**

## In 2025, baineadh é sin amach trí na gníomhartha seo:

- Seoladh Straitéis Daoine agus Chultúir 2025–2027 lena soláthraítear treochlár soiléir don eagraíocht ar fad chun cumas, cultúr agus inbhuanaitheacht an lucht saothair a neartú.
- Cumas eagraíochtúil feabhsaithe trí mhúnla athdheartha Foghlama agus Forbartha Corparáidí, rud a mhéadaíonn rannpháirtíocht agus a chothaíonn cultúr fáis ghairmiúil leanúnaigh.
- Fás láidir lucht saothair agus mealladh tallainne leanúnach i bhfianaise earcú do 132 ról, agus spéis agus éileamh méadaithe ó iarrthóirí agus soghluaisteacht inmheánach shuntasach ann, rud a thacaigh le fairsingiú eagraíochtúil agus dul chun cinn gairme.
- Cumas ceannaireachta agus comhtháthú lucht saothair treisithe trí chlár ainmnithe forbartha bainisteoirí.

# Straitéis Daoine agus Chultúir 2025-2027




In 2025, sheolamar Straitéis nua Daoine agus Chultúir do 2025 go 2027 atá ailínithe chun tacú lenár bPlean Corparáideach. Tá ár ndaoine i gcroílár gach a ndéanaimid mar eagraíocht, agus tá an meon sin aitheanta sa straitéis agus béim curtha air.

Tá béim sa straitéis ar an gcaoi a dtacóimid lenár ndaoine agus a neartóimid iad, agus ar an gcaoi a leanfaimid orainn cultúr comhoibrithe agus comhchuspóra a chothú laistigh de HIQA. Tá sé mar aidhm ag an straitéis cabhrú linn freastal ar dheiseanna agus dúshláin na todhchaí ionas gur féidir linn oibriú le chéile chun an cultúr agus an timpeallacht oibre a bhfuilimid ar ár ndícheall a chruthú a mhúnlú agus a bhaint amach. Tá an straitéis leagtha amach faoi thrí phríomhcholún.




Seoladh an straitéis trí shraith de cheardlanna i láthair go pearsanta inár dtrí oifig ar fad, rud a chruthaigh deis do phlé agus rannpháirtíocht foirne, agus tacaíocht ann ó mhol atá forbartha ar líne ar a bhfuil acmhainní agus tuilleadh eolais do bhaill foirne.

Tionscadal lárnach laistigh den straitéis is ea 'ár luachanna a chasadh isteach' — sé sin ár luachanna a fhorbairt ina n-iompraíochtaí criticiúla laethúla a chleachtann gach duine san eagraíocht. Leis an gcur chuige sin, soláthraítear creat iompraíochta soiléir comhroinnte a neartaíonn an cultúr eagraíochtúil atá againn agus a threisíonn cuntasacht ó thaobh cinnteoireacht agus modhanna oibre atá faoi stiúir luachanna. De bharr na hoibre sin, tacófar go díreach le cuspóir an Phlean Chorparáidigh cultúr eagraíochtúil láidir, comhsheasmhach a leabú atá ag teacht lenár misean agus lenár ról rialála.

# Foghlaim agus Forbairt

Táimid tiomanta do chultúr foghlama ardfheidhmíochta a chothú ina gcuirtear ar cumas na ndaoine atá againn ár sainordú a chomhlíonadh i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta agus atá ag teacht chun cinn.

In 2025, chuir muid i bhfeidhm samhail oibríochta athdheartha don Fhoghlaim agus don Fhorbairt Chorparáideach, bunaithe ar anailís chuimsitheach inmheánach ar chumas agus ailínithe le Straitéis Daoine agus Chultúir 2025–2027. Ba léiriú an t-athrú sin ar an aistriú ó sholáthar oiliúna ad hoc go cur chuige struchtúrtha cumasbhunaithe ina ndírítear ar na scileanna a theastaíonn le haghaidh fás eagraíochtúil, sármhaitheas rialála agus athléimneacht oibríochtúil a chothú.

Cuireadh féilire oiliúna struchtúrtha ar fud na heagraíochta i bhfeidhm, rud a chuir feabhas ar infheictheacht, ar phleanáil chun cinn agus ar rochtain chothrom ar dheiseanna forbartha. Dá bharr sin, tháinig méadú suntasach ar an rannpháirtíocht san fhoghlaim, agus méadaíodh an rannpháirtíocht go 433 fostaí agus méadaíodh an seachadadh iomlán ó 400 go 1,500 uair an chloig. Rud atá tábhachtach, ghlac beagnach leath de na rannpháirtithe páirt i níos mó ná aon idirghabháil foghlama amháin, rud a léiríonn cultúr forbartha gairmiúla leanúnaí atá ag fás seachas freastal aonuaire.

Sa bhreis ar mhéadrachtaí rannpháirtíochta, léiríodh an tionchar in aiseolas na bhfoghlaimeoirí agus san fheidhmiú. Thuairiscigh an fhoireann go raibh an fhoghlaim ábhartha dá róil go díreach, go raibh sí infheidhme láithreach sa chleachtas agus gur neartaigh sí a muinín agus a gcumas chun tacú le heagraíocht atá ag fás agus atá ag éirí níos casta. De bharr an cumas fheabhsaithe sin, cuirtear le feabhas ar an gcinnteoireacht, ar an gcomhsheasmhacht rialála, ar an gcomhoibriú trasfheidhmeach agus ar cháilíocht na seirbhíse.

Ag an am céanna, neartaíomar an t-éiceachóras forbartha níos leithne chun tacú le feidhmíocht láithreach agus le cothú cumais san fhadtéarma. Leabaíodh clár mór meantóireachta chun cur le heispéireas na bhfostaithe nua, dlús a chur le comhtháthú, agus tacú le haistriú eolais ar fud na heagraíochta. Sheolamar freisin clár tiomnaithe forbartha bainisteoirí dírithe ar na scileanna riachtanacha a chothú chun foirne a threorú agus tacú leo i dtimpeallacht oibre chumaisc, rud a neartaíonn cumas bainistíochta, comhsheasmhacht agus rannpháirtíocht fostaithe.

Leanaimid orainn infheistiú i dtacaíochtaí oideachais acadúil agus i rochtain ar dheiseanna forbartha seachtracha, chun a chinntiú go bhfanann ár lucht saothair réidh don todhchaí, go bhfuil siad creidiúnach go gairmiúil agus go mbíonn siad ag teacht le héilimh rialála agus earnála atá ag athrú.

# Sláinte agus Folláine

Lean sláinte agus folláine ár bhfoirne de bheith ina bpríomhthosaíocht. Tá ár gClár Folláine, atá múnlaithe ag aiseolas rialta ón bhfoireann agus treoraithe ag ár nAmbasadóirí Folláine, ag leanúint de bheith ag fás agus ag teacht in aibíocht, agus rannpháirtíocht láidir le feiceáil i ngach réimse, rud a léiríonn cur chuige tacúil agus freagrúil i leith fholláine na foirne. Tá gach gníomhaíocht bunaithe ar thrí chroícholún: Intinn, Corp agus Spiorad, trína dtacaítear le folláine mheabhrach, fhisiciúil agus mhothúchánach. Léiríodh le rannpháirtíocht ard sna tacaíochtaí a bhí ar fáil go raibh na fostaithe ag mothú slán agus go raibh siad spreagtha chun tús áite a thabhairt dá sláinte agus folláine.

Le linn 2025, bhain 40% den fhoireann leas as comhairliúcháin sláinte ar an láthair, agus ghlac 30% den fhoireann páirt inár ndúshlán gníomhaíochtaí samhraidh, rud a spreag gluaiseacht, obair foirne, agus ceangal i measc foirne ar fud láithreacha.

Tríd is tríd, is léiriú í an rannpháirtíocht láidir leanúnach inár gClár Folláine ar chultúr folláine dearfach agus ar ár dtiomantas do thacú le foireann ar bhealach praiticiúil, ionchuimsitheach agus fiúntach.

Ina theannta sin, cuirimid Clár Cúnaimh Fostaithe ar fáil chun tacaíocht a sholáthar dár bhfoireann. Bhain thart ar 13% den fhoireann úsáid as an gClár Cúnaimh Fostaithe, agus baineadh úsáid as an raon iomlán seirbhísí a cuireadh ar fáil, is iad sin: comhairle gairme, comhairle caidrimh, comhairle dhlíthiúil agus comhairle airgeadais, cóitseáil saoil agus tacaíocht mheabhairshláinte.

## Earcaíocht

Agus ár ról agus ár réimse feidhme ag síormhéadú, léiríodh leis an ngníomhaíocht earcaíochta ar leibhéil nár sáraíodh riamh cheana píblíne láidir thallainne atá ina léiriú ar ár mbranda láidir mar fhostóir. Le linn na bliana, rinneamar earcaíocht do 132 ról san iomlán ar fud na heagraíochta. Rinneamar nuashonrú freisin ar ár sraith d'fhaisnéis agus acmhainní earcaíochta d'iarrthóirí.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Le linn 2025, d'fhanamar tiomanta do chinntiú go raibh sláinte agus sábháilteacht gach duine a bhí ag obair san eagraíocht cosanta. Leanamar orainn monatóireacht a dhéanamh ar ár gcreat sláinte agus sábháilteachta lena soláthraítear na polasaithe, na caighdeáin, na hábhair agus na huirlisí riachtanacha a thacaíonn leis an eagraíocht agus a chuidíonn léi. Ba chuid lárnach dár dtiomantas don fheabhsú leanúnach sa réimse sin cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn, oiliúint a chur ar fáil fúthu, iad a bhainistiú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta ar fad chun a chinntiú go mbraitheann an fhoireann compordach agus sábháilte i gcónaí agus iad ag obair.

Cuireadh réimse iomlán tacaíochtaí ar fáil do bhaill foirne a oibríonn san oifig agus sa bhaile faoi mhúnla oibre cumaisc HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad in ann oibriú go héifeachtach agus go compordach ó na láithreacha sin. Áiríodh leis sin troscán, trealamh agus gach riachtanas breise sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear oiliúint agus measúnuithe riosca a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht. Táimid tiomanta do thacú i gcónaí lenár bhfoireann reatha, agus, ag an am céanna, leanúint orainn muid féin a shuíomh mar fhostóir rogha do dhaoine ar mian leo oibriú in eagraíocht a bhfuil misean soiléir aici, agus iad ag baint taitneamh as solúbthacht agus as cothromaíocht oibre agus saoil.

# 5

# Ráitis Airgeadais



# Foilseofar Ráitis Airgeadais Bhliantúla HIQA ina n-iomláine i gCuid 2 den doiciméad seo a luaithe a gheofar na ráitis airgeadais iniúchta ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

# 6 Aguisíní



# Aguisíní

| | | |
|---|---|---|
| **A.** | **Bord agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA** | **78** |
| **B.** | **Tuarascáil Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta** | **82** |
| **C.** | **Rialáil agus Monatóireacht Seirbhísí Sláinte** | **94** |
| **D.** | **Monatóireacht ar Sheirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta** | **96** |
| **E.** | **Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine** | **98** |
| **F.** | **Deontais agus Duaiseanna** | **101** |
| **G.** | **An Cód Rialachais** | **102** |
| **H.** | **Saoráil Faisnéise** | **102** |
| **I.** | **Bainistíocht Gearán** | **102** |
| **J.** | **Achtanna na dTeangacha Oifigiúla** | **103** |
| **K.** | **Nochtaí Cosanta** | **103** |

# A. Bord agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA

## Ár mBord

Is é ár mBord gcroílár rialachais HIQA. Soláthraíonn siad treoir straitéiseach don eagraíocht, agus cinntíonn siad go mbíonn rialuithe inmheánacha láidre agus comhlíonadh reachtúil agus oibríochtúil ann i gcónaí. Tá an Bord comhdhéanta d'Uachtarán agus de 11 chomhalta neamhfheidhmiúcháin a thugann leo saineolas trasna earnáil an chúraim sláinte agus shóisialta, chomh maith le taithí agus dearcthaí luachmhara ó réimsí agus tionscail ghaolmhara. Cinntíonn an meascán sin d'eolas agus de scileanna go mbíonn obair HIQA treoraithe ag léargas eolach neamhspleách.

I mí Lúnasa 2025, d'éag Cathaoirleach HIQA, an tOllamh Pat O'Mahony, tar éis seacht mbliana a chur isteach i gceannas ar an mBord.

Tháinig Bord HIQA le chéile 10 n-uaire in 2025 chun ceisteanna suntasacha éagsúla a chur chun cinn. I measc chomhaltaí an Bhoird le linn 2025 bhí:



**An Dr Pat O'Mahony** *(Cathaoirleach 3 Deireadh Fómhair 2018 - an 26 Lúnasa 2025)*

Iar-Phríomh-Fheidhmeannach ar Fhorbairt Taighde Cliniciúil Éireann. Iar-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Iar-Leas-Ard-Rúnaí agus Ceannaire Rialachais agus Feidhmíochta sa Roinn Sláinte. Iar-Phríomh-Fheidhmeannach ar an Údarás Rialála Táirgí Sláinte.



**Martin O'Halloran** *(Cathaoirleach Reatha)*

Iar-POF an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Iar-Chathaoirleach Bhord an Fhorais Riaracháin agus Chomhlachas na bPríomh-Fheidhmeannach.



**Bernadette Costello**

Stiúrthóir Cairte agus Cuntasóir Cairte. Ball Boird agus Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh, ar Bhord agus Coiste Airgeadais Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, agus ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Chuan na Gaillimhe. Tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais HIQA.



**An Dr Jim Kiely**

Iar-Leaschathaoirleach Bhord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta. Iar-Chomhairleoir Beartais Sláinte le Clár Sláinte Chúnamh Éireann. Cathaoirleach ar Bhuanchoiste Oifig Réigiúnach EDS i gCóbanhávan. Chaith sé 11 bhliain mar Phríomh-Oifigeach Leighis sa Roinn Sláinte. Cathaoirleach ar Choiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht HIQA.



**An Dr Paula Kilbane**

Iar-POF Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann. Tá Paula ina comhalta de Bhord an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) faoi láthair, agus tá taithí fhairsing aici mar stiúrthóir sna hearnálacha poiblí, carthanachta agus príobháideacha.



## An Dr Clíodhna Foley-Nolan

Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí. Iar-Stiúrthóir na Sláinte agus Cothaithe Daonna ag Safefood agus Speisialtóir i Míochaine Sláinte Poiblí in FSS.



## Lynsey Perdisatt

Stiúrthóir AD, Miondíol & Corparáideach ag An Post. D'oibrigh sí ar leibhéal sinsearach AD san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon, agus tá taithí shuntasach aici i gcaidreamh fostaithe, i gcaidreamh tionsclaíoch agus i mbainistiú athraithe. Cathaoirleach Choiste Maoirseachta Acmhainní HIQA.



## Caroline Spillane

Príomh-Fheidhmeannach Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn. Iar-POF Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn. Iar-Ardstiúrthóir Innealtóirí Éireann. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



## Martin Higgins

Iar-POF Safefood. Faoi láthair, tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar an Institiúid um Shláinte Phoiblí Uile-Oileáin, ina chomhalta comhairle ar Chumann Cógaiseoirí na hÉireann, agus ina Chathaoirleach ar Choistí Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Bhí sé ar bhoird de chuid Bhord Leigheasra na hÉireann, CORU (rialálaí na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta) agus Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann roimhe seo, agus ina Chathaoirleach ar Bhord an Údaráis Sábháilteachta Bia.



## Marion Meany

30 bliain de thaithí ag obair i seirbhísí sláinte. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta FSS um Straitéis agus Pleanáil Mhíchumais.



## Danny McConnell

Comhalta den Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasaíocht. Comhalta Boird Choláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt. Iar-Comhpháirtí Comhairliúcháin Teicneolaíochta in Deloitte i dTuaisceart Éireann.



## Leonie Clarke

Príomh-Fheidhmeannach Eagraíocht um Fhíorú Leigheasra na hÉireann. Breathnóir tofa ar Bhord na hEagraíochta Eorpaí um Fhíorú Leigheasra. Iar-Uachtarán agus iarbhall comhairle Chumann Cógaiseoirí na hÉireann, agus iarbhall boird an Bhoird Taighde Sláinte.



## An Dr Frank O'Donnell

Bhí róil cheannaireachta náisiúnta aige in Microsoft, KPMG agus PA Consulting. Ball den Choiste Comhairleach Straitéiseach don tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála agus fócas aige ar ghlacadh IS. Ina bhall de Bhord Comhairleach Straitéiseach Genuity Science roimhe seo.

# Coistí Boird

Tacaíonn ceithre choiste Boird le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- **Déanann an Coiste Rialála** maoirsiú ar éifeachtacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le soláthar fheidhmeanna rialála HIQA.
- Tacaíonn an **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an coiste don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.
- Déanann an **Coiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht** maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir le feidhmeanna a bhaineann le forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú ar theicneolaíocht sláinte.
- Déanann an **Coiste Maoirseachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ailínithe le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Ina theannta sin, tugann sé faoi mhaoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus feidhmíocht bhainistíochta.

# Ár bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an eagraíocht faoi stiúir na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin a fhaigheann tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as na feidhmeanna gnó atá againn.

**In 2025 bhí na comhaltaí seo a leanas mar chuid d'Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:**



**Angela Fitzgerald**
Príomhfheidhmeannach



**An Dr Máirín Ryan**
Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Measúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte



**Carol Grogan**
Príomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta



**Finbarr Colfer***
Príomh-Chigire Ainmnithe



**Sean Egan**
Stiúrthóir um Rialáil Cúraim Sláinte



**Rachel Flynn**
Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte



**Sean Angland**
Príomh-Oifigeach Oibríochtaí



**Bala Krishnan**
Príomh-Oifigeach Faisnéise



**Marty Whelan**
Ceann Cumarsáide agus Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara



**Susan Montgomery**
Ceann na nAcmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochtúil

* D'ainmnigh Bord HIQA Finbarr Colfer chun feidhmeanna Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta a chomhlíonadh i mí na Samhna 2024.

# B. Tuarascáil Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta

Trí na gníomhaíochtaí rialála agus monatóireachta a dhéanann Príomh-Chigire HIQA na Seirbhísí Sóisialta, cuirimid feabhas ar thorthaí do dhaoine trí úsáid a bhaint as na nithe seo:

- Ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas (aosaigh agus leanaí) ar a dtugtar seirbhísí cónaitheacha míchumais
- Ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta ar a dtugtar tithe altranais
- Seirbhísí leanaí.

Lena chinntiú go bhfuil soláthraithe ag cur cúram agus tacaíocht dea-chaighdeáin ar fáil, cuimsíonn an rialáil roinnt príomhghníomhaíochtaí:

- ionaid ainmnithe a chlárú
- cigireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí
- monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh sna seirbhísí
- bualadh le daoine a bhaineann úsáid as an tseirbhís agus plé leo chun a gcuid eispéireas a chloisteáil
- faisnéis a fháil, a anailísiú agus measúnú riosca a dhéanamh uirthi ó raon foinsí chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhaíocht rialála.

### Gníomhaíocht cigireachta

Le linn na bliana, rinneamar 1,994 cigireacht ar thithe altranais, ar sheirbhísí cónaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar sheirbhísí do leanaí. Sna cigireachtaí, déantar measúnú an bhfuil soláthraithe seirbhíse ag comhlíonadh na rialachán nó na gcaighdeán náisiúnta, chun a chinntiú go bhfuil cúram sábháilte, ardcháilíochta á fháil ag na daoine atá ina gcónaí sna háiteanna sin. Is féidir le cigirí athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an bhfaisnéis uile faoi ionad nó seirbhís atá i seilbh an Phríomh-Chigire nó atá faighte aige/aici.

Déanann an Príomh-Chigire cigireachtaí chun:

- Measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialachán agus/nó caighdeán ag am ar leith
- Guth a thabhairt do chónaitheoirí nó do leanaí atá ina gcónaí in ionad nó atá ag baint leasa as seirbhísí sóisialta faoi conas atá sé an tseirbhís a fháil
- An pobal a chur ar an eolas faoi cháilíocht na seirbhísí atá á gcur ar fáil
- Cinntí rialála leanúnacha a dhéanamh.

## Seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas a rialú

### Próifíl ar sheirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn

Ag deireadh 2025, bhí 1,745 ionad ainmnithe cláraithe ann do dhaoine faoi mhíchumas, méadú 90 ar 2024. Chuir na hionaid sin 9,481 áit chónaithe ar fáil do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas, méadú glan de 235 áit ar an mbliain roimhe sin.

Díobh sin, bhí 1,564 ionad do dhaoine fásta, bhí 144 do leanaí go sonrach, agus bhí 37 do mheascán de dhaoine fásta agus leanaí araon. De ghnáth, b'ionaid faoisimh a bhí sna hionaid inar cuireadh cóiríocht ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí ag amanna éagsúla, nó ionaid ina raibh na cónaitheoirí ag aistriú go haosacht agus ba mhian leo fanacht ina gcónaí le chéile.

**Fíor A1: Líon na n-ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas 2013 go 2025**




Ag deireadh 2025, bhí 1,947 áit chónaithe cláraithe i suíomhanna comhchónaithe, nó i suíomhanna móra campasbhunaithe, i gcomparáid le 2,111 san iomlán ag deireadh 2024, laghdú 164 duine i suíomhanna comhchónaithe. Is rud dearfach é sin, mar go bhfuair muid amach go seasta go raibh torthaí níos fearr ag daoine a chónaigh i suíomh pobalbhunaithe ná mar a bhí acu siúd a chónaigh i suíomhanna chomhchónaithe.

Cé gur tháinig laghdú ar líon na gcónaitheoirí i suíomhanna comhchónaithe le linn 2025, tá thart ar 21% de líon iomlán na ndaoine atá ina gcónaí i seirbhísí míchumais cónaithe ina gcónaí i suíomhanna comhchónaithe.

**Fíor A2: Comhlíonadh foriomlán in ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas in 2025 i gcomparáid le 2024**






Le linn 2025, chuir cigirí 1,191 cigireacht i gcrích ar ionaid do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áiríodh 196 cigireacht a bhí dírithe ar shlánchumhdú aosach go sonrach. Féadtar cigireachtaí a bheith fógartha, a bheith gan fógra nó a bheith fógartha ar gearrfhógra, agus féadfar iad a dhéanamh ag am ar bith de lá nó d'oíche. Tháinig méadú ar an líon cigireachtaí gan fhógra ó 39% in 2024 go 56% in 2025.

**Fíor A3: Céatadán na gcigireachtaí fógartha agus neamhfhógartha ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas a rinneadh in 2025**




Rinneadh cigireacht amháin ar fhormhór na n-ionad (935) ar tugadh cuairt orthu in 2025. Léiríonn sé sin go raibh leibhéal maith comhlíonta acu agus, sa chás go raibh siad neamhchomhlíontach, gur fhreagair an soláthraí go cuí. Ó thaobh ionaid neamhchomhlíontacha de, bhí dhá chigireacht ag teastáil ó 112 ionad chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus bhí trí chigireacht leantacha nó níos mó ag teastáil ó 10 n-ionad.

**Fíor A4: Céatadán na gcuairteanna cigireachta in aghaidh an ionaid a ndearnadh cigireacht orthu in 2025**



## Forfheidhmiú rialála

Cé gur aimsíomar leibhéil fheabhsaithe chomhlíontachta in 2025, bhí ar an bPríomh-Chigire dul i mbun gníomh géaraithe agus forfheidhmithe chun iallach a chur ar roinnt soláthraithe feabhsuithe a dhéanamh ar cháilíocht na tacaíochta do chónaitheoirí ina n-ionaid.

In 2025, mar thoradh ar thorthaí neamhchomhlíontacha le linn cigireachta, eisíodh 47 litir rabhaidh chuig soláthraithe. Tugadh rabhadh sna litreacha sin do sholáthraithe go bhféadfadh cealú chlárú a n-ionad, ionchúiseamh nó coinníollacha breise a cheangal leis an gclárú a bheith mar thoradh ar mhainneachtain a theacht i gcomhlíonadh agus torthaí do chónaitheoirí a fheabhsú, mar atá leagtha amach faoin Acht Sláinte 2007 (arna leasú).

Nuair a fhaighimid amach nach ndéantar feabhsuithe chun tairbhe na gcónaitheoirí, glacaimid beart breise. In 2025, d'eisíomar 12 fhógra a raibh moladh iontu clárú ionad a chealú nó a dhiúltú mura ndéanfaí feabhsuithe. Tá sé de cheart dlíthiúil ag soláthraithe freagra a thabhairt ar na fógraí sin, agus fuair an Príomh-Chigire uiríll maidir leis na hionaid sin.

In dhá cheann de na hionaid sin, theip ar sholáthraithe feabhsuithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le sábháilteacht agus folláine na gcónaitheoirí. Ghlac an Príomh-Chigire an cinneadh clárú na n-ionad sin a chur ar ceal. Thóg an FSS ceann de na hionaid sin ar láimh faoi Alt 64 den Acht Sláinte (2007 mar a leasaíodh). Maidir leis an ionad eile, d'fheidhmigh an soláthraí a gceart achomhairc i gcoinne an chinnidh cealaithe, agus chuir siad tús le himeachtaí dlíthiúla.

## Aiseolas a fuarthas ó dhaoine faoi sheirbhísí míchumais cónaithe in 2025

In 2025, fuarthas 348 píosa aiseolais san iomlán maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Ba é sin an líon céanna a fuaireamar in 2024.

**Fíor A5: Líon na bpíosaí aiseolais a fuarthas faoi ionaid ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas le linn 2025 i gcomparáid le 2024**



## Faisnéis a chuirfidh soláthraithe seirbhísí míchumais cónaithe isteach in 2025

Le linn 2025, fuarthas 35,880 fógra maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Is méadú 11% é sin ar líon na bhfógraí a fuarthas in 2024.

**Fíor A6: Fógraí rialála a fuarthas ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2025 de réir cineáil**



# Tithe Altranais a Rialú

## Próifíl de thithe altranais in Éirinn

Ag deireadh 2025, bhí 545 ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta (ar a dtugtar tithe altranais go coitianta) ann, a sholáthraigh 32,408 leaba. Léiríonn sé sin laghdú ar líon na dtithe altranais (ó 548 in 2024), agus d'ardaigh líon na leapacha cláraithe beagán, ardú de 38 ó 32,370 in 2024.

**Tábla A1: Líon na nIonad agus Leapacha Cláraithe idir 2013 agus 2025**

| Bliain | Líon Ionad | Athraitheas Bliain ar Bhliain na nIonad | Líon Leapacha | Athraitheas Bliain ar Bhliain na Leapacha |
|---|---|---|---|---|
| **2016** | 580 | +3 | 30,396 | +290 |
| **2017** | 579 | -1 | 30,732 | +336 |
| **2018** | 581 | +2 | 31,250 | +518 |
| **2019** | 585 | +4 | 31,969 | +719 |
| **2020** | 573 | -12 | 32,091 | +122 |
| **2021** | 567 | -6 | 31,842 | -249 |
| **2022** | 557 | -10 | 31,674 | -168 |
| **2023** | 553 | -4 | 32,214 | +540 |
| **2024** | 548 | -5 | 32,370 | +156 |
| **2025** | 545 | -3 | 32,408 | +38 |

Dúnadh seacht dteach altranais i gcaitheamh 2025, agus cláraíodh ceithre theach altranais nua. As na ceithre theach altranais nua sin, ní raibh ach dhá cheann ina láithreáin nuathógtha agus nuafhorbartha. B'ionad athsholáthair ceann de na ceithre theach altranais d'ionad a bhí ann cheana, agus ba theach altranais é an ceathrú teach altranais nua a cláraíodh in 2025 a cláraíodh le soláthraí nua tar éis chealú chlárú an tsoláthraí roimhe sin in 2024. Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé san áireamh ar an liosta de thithe altranais nua, ba cheart é a mheas i gcomhthéacs leapacha athsholáthair a chur ar fáil seachas líon leapacha nua. Chuir na ceithre theach altranais sin 241 leaba ar fáil san iomlán, agus tháinig 176 díobh sin ó dhá shaoráid nuathógtha.

Fritháiríodh an tionchar dearfach a bhain leis an acmhainn bhreise a chruthaigh na ceithre theach altranais nuachláraithe de bharr caillteanas 186 leaba sna seacht dteach altranais a dúnadh in 2025. Ba é 26.5 an meánlíon leapacha sna tithe altranais a dúnadh.

D'ainneoin an laghdaithe leanúnaigh ar líon na dtithe altranais cláraithe, léirigh líon iomlán na leapacha atá ar fáil méadú beag de 38 leaba ó 2024. Ba ann don mhéadú acmhainne sin go pointe áirithe mar gheall ar an líon tithe altranais a chuir síneadh lena n-áitreabh chun líon na leapacha a mhéadú. San iomlán, cláraíodh 217 leaba nua i dtithe altranais reatha, rud a sháraigh an méadú ar an acmhainn a tháinig ann trí thógálacha nua.

**Fíor A7: Athraitheas Bliain ar Bhliain ar Leapacha Cláraithe Nua i dTithe Altranais idir 2016 agus 2025**




Tá na tithe altranais faoi úinéireacht roinnt eintiteas dlíthiúil agus á reáchtáil acu, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ó FSS faoi ailt 38 agus 39 d'Acht Sláinte 2004 agus soláthraithe príobháideacha. Tá próifíl na húinéireachta leagtha amach thíos i dTábla 2.

**Tábla A2: Próifíl úinéireachta tithe altranais ar an 31 Nollaig 2025**

| Cineál Soláthraí Chláraithe | Ionaid Chláraithe | Leapacha Cláraithe |
|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Poiblí) | 114[2] (20.8%) | 5,235 (16.2%) |
| Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte, 2004 | 19 (3.5%) | 1,075 (3.3%) |
| Soláthraithe Príobháideacha | 415 (75.6%) | 26,098 (80.5%) |
| **Iomlán** | **545** | **32,408** |

Le linn 2025, rinne FSS reáchtáil ar chúig theach altranais amhail is dá mba é an soláthraí cláraithe ar feadh tréimhsí éagsúla ama go dtí gur dhún na tithe altranais a bhí i gceist tar éis na cónaitheoirí a aistriú go tithe altranais eile nó gur cláraíodh soláthraí nua chun an teach altranais a reáchtáil. Áirítear sna huimhreacha sa tábla thuas na trí theach altranais a lean FSS a reáchtáil amhail is dá mba é an soláthraí cláraithe go dtí an 31 Nollaig 2025.

## Clárú

Caithfidh soláthraí cláraithe tí altranais iarratas a dhéanamh chun a gclárúchán a athnuachan gach trí bliana. In 2025, rinneadh athnuachan ar chlárúcháin 114 soláthraí.

2 Áirítear leis sin trí ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta atá á reáchtáil ag FSS de bhun alt 64 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú). Bhí na hionaid ainmnithe sin á n-oibriú ag soláthraí cláraithe príobháideach roimhe seo, agus cuireadh a gclárú ar ceal de bhun alt 51 nó alt 59 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú).

## Cigireachtaí

In 2025, rinne cigirí na seirbhísí sóisialta 757 cigireacht ar thithe altranais. Rinneadh cigireacht ar gach teach altranais uair amháin ar a laghad le linn na bliana, agus rinneadh dhá chigireacht nó níos mó ar 31% de na hionaid. Le linn na bliana, de bharr imní shuntasach maidir le sláinte agus sábháilteacht cónaitheoirí, bhí gá le níos mó ná dhá chigireacht ag 22 ionad, agus rinneadh naoi n-iniúchadh ar ionad amháin. Ba ionann na 757 cigireacht a cuireadh i gcrích agus 1,325 lá cigireachta toisc go ndearna níos mó ná cigire amháin cuid de na cigireachtaí, nó go ndearnadh iad thar roinnt laethanta.

### Tábla A3: Líon na gcigireachtaí in aghaidh an tí altranais in 2025

| Líon Cigireachtaí in 2025 | Líon Ionad |
|---|---|
| Cigireacht amháin | 378 |
| 2 Chigireacht | 151 |
| 3 Chigireacht | 17 |
| 4 Chigireacht | 3 |
| 5 Chigireacht | 1 |
| 9 gCigireacht | 1 |

In 2025, ba chigireachtaí neamhfhógartha iad 95% de na cigireachtaí uile ar thithe altranais, rud a chiallaíonn nach raibh a fhios ag an soláthraí cláraithe ná ag a bhfoireann go raibh an chigireacht ar siúl an lá sin. Fógraíodh an 5% eile de na cigireachtaí, rud a chiallaíonn gur tugadh fógra míosa don soláthraí cláraithe maidir le dáta na cigireachta. Nuair a fhógraítear an chigireacht, seoltar pacáiste chuig an soláthraí cláraithe ina mbíonn suirbhéanna cónaitheoirí agus póstaer chun a fhógairt cathain a bheidh cigirí sa lárionad. Is é is aidhm leis sin deis a thabhairt do chónaitheoirí agus do theaghlaigh aiseolas a thabhairt ar an tseirbhís a fhaigheann siad agus pleanáil a dhéanamh chun bualadh leis an gcigire más mian leo sin a dhéanamh.

### Fíor A8: Céatadán de chigireachtaí fógartha i gcomparáid le cigireachtaí neamhfhógartha ar thithe altranais a rinneadh in 2025



## Forfheidhmiú rialála

Bainimid úsáid as cur chuige géaraithe rioscabhunaithe chun sábháilteacht na gcónaitheoirí i dtithe altranais a chinntiú. Nuair a léiríonn teach altranais neamhchomhlíonadh leanúnach ar na rialacháin agus na caighdeáin, nó nuair a mheastar go bhfuil rioscaí leanúnacha ann do shláinte agus sábháilteacht na gcónaitheoirí, is féidir leis an bPríomh-Chigire roinnt céimeanna forfheidhmithe rialála a éiríonn níos géire a ghlacadh. In 2025, áiríodh leis sin:

- 162 tuarascáil dearbhaithe iarrtha ar sholáthraithe cláraithe
- 51 cruinniú réamhrabhaidh arna reáchtáil le soláthraithe
- 40 cruinniú rabhaidh arna reáchtáil le soláthraithe
- 48 coinníoll sriantach breise curtha le clárú 41 teach altranais, agus mar thoradh air sin, bhí 100 coinníoll sriantach ag gabháil le clárú 85 teach altranais ag deireadh na bliana
- Iarratas amháin chuig an gCúirt Dúiche chun clárú soláthraí tí altranais amháin a chealú ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht agus cáilíocht bheatha na gcónaitheoirí
- 217 iarratas ceadaithe chun coinníoll a bhaint nó a athrú agus 10 n-iarratas diúltaithe chun coinníoll a bhaint nó a athrú. Diúltaíodh do na hiarratais sin nuair nach raibh an Príomh-Chigire sásta go raibh sé oiriúnach mar a sheas cúrsaí, agus nach ndéanfadh sé dochar do na daoine atá ina gcónaí san ionad ainmnithe

## Aiseolas a fuarthas ó dhaoine faoi thithe altranais in 2025

Le linn 2025, fuarthas 1,154 píosa aiseolais san iomlán maidir le tithe altranais, méadú 13% ar an líon a fuarthas in 2024.

**Fíor A9: Líon na bpíosaí aiseolais a fuarthas faoi thithe altranais i le linn 2025 i gcomparáid le 2024**



## Faisnéis a chuir tithe altranais faoi bhráid HIQA in 2025

Le linn 2025, fuaireamar 20,011 píosa faisnéise ó thithe altranais, rud a léiríonn laghdú 8% i gcomparáid le 2024.

**Fíor A10: Fógraí rialála a fuarthas maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta in 2025 de réir cineáil**




## Seirbhísí leanaí a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Le linn 2025, rinne HIQA 46 cigireacht ar fud seirbhísí leanaí. As na cigireachtaí sin, ba chigireachtaí gan fógra iad 67% díobh, agus ba chigireachtaí fógartha iad 33% díobh.

**Fíor A11: Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích i seirbhísí leanaí le linn 2025 de réir cineáil**



**Fíor A12: Céatadán na gcigireachtaí fógartha agus neamhfhógartha ar sheirbhísí leanaí in 2025**




## Aiseolas a fuarthas ó dhaoine faoi sheirbhísí leanaí in 2025

Le linn 2025, fuaireamar 89 píosa aiseolais maidir le seirbhísí leanaí a ndéanaimid cigireacht, monatóireacht nó rialáil orthu, méadú 22% ar an líon a fuarthas in 2024.

**Fíor A13: Líon na bpíosaí aiseolais a fuarthas faoi sheirbhísí do leanaí de réir cineáil le linn 2025**



## Faisnéis a chuir soláthraithe seirbhísí leanaí agus Tusla faoi bhráid HIQA in 2025

I rith 2025, fuaireamar:

- 35 fógra de theagmhais thromchúiseacha, lena n-áirítear básanna leanaí faoi chúram Tusla, méadú 10 ar fhigiúirí 2024. Ceanglaítear ar Tusla fógra a thabhairt do HIQA maidir le básanna agus teagmhais thromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus leanaí a bhfuil eolas ag a sheirbhís cosanta agus leasa leanaí orthu. Rinneadh measúnú agus rátáil riosca ar an bhfaisnéis uile a fuarthas, agus úsáideadh í chun eolas a dhéanamh dár gclár monatóireachta i gcaitheamh na bliana.
- 53 tuairisc mhonatóireachta ó Tusla. Is tuarascálacha iad sin a sholáthraíonn Tusla maidir lena mhonatóireacht ar sheirbhísí cúraim altrama neamhreachtúla agus ar aonaid cónaithe reachtúla do leanaí.
- 199 fógra ó aonaid sainchúraim, atá faoi oibleagáid fógra a thabhairt dúinn faoi phríomhtheagmhais san ionad, lena n-áirítear 190 fógra monatóireachta agus naoi bhfógra clárúcháin.

**Fíor A14: Líon iomlán na bpíosaí faisnéise a cuireadh isteach a bhaineann le seirbhísí leanaí de réir cineál fógra in 2025**



# C. Rialú Seirbhísí Cúraim Sláinte agus Monatóireacht Orthu

## Monatóireacht ar Sheirbhísí Cúraim Sláinte

In 2025, rinne HIQA 60 cigireacht in aghaidh na *gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr Leagan 2 - Méan Fómhair 2024*. Ina measc bhí:

- 12 chigireacht ar ospidéil mhóra phoiblí de mhúnla 3 agus de mhúnla 4 a raibh roinn éigeandála acu
- 5 chigireacht ar ospidéil speisialtóireachta, mar shampla ospidéil ortaipéideacha, súl agus cluas agus mháithreachais
- 14 chigireacht ar ospidéil de mhúnla 2 nach bhfuil roinn éigeandála acu
- 17 gcigireacht ar ospidéil phríobháideacha
- 12 chigireacht ar sheirbhísí athshlánaithe agus ar sheirbhísí cúraim sláinte pobail d'othair chónaitheacha.

## Aiseolas a fuarthas ó dhaoine faoi sheirbhísí cúraim sláinte in 2025

Idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2025, fuair HIQA 509 píosa faisnéise maidir le seirbhísí cúraim sláinte faoinár sainchúram – bhain 480 díobh le seirbhísí cúraim sláinte agus naoi gcinn le háiseanna a sholáthraíonn nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin. Léirigh sé sin méadú 56% ón mbliain roimhe sin.

**Fíor A15: Líon iomlán na bpíosaí aiseolais a fuarthas faoi sheirbhísí cúraim sláinte in 2025 curtha i gcomparáid**



## Fógraí ó sheirbhísí sláinte faoin Acht um Shábháilteacht Othar

Tháinig an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte) 2023 i bhfeidhm i Meán Fómhair 2024, agus foráiltear leis do nochtadh oscailte éigeantach ó sholáthraithe seirbhísí sláinte maidir le teagmhais áirithe shonraithe (teagmhais infhógartha), agus éilítear leis freisin ar sholáthraithe seirbhísí sláinte HIQA (nó rialtóirí ábhartha eile) a chur ar an eolas nuair a tharlaíonn teagmhas infhógartha.

In 2025, fuair HIQA 144 teagmhas infhógartha ó sholáthraithe seirbhísí sláinte. Nuair a fhaightear an fógra comhlánaithe, déantar measúnú riosca ar an eolas, agus úsáideann HIQA an t-eolas sin mar chuid dá mhonatóireacht ar sheirbhísí.

**Tábla A4: Miondealú ar theagmhais infhógartha a fuarthas de réir chineál an teagmhais in 2025**

| Cineál teagmhais infhógartha | Iomlán |
|---|---|
| 1.10 Leanbh marbh-bheirthe gan choinne agus neamhbheartaithe | 19 |
| 1.11 Bás imbhreithe gan choinne agus neamhbheartaithe | 6 |
| 1.12 Bás neamhbheartaithe othair a gcreidtear gurb é féinmharú ba chúis leis | 5 |
| 1.5 Othar sláintiúil atá ag dul faoi mháinliacht roghnach - bás neamhbheartaithe, gan choinne | 7 |
| 1.6 Bás neamhbheartaithe, gan choinne a bhaineann go díreach le cóireáil leighis ar bith | 40 |
| 1.8 Bás othair a bhaineann le hearráid chógais | 4 |
| 1.9 Bás gan choinne mná agus í ag iompar nó laistigh de 42 lá | 2 |
| 2.1 (a) Leanbh a atreoraítear le haghaidh hipiteirme theiripeach | 61 |
| **Iomlán** | **144** |

## Nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialú

Ag an 31 Nollaig 2025, bhí HIQA freagrach as rialú a dhéanamh ar 1,422 saoráid raideolaíoch leighis in Éirinn a dhéanann nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin. Ina measc, tá raon seirbhísí ó ospidéil ghéarmhíochaine mhóra a sheachadann ilchineálacha gnáthamh raideolaíoch leighis go cleachtais fiaclóireachta bheaga.

In 2025, rinneamar 25 cigireacht ar shaoráidí a sholáthraíonn seirbhísí raideolaíocha leighis. Tugadh tús áite do na cigireachtaí sin mar chuid de chur chuige rioscabhunaithe i leith na rialála. Fuaireamar 46 ceistneoir féinmheasúnaithe do sholáthraithe seirbhíse nua, agus rinneamar measúnú orthu, in 2025.

## Fógraí um nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin

In 2025, fuarthas 338 fógra maidir le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin. Ina measc bhí:

- 148 fógraí faoi nochtadh timpisteach agus neamhbheartaithe do radaíocht ianúcháin. Rinneadh measúnú ar na fógraí sin agus ar na tuarascálacha leantacha ina dhiaidh sin, rinneadh rátáil riosca orthu, agus úsáideadh iad mar bhonn eolais a chur faoin gclár rialála.
- 190 fógraí riaracháin maidir le hathruithe ar shonraí seirbhíse, dearbhuithe faoi fhiontair nua agus iarratais chun rochtain a fháil ar thairseach soláthraithe ar líne HIQA.

**Fíor A16: Fógraí a fuarthas maidir le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin in 2025**




# D. Monatóireacht ar ionaid Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS)

Idir mí Eanáir agus mí na Nollaig 2025, rinne HIQA 37 cigireacht ar 32 ionad cóiríochta. Bhí níos mó ná cigireacht amháin ag ceithre ionad cóiríochta laistigh den tréimhse ama sin. As na 37 cigireacht a rinneadh, fógraíodh 14 acu le fógra dhá lá, agus níor fógraíodh 23 acu.

## Aiseolas a fuarthas ó dhaoine faoi Sheirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta in 2025

I rith na bliana, fuaireamar 20 píosa aiseolais san iomlán faoi ionaid chóiríochta atá faoinár sainchúram.

Ba iad daoine a bhí ag úsáid seirbhísí a sholáthair 75% (15) de na píosaí faisnéise a fuarthas faoi ionaid chóiríochta, agus fuarthas 15% (3) eile díobh ó fhostaithe, fad is a sholáthair foinsí eile (2) 10% de na píosaí a fuarthas.

**Fíor A17: Líon na bpíosaí aiseolais a fuarthas faoi sheirbhísí cóiríochta in aghaidh na míosa in 2025**




## Faisnéis a chuir soláthraithe Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta faoi bhráid HIQA in 2025

Idir mí Eanáir agus mí na Nollaig 2025, fuarthas 248 fógra ó sholáthraithe seirbhíse.

**Fíor A18: Líon iomlán na bpíosaí faisnéise a cuireadh isteach a bhaineann le hIonaid Cóiríochta de réir cineál fógra in 2025**



# E. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tá HIQA tiomanta do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus tá cur chuige aige atá bunaithe ar chearta an duine i leith na hoibre a dhéanann HIQA i gcomhréir leis an Acht Fá Choimisiún Na hÉireann Um Chearta An Duine Agus Comhionannas, 2014.

Le linn an phróisis pleanála a rinneadh chun Plean Corparáideach 2025-2027 a fhorbairt, rinneamar measúnú críochnúil ar ár bpolasaithe agus ar ár gcleachtais reatha chun a chinntiú go raibh siad ag teacht lenár dtiomantas chun cearta an duine, an éagsúlacht agus an comhionannas a chur chun cinn. Is éard a bhí sa mheasúnú sin ná athbhreithniú cuimsitheach ar ár misean agus ar ár luachanna, i dteannta le scrúdú ar acmhainní daonna, iarrachtaí i leith éagsúlachta agus ionchuimsitheachta agus ar riachtanais daoine atá ag úsáid seirbhísí. Rinneamar idirghníomhú le páirtithe leasmhara éagsúla chun léargais a bhailiú agus chun a chinntiú go raibh dearcthaí éagsúla mar bhonn dár gcur chuige, agus scrúdaíomar roinnt príomhréimsí atá ríthábhachtach chun cearta an duine agus an comhionannas a chothú laistigh dár gcreat rialála, lena n-áirítear rialáil seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, cleachtais mhonatóireachta agus chigireachta, agus iarrachtaí chun cáilíocht agus sábháilteacht a chur chun cinn.

De thairbhe sin, d'aimsíomar deiseanna le haghaidh feabhsaithe agus chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a ailíniú chun cearta daonna, comhionannas agus iontaofacht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn a chur chun cinn:

- **Fócas ar thorthaí:** Ní mór dúinn tús áite a thabhairt d'fhíoréifeacht ár ngníomhaíochtaí rialála a thomhas, ag bogadh ó chás nach ann ach torthaí a rianú i dtreo tuiscint ar an gcaoi lena gcuireann ár ngníomhaíochtaí cearta daonna agus cúram níos sábháilte agus níos fearr chun cinn, chun caighdeán an chúraim a fheabhsú. Leanfaimid d'aiseolas cáilíochtúil a bhailiú ó dhaoine ag úsáid seirbhísí chun a áirithiú go bhfuil ár straitéisí treoraithe ag a dtaithí.
- **Forbairt polasaí:** Tá gá ann ár ról maidir le treorú forbartha beartais a leathadh ach saincheisteanna córasacha a aimsiú go gníomhach trínár dtorthaí. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir linn cur le foirmiú de bheartais éifeachtacha atá i gcomhréir le caighdeáin chearta daonna agus chomhionannais.
- **Cearta Daonna agus comhionannas a chomhcheangal le cleachtais:** Ba cheart dúinn a áirithiú go léiríonn ár gcreat rialála gealltanas do chearta daonna agus do chomhionannas i gcónaí. Baineann sé sin leis na prionsabail sin a chomhtháthú lenár gcleachtais mhonatóireachta agus chigireachta chun a dhearbhú go dtacaíonn na seirbhísí uile leis na luachanna sin.
- **Éagsúlacht an fhórsa oibre agus rannpháirtíocht foirne:** Tá sé ríthábhachtach ár bhfócas ar éagsúlacht a neartú laistigh dár bhfórsa oibre chun na pobail a bhfreastalaímid orthu a léiriú. Tá sé barrthábhachtach a aithint an tábhacht a bhaineann le hiompar na foirne chun cearta daonna agus comhionannas a chosaint maidir le cultúr tacúil agus ionchuimsitheach inmheánach a chothú. Agus rannpháirtíocht á spreagadh againn le baill foirne ar gach leibhéal i bpléití fiúntacha ar chearta daonna, cinnteofar ní hamháin go dtuigfear na luachanna sin, ach go gcomhtháthófar iad go gníomhach inár ngníomhaíochtaí laethúla. Leis an gcur chuige sin, cuirfear lenár gcleachtais rialála trí dhearcthaí éagsúla a leabú i bpróisis chinnteoireachta, rud a fheabhsóidh ár n-acmhainn chun torthaí cothroma a sholáthar.

Mar chuid dár bPlean Gnó don bhliain 2025, ghlacamar bearta chun tacú níos fearr le cearta an duine agus comhionannas i gcaitheamh ár gcuid oibre. Áirítear leis sin straitéisí a chur i bhfeidhm lena gcinnteofar go mbeidh ár n-obair treoraithe ag dearcthaí éagsúla, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a dhéanamh go gníomhach agus na próisis atá againn a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun iontaofacht na seirbhísí atá á rialú againn a chosaint. Tá achoimre sa tábla thíos ar na gníomhartha agus ar an dul chun cinn maidir lena gcur i bhfeidhm.

## Tábla A5: Gníomhartha Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

| | Gníomh | Stádas |
|---|---|---|
| **1** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta lena n-áirítear cigireachtaí rialála, cigireachtaí bunaithe ar riosca, cigireachtaí dírithe amhail cigireachtaí um chosc agus rialú ionfhabhtuithe agus cigireachtaí téamacha, mar aon le ceanglais eile a mheasann an Príomh-Chigire a bheith riachtanach. | Críochnaithe |
| **2** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear cigireachtaí rialála, cigireachtaí bunaithe ar riosca, cigireachtaí dírithe amhail cigireachtaí um chosc agus rialú ionfhabhtuithe agus cigireachtaí téamacha, mar aon le ceanglais eile a mheasann an Príomh-Chigire a bheith riachtanach. | Críochnaithe |
| **3** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus seirbhísí cúraim altrama in aghaidh na *gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (2012) agus na *gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Altrama* (2003), de réir mar is cuí, lena n-áirítear cigireachtaí monatóireachta, cigireachtaí rioscabhunaithe (cur chuige an tsoláthraí) chomh maith le ceanglais eile a mheasann HIQA a bheith riachtanach. | Críochnaithe |
| **4** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar leanaí atá faoi chúram Tusla, lena n-áirítear monatóireacht rialta ar sheirbhísí ionad cónaithe do leanaí agus clár dírithe um chigireachtaí cumhdaithe. | Críochnaithe |
| **5** | Cigireacht bunaithe ar chearta a dhéanamh ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh de réir Chreat Chearta Leanaí Bhaile an Oibricigh. | Críochnaithe |
| **6** | Cigireacht bunaithe ar chearta a dhéanamh ar aonaid sainchúraim in aghaidh na Rialachán um Chúram agus Leas Leanaí in Aonaid Sainchúraim 2017. | Críochnaithe |
| **7** | Leanúint de mhodheolaíocht a fhorbairt do chlár téamach bunaithe ar chearta ina ndéantar athbhreithniú ar úsáid cleachtas sriantach laistigh de shuíomhanna cúraim dhaingin. | Críochnaithe |
| **8** | Múnla a fhorbairt le go mbeadh páirt níos mó ag na daoine a úsáideann seirbhísí in obair HIQA. | Ar siúl |
| **9** | Leanúint de bheith ag plé leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais maidir le réimsí leasa fhrithpháirtigh amhail tacaíocht bhaile do dhaoine faoi mhíchumas | Críochnaithe |
| **10** | Scrúdú a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim a leathnú chuig ospidéil phríobháideacha chun é a ailíniú le sainchúram níos leithne HIQA faoin Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 | Críochnaithe |
| **11** | An Suirbhé Náisiúnta ar an Eispéireas Máithreachais a sheachadadh agus na tuarascálacha náisiúnta agus ospidéil gaolmhara a fhoilsiú. | Críochnaithe |

| | Gníomh | Stádas |
|---|---|---|
| **12** | Treoir agus uirlisí a fhorbairt agus a nuashonrú chun tacú le cur i bhfeidhm na gcaighdeán náisiúnta sa chleachtas, lena n-áirítear treoir maidir le cumarsáid a dhéanamh go soiléir, treoir don chúram altrama agus acmhainn acadúil ar chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine. | Críochnaithe |
| **13** | Tacú le foghlaim san earnáil cúraim shóisialta níos leithne trí pháipéir acadúla a fhoilsiú. | Críochnaithe |
| **14** | Fianaise a shintéisiú agus comhairle fianaisebhunaithe a sholáthar chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta sláinte poiblí i bplean oibre a chomhaontófar leis an Roinn Sláinte. | Críochnaithe |
| **15** | Modheolaíocht bunaithe ar dhea-chleachtas a fhorbairt chun dul i gcomhairle le leanaí le linn cigireachta. | Críochnaithe |
| **16** | Seachadadh Chlár Oibre Acmhainní Daonna 2025 a bhaineann le spriocanna inseachadta sonracha a aithníodh laistigh de Straitéis Daoine agus Chultúir HIQA 2025–2027. | Críochnaithe |
| **17** | Straitéis Daoine agus Chultúir HIQA 2025–2027 a fhoilsiú. | Críochnaithe |
| **18** | Na gníomhartha uile a chur i gcrích is gá chun ár ngealltanais a chomhlíonadh faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí. | Críochnaithe |

# F. Deontais agus Duaiseanna

## Gradaim Rochtana Oscailte Leabharlann FSS

Bhuaigh HIQA agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) an Gradam um Sheirbhísí Comhtháite ag Gradaim Rochtana Oscailte Leabharlann FSS 2025 don pháipéar acadúil, *If it wasn't for us, there would be no data: stakeholders' perspectives on patient involvement in the use of health data in Ireland.* Fiosraíodh sa pháipéar an chaoi a bhféachann othair, gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí agus an tionscal toiliú, úinéireacht sonraí agus páirtíocht phoiblí maidir le todhchaí sonraí sláinte na hÉireann a mhúnlú.

## Staidéar Laistigh d'Athbhreithniú (SWAR)

I Meitheamh 2025, tháinig críoch le Staidéar Laistigh d'Athbhreithniú (SWAR), a bhí maoinithe ag Evidence Synthesis Ireland, ina ndearnadh fiosrú ar íogaireacht agus iomláine straitéisí cuardaigh a tógadh agus úsáid á baint as uirlis minicíochta focal mianadóireachta téacs (PubReMiner) i gcomparáid leis an dea-chleachtas reatha ó thaobh tógáil straitéisí cuardaigh. Cuireadh an staidéar sin isteach lena fhoilsiú.

## Feistí Leighis Ardriosca

I gcomhpháirtíocht le Scoil na Cógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, tá tionscadal tosaithe againn dar teideal "Implications of the EU Regulation on Health Technology Assessment (HTAR) for high-risk medical devices and in-vitro diagnostics (IVDs) in Ireland." Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal sin, a rinneadh le tacaíocht airgeadais ó Thaighde Éireann, trí CÚRAM, Ionad Thaighde Éireann um Fheistí Leighis, iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh tionchar ag cur i bhfeidhm na Rialachán maidir le HTA ar phróisis aisíocaíochta agus chinnteoireachta le haghaidh feistí leighis agus DIV (diagnóisic in vitro) ardriosca ar fud thíortha AE/LEE. Tháinig dhá aschur as an taighde sin in 2025: 'Mapping current decision-making pathways and reimbursement processes for high-risk medical devices in EU/EEA member states and the UK: a scoping review' agus 'The Early Experiences of Health Technology Assessment Bodies in the Implementation of the European Union Health Technology Assessment Regulation for High-Risk Medical Devices: A Qualitative Study'. Cuireadh iad sin faoi bhráid na Roinne Sláinte chun eolas a dhéanamh do bheartas maidir le cur i bhfeidhm na Rialachán maidir le HTA.

## An Gradam Comhpháirtíochta Feidhmí

Bhí HIQA ina chomhiarratasóir ar Ghradam Comhpháirtíochta Feidhmí an Bhoird Taighde Sláinte, a bhí faoi stiúir an Dr Barbara Clyne, RCSI, dar teideal 'Rapid Health Technology Assessments (rHTA) in Ireland: when do we need them?' Bhí sé mar aidhm ag an taighde sin mionléiriú a dhéanamh ar shainmhíniú agus ról HTAnna i gcomhthéacs an fhaisnéis a sholáthar do pholasaí ar an leibhéal náisiúnta, do chinntí seirbhíse sláinte agus do chleachtas idirnáisiúnta. Ag eascairt as an ngradam sin, a tháinig chun deiridh in 2025, tá eolas á dhéanamh fós do phléití leanúnacha maidir le conas is féidir tionscadail HTA a chur i gcrích ar bhealach difriúil.

## Clár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis atá ag Radaíocht Ianúcháin

Bhí HIQA ina chomhiarratasóir ar Ghníomhaíocht Chomhpháirteach ullmhúcháin Chlár Oibre Straitéiseach de chuid Choimisiún na hEorpa maidir le Feidhmeanna Leighis atá ag Radaíocht Ianúcháin (SAMIRA), a fuair maoiniú ó chlár EU4Health. Tionscadal PriSMA a tugadh air, agus bhain an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach ullmhúcháin le comhoibriú le 18 n-Údarás Inniúil eile chun tacú le cur i bhfeidhm forbairtí, agus iad a chothú, i réimse na gceisteanna cáilíochta agus sábháilteachta a bhaineann le feidhmeanna leighis atá ag radaíocht ianúcháin ar fud bhallstáit uile an AE. Chríochnaigh tionscadal PriSMA in 2025, agus glacfaimid páirt sa phríomh-Ghníomhaíocht Chomhpháirteach, ar a dtugtar AURORad (Treochlár Aontaithe a chur chun cinn i leith cur chun feidhme an chláir oibre straitéisigh maidir le feidhmeanna leighis atá ag radaíocht ianúcháin), atá le tosú in 2026.

# G. An Cód Rialachais

Tá HIQA tiomanta d'oibriú de réir na gcaighdeán is airde rialachais chorparáidigh. Inár gCód Rialachais, déantar cur síos ar struchtúr rialachais HIQA, agus leagtar amach go soiléir do na páirtithe uile, don Bhord, don fhoireann nó do pháirtithe leasmhara seachtracha, na róil, córais agus nósanna imeachta príomha in HIQA.[3]

Is cuid de Chreat Rialachais agus Dearbhaithe foriomlán HIQA é an Cód Rialachais, agus is léiriú é ar an reachtaíocht a gcaithfidh sé feidhmiú fúithi, ar threoirlínte an Rialtais agus socruithe agus cleachtais eagraíochtúla chun gnó HIQA a stiúradh agus a rialú. I dteannta an Chóid Iompair Gnó, tá leagtha amach ann na caighdeáin rialachais agus na córais a faoina n-oibríonn HIQA. Tá dualgas ar gach ball foirne agus comhalta Boird dea-rialachas a fheidhmiú agus na forálacha a leagtar amach sna Cóid sin agus i mbeartais agus nósanna imeachta HIQA a chomhlíonadh. Cuirtear treoir ar fáil sa Chód chun tacú leis an mBord, le bainisteoirí sinsearacha agus leis an bhfoireann uile agus dea-rialachas á fheidhmiú acu agus iad i mbun a gcuid dualgas.

Gach bliain, cuireann an Bord Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach i láthair. Foilsítear na ráitis sin i gcomhar le cuntais airgeadais HIQA.

# H. Saoráil Faisnéise

Fuair HIQA 65 iarratas nua ar Shaoráil Faisnéise (SF) in 2025, agus tugadh trí iarratas ar aghaidh ó 2024. Tá sonraí breise ar na hiarratais sin ar fáil sna táblaí thíos.

**Tábla 6: Miondealú ar theagmhais infhógartha a fuarthas de réir chineál an teagmhais in 2025**

| Iarratais SF in 2025 | |
|---|---|
| Tugtha ar aghaidh ó 2024 | 3 |
| Faighte in 2025 | 65 |
| **Iomlán Iarrataí a Láimhseáladh** | **68** |
| Tugtha ar aghaidh chuig 2026 | 0 |
| Dúnta in 2025 | 68 |

# I. Bainistíocht Gearán

Cuireann HIQA fáilte roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus a iompar agus a dhualgais agus a fhreagrachtaí reachtúla á gcomhlíonadh aige. Féadfaidh an t-aiseolas sin teacht ó sholáthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus ón bpobal i gcoitinne. Féachann HIQA ar ghearáin mar dheiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas agus nósanna imeachta, agus réimsí le feabhsú a shainaithint. Is mian linn freisin gearáin a réiteach ar mhodh éifeachtach tráthúil agus úsáid a bhaint as cur chuige um réiteach luath ar ghearáin nuair is féidir. Le linn 2025, fuair HIQA 15 ghearán, agus próiseáladh agus bainistíodh iad uile i gcomhréir lenár mbeartas.

3 Tá an Cód Rialachais foilsithe ar shuíomh gréasáin HIQA.

# J. Acht na dTeangacha Oifigiúla

Leanann HIQA de bheith ag obair i dtreo chomhlíonadh a gcuid dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus faoin Acht (Leasú), 2021.

In 2025, leanamar orainn oideachas a chur ar fáil dár bhfoireann maidir lenár bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trínár gcumarsáid inmheánach agus ár n-imeachtaí. I gcomhréir lenár gceanglais, chuireamar stáiseanóireacht dhátheangach ar fáil, rinneamar glórphoist agus ríomhphoist freagartha uathoibríocha a nuashonrú ionas go mbeidís dátheangach, chruthaíomar póstaeir dhátheangacha, agus leanamar orainn le fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla araon. D'fhreagraíomar i nGaeilge ar fhiosrúcháin a fuaireamar i nGaeilge. Chinntíomar freisin go raibh faisnéis faoi HIQA ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin.

Chuir HIQA a thuarascáil 2025 ar íoscheanglais fógraíochta faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i gcomhréir leis na hamlínte reachtaíochta.

# K. Nochtaí Cosanta

Faoi mar atá leagtha amach in alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá tuarascáil bhliantúil foilsithe ag HIQA ina leagtar amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas in 2025 agus an ghníomhaíocht a rinneadh. Ní bhfuarthas aon tuarascálacha inmheánacha faoin mBeartas agus Nós Imeachta Nochtuithe Cosanta i rith 2025.

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

**Arna fhoilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y
Fón: +353 (0) 1 814 7400
Ríomhphost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie
© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2026